

H. M. 283.

THE
CONFESSION of FAITH,
Larger and *Shorter*
CATECHISMS,

Agreed upon by

The Assembly of Divines at *Westminster*, with the Assistance of Commissioners from the CHURCH of *SCOTLAND*,

As a Part of the Covenanted Uniformity in Religion betwixt the Churches of CHRIST in the Three Kingdoms *Scotland*, *England*, and *Ireland*.

Translated into the Irish *Language by the Synod of* ARGYLE.

Entred in Stationers Hall.

EDINBURGH,
Printed by *Thomas Lumisden* and *John Robertson*, and sold at their Printing-house in the *Fish-market*. MDCCXXV.

Charles I. Parl. 2. Seſſ. 2. Act 16.

Act anent the Catechiſms, Confeſſion of Faith, and Ratification thereof.

At *Edinburgh, February* 7. 1949.

THE Eſtates of Parliament now preſently conveened in this ſecond Seſſion of the ſecond Triennial Parliament, by vertue of an Act of the Committee of Eſtates, who had Power and Authority from the laſt Parliament for conveening the Parliament, having ſeriouſly conſidered the *Catechiſms*, viz. the *Larger* and *Shorter* ones, with the *Confeſſion of Faith*, with three Acts of Approbation thereof, by the Commiſſioners of the General Aſſembly, preſented unto them by the Commiſſioners of the ſaid General Aſſembly; Do ratifie and approve the ſaid *Catechiſms*, *Confeſſion of Faith*, and *Acts of Approbation* of the ſame, produced as it is; and ordains them to be recorded, publiſhed and practiſed.

ADMHAIL
AN
CHREIDIMH,

Air an do Reitigh air ttus
Coimhthionol na *nDiaghaireadh*
Aig *Niarmhoiniſter*, an

SASGAN;

Leis an Daontuighe
Ard-ſeanadh Eagluis na

HALBANN,

Chum a bheith na Chuid egin, do CHOIMHREITE CREIDIMH, edir Eaglaiſaibh CHRIOSD annſna tri Rioghachdaibh.

Ar na chur a *Ngaoidheilg*, le *Seanadh* EARRAGHAOIDHEAL.

Air na Chlodhbhualadh (a nois an Chead uair) aig *DUINEUDUIN*, le *Thomais Lumiſden* agus *Eoin Robertſoin*, a Mbliaghan ar Dtighearna MDCCXXV.

NATIONAL LIBRARY OF SCOTLAND
B
26 MR
1935

LAURISTON CASTLE
LIBRARY ACCESSION

Assembly at Edinburgh, Aug. 27. 1647.
Sess. 23.

Act approving the Confession of Faith.

A *Confession* of *Faith* for the Kirks of God, in the Three Kingdoms, being the chiefest Part of that Uniformity in Religion, which, by the *Solemn League and Covenant*, we are bound to endeavour; and there being accordingly, a *Confession of Faith* agreed upon, by the Assembly of Divines sitting at *Westminster*, with the Assistance of Commissioners from the Kirk of *Scotland*; Which *Confession* was sent from our Commissioners at *London*, to the Commissioners of the Kirk met at *Edinburgh*, in *January* last, and hath been in this Assembly twice publickly read over, examined and considered; Copies thereof being also printed, that it might be particularly perused by all the Members of this Assembly, unto whom frequent Intimation was publickly made, to put in their Doubts and Objections, if they had any; and the said Confession being, upon due Examination thereof, found by the Assembly,

bly, to be moſt agreeable to the Word of God, and in nothing contrary to the received Doctrine, Worſhip, Diſcipline and Government of this Kirk. And *laſtly*, It being ſo neceſſary, and ſo much long'd for, that the ſaid *Confeſſion* be, with all poſſible Diligence and Expedition, approved and eſtabliſhed in both Kingdoms, as a principal Part of the intended Uniformity in Religion, and as a ſpecial Means for the more effectual ſuppreſſing of the many dangerous Errors and Hereſies of theſe Times. The General Aſſembly doth therefore, after mature Deliberation, agree unto, and approve the ſaid *Confeſſion* as to the Truth of the Matter (judging it to be moſt Orthodox, and grounded upon the Word of God) and alſo, as to the Point of Uniformity, agreeing, for our Part, that it be a common *Confeſſion of Faith* for the Three Kingdoms. The Aſſembly doth alſo bleſs the Lord, and thankfully acknowledge his great Mercy, in that ſo excellent a *Confeſſion of Faith* is prepared, and thus far agreed upon in both Kingdoms, which we look upon, as a great ſtrengthning of the true Reformed Religion, againſt the common Enemies thereof. But, leſt our Intention and Meaning be in ſome Particulars miſunderſtood, it is hereby expreſly declared and provided, That the not mentioning in this *Confeſſion*, the ſeveral

Sorts

Sorts of Eccleſiaſtical Officers and Aſſemblies, ſhall be no Prejudice to the Truth of Chriſt, in theſe Particulars, to be expreſſed fully in the *Directory* of *Government*. It is further declared, That the Aſſembly underſtandeth ſome Parts of the ſecond Article of the Thirty one Chapter, only of Kirks not ſettled, or conſtituted in Point of Government; And that although, in ſuch Kirks, a Synod of Miniſters, and other fit Perſons, may be called by the Magiſtrates Authority and Nomination, without any other Call, to conſult and adviſe with, about Matters of Religion; and although likewiſe, the Miniſters of Chriſt, without Delegation from their Churches, may of themſelves, and by vertue of their Office, meet together Synodically in ſuch Kirks, not yet conſtituted; yet neither of theſe ought to be done, Kirks conſtituted and ſettled: It being always free to the Magiſtrate to adviſe with Synods of Miniſters and Ruling Elders, meeting upon Delegation from their Churches, either ordinarily, or being indicted by his Authority, occaſionally and *pro re nata*; it being alſo free to aſſemble together Synodically, as well *pro re nata*, as at the ordinary Times, upon Delegation from the Churches, by the intrinſical Power received from Chriſt, as often as it is neceſſary for the Good of the Chureh, ſo to aſ-

ſemble,

ſemble, in caſe the Magiſtrate, to the Detriment of the Church, withhold or deny his Conſent, the Neceſſity of occaſional Aſſemblies being firſt remonſtrate unto him, by humble Supplication.

A. KER.

ADMHAIL

ADMHAIL AN CHREIDIMH;

Air an do Reitigh air ttus, COIMHTHIONOL na nDIAGHAIREADH, aig *NIARMHOINISTER* a *SASGAN*:

Leis an Daontuighe Ard-Seanadh Eagluis na *HALBANN*, chum a bheith na Chuid egin, do CHOIMHREITE CREIDIMH, edir Eaglaisibh CHRIOSD, annsna Tri Rioghachdaibh.

CAIB. I.

Man Scrioptuir Naomhtha.

I. GE go bhfuil Solus Naduire, agus Oibrighe an Chruthaigh agus an Fhreasdail, ag foillsiughadh Maitheas, Gliocas, agus Cumhachd DHE, ionnas gu bhfuilid ag fágbhail Dhaoine gun Lethsgeul *a*; gi-

a Romh. 2. 14, 15. *Romh.* 1. *agus* 19, 20. *Salm* 19. 1, 2, 3. *Romh.* 1. 32. *le Caib.* 2. 1.

dheadh ni hédir leó an Teólas ſin air DHIA agus air a Thoil, ata feudhmoi chum † Sláinte, do thabhair uatha *b*. Uime ſin chunca don Tighearna, iomadh Uair agus air iomdha Modh, é feín do fhoillſiughadh, agus a Thoi úd do thaisbeunadh da Eagluis *c*; agu na dhiaigh ſin, ſo do chur gu hiomlan ſío ann a Scríobhadh, chum an Fhirinn d choimhead agus do chraobhſgaoileadh ni i fearr, chum barrthachd Daingnighe agu Comhthurtachd na Heagluiſe, anaghaid Truailleadh na Feóla, agus Míorui † an Aidhbhirſeoir, agus an Tſac ghail *d*; agus do bhríogh ſo at an Scriobtuir Naomhtha rc fhéudhmoil *e*, air ſgur anois do na céuc mhodhaibh ſin ina raibh DIA ag foillſiugh adh a Thoile da Phobul *f*.

† *Sabhaladh*, no *Sabhaltas*, no *Sabhaltachd*.

† *Shatain*.

b 1 *Ccor*. 1. 21. 1 *Ccor*. 2. 13, 14. c *Eabh* 1. 1. d *Sean-fhoc*. 22. 19, 20, 21. *Luc*. 1. 3,. *Romh*. 15. 4. *Matt*. 4. 4, 7, 10. *Iſaiah* 8. 1 20. e 2 *Tim*. 3. 15. 2 *Phead*. 1. 19. f *Eabh* 1. 1, 2.

II. Faoi Ainm an Scriobtuir Naomhth no Fhocail ſcríobtha DHE, ata anois ui Leabhair an Tſeintiomna, agus an Tiomi Nuaidh, agus 'ſiad ſo iad,

LEABHAI

LEABHAIR an TSEINTIOMNA.

Leabhar
na Geineoluigh
na Himtheachd
no *Exodus*
na nLebhiteach
na Naireamha
Alris an Lagha,
no *Deuteronomie*
Joshua
na mBreitheamhuin
Ruit.
Ceud Leabhar Shamuel
Dara Leabhar Shamuel
Ceud Leabhar na Nrioghruidh
Dara Leabhar na Nrioghruidh
Ceud Leabhar an Tseanachais
Dara Leabhar an Tseanachais.
Esra
Nehemiah
Ester
Job

Leabhar
na nSalm
na nSeanfhocail
an Tseanmoruigh,
Laoidh na nLaoidhidh,
no *Laoidh Sholaimh.*

Faidheadoireachd
Isaiah
Jeremiah.
Caoi Jeremiah.

Faidheadoireachd
Ezechieil
Dhanieil
Hosea
Joel
Amois
Obadiah
Jonah
Mhicah
Nahum
Habaccuc
Shephaniah
Haggai
Shechariah
Mhalachi.

LEABHAIR an TIOMNA NUAIDHE
Eadhon,

An Soisgeul do reir

Matta
Mharc
Lucas
Eoin.

Gniomhartha na Nabsdal.

Litir Phoil Absdail chum
na Romhanach
na Ccorintianach I
na Ccorintianach II
na nGalatianach
na nEphesianach
na Philippianach
na Gcolossianach
na dTessalonianach I
na dTessalonianach II.
Cead Litir Phoil chum Timoteus
Dara Litir Phoil chun Timoteus
Litir Phoil chum Titus
Litir Phoil chum Phileamoin
An Litir cum na Neabhrughibh
Litir Sheamuis Absdail
Ceud Litir Pheadai Absdail
Dara Litir Pheadair
Ceud Litir Eoin Absdail
Dara Litir Eoin
Treas Litir Eoin
Litir Juid Absdail
Leabhar anFhoillsiugh aidh.

Agus do bheith na Leabhairse uile air na ndeachdadh le Spiorad DE, chum bheith na nRiaghail Creidimh agus Beathaidh *g.*

g *Luc.* 16. 29, 31. *Ephes.* 2. 20. *Foillsiugh* 22. 18, 19. 2 *Tim.* 3. 16.

III. Na

III. Na Leabhair da ngoirthear gu coitchionna na Hapocripha, ni ccuid air bith do Riaghail an Scriobtuir iad, do bhrìogh nach rabhadar air na nDeachdadh le Spiorad DE, agus uime sin ni bhfuil Ughdarras air bith aca a Neagluis DE, agus ni gcoir a meas no a ngnathughadh, achd mar Scriobhthaidhe eile Dhaonna *h*.

h *Luc.* 24. 27, 44. *Romh.* 3. 2. 2 *Phead.* 1. 21.

IV. Ni hann o Theistis Dhuine, no Eagluise, air bith, ata Ughdarras an Scriobtuir Naomhtha, ma gcoir Creidmheas agus Umhlachd a thabhairt do; ach gu hiomlan o DHIA, (neach a sé an Fhirinn féin) Ughdarr an Scriobtuir, uime sin is coir gabhail ris an Scriobtuir, air an Adhbhar gur é Focal DE *i*.

i 2 *Phead.* 1. 19, 21. 2 *Timot.* 3. 16. 1 *Eoin* 5. 9. 1 *dTeſsal.* 2. 13.

V. Feudfuidh Teisteas na Heagluise ar mbrosnughadh agus ar ttaruing chum Meas mór agus urramach do bhith aguin air an Scriobtuir Naomhtha *k*. Agus ata Neamhthachd na Cuise, Eifeachd an Teagaisg, Móralachd na mBriathar, Coimhsheirm gach cuid de re a cheile, an Chríoch gus a bhfuil sé uile, (eadhon an uile Ghlóir a thabhairt do DHIA) an Lánsoillsiughadh ata sé ag dean-

k 1 *Tim.* 3. 15.

amh air an aon Slighe ſin ata chum Sláinte an Duine, na hiomdha Deadhbhuaidheadha oile gun choimeas, agus a Fhoirfidheachd iomlan, na nRiaſuin leir bhfuil ſé ag dearbhadh gu leór-ſhoilleir, gur é fein Focal DE ; achd gidheadh 'ſann o Obair an Spioraid Naoimh, a dtaobh a ſtigh, ag togbhail Fiadhnuiſe tríd an Fhocail, agus leis, ionar Geroidhthaibh, ata ar lán Chinnte agus Dearbhbeachd air Firinn * Neamhmhearachdach agus Ughdarras Dhiadha an Scriobtuir *l*.

l 1 *Eoin* 2. 20, 27. *Eoin* 16. 13, 14. 1 C*cor.* 2. 10, 11, 12. *Iſai.* 59. 21.

VI. Ata uile Chomhairle DHE fa thimchioll na huile Neithibh ta féudhmoil chum a Ghlóire fein, Sláint' an Duine, Creideamh agus Beatha, air a cur sios gu ſoilleir direach ann ſa Scrioptuir, no fédfir a tarruing le Deadhriaſunughadh daingionn ón Scriobtuir; Ris nach cóir einni do chur, uair air bhith, cia aca 'ſann o Nuadhfhoillſiughadh Spioraid, no o †Thradiſioin Dhaoine *m*. Gidheadh admhuighmid go bhfuil Soillſiughadh Spioraid DE a leth a ſtigh féudhmoil chum na neithe ſin ata air na mhfoillſiughadh 'ſan Fhocal do thuigſin gu Slainteamhuil *n* : Agus gu bhfuil neithe égin

† *Faic an Litir ſhuas.*

m 2 *Tim.* 3. 15, 16, 17. *Gala.* 1. 8, 9. 2 *nTeſſ.* 2. 2. n *Eoin* 6. 45. 1 C*cor.* 2. 9, 10, 11, 12.

foiriomalach,

oiriomalach, fathimchioll Adhradh DHE, agus Riaghailteachd na Heaglais, cumanta lo Ghniomharthaibh, agus lo † Chomhchomunaibh Dhaonna, ata re na nriaghlughadh le Soilse Náduir, agus le Eagna Crioſdamhoil, do réir Riaghailibh † choitchionda an Fhocail, ata do ghná re na ntabhairt fa dear *o*.

† *Chomhchuideachdaibh.*

† *gheneralta.*

o 1 *Ccor.* 11. 13, 14. 1 *Ccor.* 14. 26, 40.

VII. Ni bhfuil na huile neithe ata 'ſan Scriobtuir comhſhothuigſighe ionnta fein, na comhſhoilleir do gach einneach *p* : Gidheadh na neithe ſin as feudhmoil fios do bheith orra, a gcreidſin, agus a gcoimhead, chum Slainte; ataid comhſhoilleir air na gcur sios agus air na mhfoſgladh a náit égin 'ſan Scriobtuir, as gu bhféud ni amhain Daoine Fóghlamtha, achd fós Daoine Neamhfhóghlomtha, a nduigſin go diongmhalta, ann a foghnamh dligheach a dheanamh do na Meadhoine gnathuighte *q*.

p 2 *Phead.* 3. 16. q *Salm.* 119. 105, 130.

VIII. Air bheith don Tſeintiomna 'ſan Eabhra (Canamhuin dhúthuighe Phobuil DE 'ſan Tſeanaimſir) agus don Tiomna Nuadh a Ngréigis (an Chanamhuin air a mbeólaigh na Fineadhacha gu coitchionda 'ſan am inar Scriobhadh é) air na ndeachdadh

dadh le DIA gu neimhmeadhoineach, agus tríd a Chúram agus a Fhreasdal airid air na gcoimhead fíorghlan air feadh gach uile Linn, ataid uime sin Príomh-Ughdarrach *r*; ionnas gur coir don Eaglais gach connsboid mu Chreideamh do leigionn fadheireamh, gu hiomlan † fá Nráidhthe *s*. Achd air an Adhbhar nach bhfuil Eólas air na Ceadchánamhnaibh úd aig Pobul DE uile, aig a bhfuil coir air na Scrioptuiribh, agus da mbuin siad, agus da bhfuil air ordughadh iad da nléughthadh agus da mrannsughadh a Neagal DE *t*: Uime sin as coir a gcur a Ccánamhuin ghnathuighthe gach Dúthcha gus a dtig siad *u*, chum air bheith do Fhocal DE na chomhnuidh gu Saidhbhir annsna huilibh, go ndeanaidis Adhradh dhó air mhodh taitneamhach *w*; agus gu mbiodh Dóchas aca tríd Foighid agus Comhfhurtachd na Scrioptuiridh *x*.

† No *thabhairt fa mbreith*. Hibern. *Dol air a Ccombairce*.

r *Matt.* 5. 18. s *Isai.* 8. 20. *Gniomh.* 15. 15. *Eoin* 5. 39, 46. t *Eoin* 5. 39. u 1 *Cor.* 14. 6, 9, 11, 12, 24, 27, 28. w *Coloss.* 3. 16. x *Romh.* 15. 4.

IX. A sé an Scrioptuir fein, an Riaghail Neimhmhearachdach chum an Scrioptuir a Mhiniughadh; Agus uime sin an tan do bhíos Ceisd mu sheadh tíor agus iomlan Scrioptuir

Scrioptuir air bhith (agus ni bhfuil iomad seadh aige, achd a haon amhain) as fhédir a rannsughadh, agus fhiosrughadh o ionadaibh eile ata ag labhairt ni is soilleire *y*.

y 2 *Phead.* 1. 20, 21. *Gniomh.* 15. 15, 16.

X. Ni hédir gur neach air bith eile, achd an Spiorad Naomh ag labhairt ann san Scrioptuir, as Ardbhreitheamh ann leis a bhfuil gach uile Chonnsboid mu Chreideamh re na Criochnughadh, agus uile Orduighe na Nard-Seanaidhe, Baramhla Shein-Scriobhthairidh, Teagasga Dhaoine, agus Spioraid dhiomhaire, re na ngceasnughadh, noch fós 'sann re na Bhreitheamhnas as coir dhuinn seasamh *z*.

z *Matt.* 22. 29, 31. *Ephes.* 2. 20. *le Gniomh.* 28. 25.

CAIB. II.

Ma DHIA, agus an Trionoid Naomh.

I. NI bhfuil achd aon DIA amhain ann *a*, an DIA beó fior *b*, neach ata neimhchriochnuigheach ann a mBith agus a Bhfoirfeachd *c*, Spiorad Ro-fhiorghlan *d*, Neamhfhaicsinneach *e*, gun Chorp, gun

a *Deut.* 6. 4. 1 *Ccor.* 8. 4, 6. b 1 *Tess.* 1. 9. *Jer.* 10. 10. c *Job* 11. 7, 8, 9. *agus* 26. 14. d *Eoin* 4. 24. e 1 *Tim.* 1. 17.

Chodtchaibh

Chodtchaibh *f*, gun Fhulangthaibh *g*, Neamhchlaochlodhach *h*, Neach nach fédir a thomhas *i*, Biothbhuan *k*, Neach nach fédir gu hiomlan a thuigsin *l*, Uilechumhachdach *m*, Ró-ghlic *n*, Ró-naomh *o*, Lan-shaor *p*, Ard-ughdarrach *q*, ag oibriughadh na huile neithe do réir Comhairle a Thoil neamhchlaochlodhach, agus ro-chomhthromach fein *r*, chum a Ghlóire fein *s*; ro Ghrádhach *t*, Ghráshmhur, Thrócaireach, Fhadfhuilngtheach, pailt ann a Maitheas, agus a Bhfirinn; ag maitheamh Aingidheachd, Easaontas, agus Peacaidh *u*; ag tabhairt Luidheachd don druing iarras é gu dithchiollach *w*, agus fós ro Cheart agus Uathbhasach iona Bhreitheamhnusaibh *x*, ag tabhairt Fuath do gach uile Pheacadh *y*, agus nach saorfuidh air eunchor an Cciontach *z*.

f *Deut.* 4. 15, 16. *Eoin* 4, 24. *le Luc.* 24. 39. g *Gniomh.* 14. 11, 15. h *Seam.* 1. 17. *Mal.* 3. 6. i 1 *Rjogh.* 8. 27. *Jer.* 23. 23, 24. k *Salm* 90. 2. 1 *Tim.* 1. 17. l *Salm* 145. 3. m *Geine.* 17. 1. *Foills.* 1. 8. n *Romh.* 16. 27. o *Isai.* 6. 3. *Foills.* 4. 8. p *Salm* 115. 3. q *Exod.* 3. 14. r *Ephes.* 1. 11. s *Seanfhoc.* 16. 4. *Romh.* 11. 36. t 1 *Eoin* 4. 8, 16. u *Exod.* 34. 6, 7. w *Eabhr.* 11. 6. x *Nehem.* 9. 32, 33. y *Salm* 5. 5, 6. z *Nah.* 1. 2, 3. *Exod.* 34. 7.

II. Ata aig DIA gach uile Bheatha, *a*, Ghlóir *b*, Mhaitheas *c*, agus Bheannughadh *d*, ann

a *Eoin* 5. 30. b *Gniomh.* 7. 2. c *Salm* 119. 68. d 1 *Tim.* 6. 15. *Romh.* 9. 5.

fein agus uaidhe fein ; Agus atá ſé na aonar Uile-dhiongmhalta ann fein, agus dhó féin, gun fhéum aige air Dhúilibh air bith do rinneadh leis *e*, is gun é ag tarruing Glóir air bith uatha *f*, achd amhain ag foillſiughadh a Ghlóire fein ionta, leó, dhoibh, agus orra : A ſé aon Tobar gach uile Bhith, agus 'ſann uaidhe, agus da thríd, agus air a ſhon, atá na huile neithe *g*, agus ata Uachdranachd Ardthighearnoil aige os a gcionn, chum gach einni is áill leis féin, do dheanamh leó, air anſon, agus orra *h*. Iona Fhiaghnuis atá na huile neithe foſcailte agus follas *i*, atá a Eolás neimhchríochnudhach, neimhmhearachdach, agus * neimhcheangailte ris an Chréatuir *k*, air chor as nach bhfuil ní air bith neimhchinnteach, no neimhdheirbhthe dhó *l*. Atá ſé ro-naomh iona uile Chomharlaibh, iona uile Oibrighibh, agus iona uile Aitheantaibh *m*. Dhóſan a dhlighthear o Ainglibh agus o Dhaoinibh, agus o gach Créatuir eile,ge be air bith Adhradh,Seirbheis, no Umhlachd, a chíotfar dhó iarruidh orra *n*.

e *Gniomh.* 17.24,25. f *Job* 22.30. g *Romh.* 11. 36. h *Foills.* 4. 11. i *Iim.* 6. 15. *Dan.* 4. 25, 35. i *Eabhr.* 4. 13. k *Romh.* 11. 33, 34. *Salm* 147. 5. l *Gniomh.* 15. 18. *Eſech.* 11. 5. m *Salm* 145. 17. *Romh.* 7. 12. n *Foills.* 5. 12, 13, 14.

III. Ann a Naonachd na Diadhachd atá trí Pearsuin, d'aon Nádur, Chumhachd agus Bhiothbhuanachd; DIA an Tathair, DIA an Mac, agus DIA an Spiorad Naomh *o*. Ni bhfuil an Tathair o neach air bith, ni bhfuil air na ghintinn, no ag teachd o neach: Atá an Mac air na ghintinn gu biothbhuan o Nathair *p*: Atá an Spiorad Naomh ag teachd gu biothbhuan o Nathair agus on Mhac *q*.

o 1 *Eoin* 5. 7. *Matt.* 3. 16, 17. *agus* 28. 19. 2 *Ccor.* 13. 14. p *Eoin* 1. 14, 15. q *Eoin* 15. 26. *Gala.* 4. 6.

CAIB. III.

*Air * Orduighibh Siorruidh DHE.*

I. DO orduigh DIA o uile bhiothbhuanachd, le Comhairle ro-ghlic agus naomhtha, a Thoile fein, gu saor, agus gu neamhchlaochlodhach gach einni do tharlas *a*, achd so air chor as nach é DIA Ughdarr an Pheacaidh *b*, agus nach bhfuil foirneart ga dheanamh air Toil na Gcréutuireadh, is ni mó atá saoirse no neimhchinnteachd na ndara Hádhbhara air na thabhairt uatha, achd 'sann is mó atá sé air na dhaingniughadh *c*.

a *Ephes.* 1. 11. *Romh.* 11. 33. *Eabhr.* 6. 17. *Romh.* 9. 15, 18. b *Seam.* 1. 13, 17. 1 *Eoin* 1. 5. c *Gniomh.* 2. 23. *Matt.* 17. 12. *Gniomh.* 4. 27, 28. *Eoin* 19. 11. *Sean-fhoc.* 16. 33.

II. Ge gur fiosrach DIA air gach einni a thiucfas, no fheadfus teachd, chum crich, faoi eunchumhnant air bith a dhfhéudar a breathnughadh *d*, gidheadh ni ndorduigh sé einni chionn gu bhfaca sé romh laimh é mar ni re teachd, no mar ni a thigeadh chum crich air a shamhuil sin do chumhnantaidh *e*.

d *Gniomh.* 15. 18. 1 *Samu.* 23. 11, 12. *Matt.* 11. 21, 23. e *Romh.* 9. 11, 13, 16, 18.

III. Tríd Ordugh DHE, chum foillsiughadh a Ghlóire, atá cuid égin do Dhaoine agus do na Haingil *f*, air * na ntagh-órdughadh roimh laimh chum Beatha shuthuain, agus cuid eile air na nreumh-ordughadh chum Bás siorruidh *g*.

* *Faic shuas sán Litir.*

g *Romh.* 9. 22, 23. *Epheſ.* 1. 5, 6. *Sean-fhoc.* 16. 4.

IV. Atá na Haingil agus na Daoine so do reumh-thaghthadh agus do reumh-orduigheadh mar so, air na ngcomharthughadh fa leth agus gu neamhchlaochladhach, agus a ta a Naireamh coimhchinnteach agus *comhchriochnuighte, as nach feudfuighthear a mhéadughadh no a lughdughadh *h*.

*Co-ainmnighte, no *Co-shocraighte.*

h 2 *Tim.* 2. 19. *Eoin* 13. 18.

V. An drong atá air na ntagh-ordughadh roimh laimh chum Beatha, do rinn DIA roimh thoſach an Tſaoghail, do réir a Rún ſíorruidhe agus neamhchlaochlodhach, agus do réir Comhairle hiomhair agus Gean-maith a Thoile fein a ntaghthadh ann a Geríoſd chum Glóir ſhiorruidh *i*, o a ſhaor Ghrás agus Ghrádh, gun roimh-ſheallamh air Chreideamh, no air Dheaghoibrighthibh, no air Bhuan-mhairtheacduin a néunchuic díobh, no air einni eile 'ſan Chréatuir, ma Chumhnantaibh no mar Adhbharaibh, d. bhroſnughadh chuige ſo *k*; Agus ſo uil chum Cliú a Ghráſa glórmhur *l*.

i *Epheſ.* 1. 4, 9, 11. *Romh.* 8. 30. 2 *Tim.* 1 9. 1 *Teſſal.* 5. 9. k *Romh.* 9. 11, 13, 16. *Ephe* 1. 4, 9. l *Epheſ.* 1. 6, 12.

VI. Mar dhorduigh DIA na Daoine tagh chum Glóir, is amhluidh le Rún ſíorruid agus ro-ſhaor a Thoile, do romhorduigh na huile Mheadhoine ata chuige ſin - a Uime ſin iadſan ata air na ntoghthadh, a tuitim dhoibh a Nadhamh, atáid air i * nſaoradh le Críoſd *n*, air na ngairm heifeachdach chum Creidimh a Geríoſd na Spiorad ag oibriughadh a nam iomchu bhaidh, taid air na * mhfireunughadh, a na nuchdmhacughadh, air na naomhth

m 1 *Phead.* 1. 2. *Epheſ.* 1. 4, 5. *Epheſ.* 10. 2 *Teſſ.* 2. 13. n 1 *Teſſ.* 5. 9, 10. *Tit.* 2. 14.

ghac

ghadh *o*, agus air na ngcoimhead le na Chumhachda tríd Creidimh chum Sláinte *p*. Agus ni bhfuil drong air bioth eile air na nſaoradh le Críoſd, air na ngairm gu heifeachdach, air na mhfireunughadh, air na nuchdmhacughadh, air na naomhthughadh, agus air na nſábhaladh, achd na Daoine taghta amhain *q*.

o *Romh.* 8. 30. *Epheſ.* 1. 5. 2 *Teſſ.* 2. 13. p 1 *Phead.* 1. 5. q *Eoin* 17. 9. *Romh.* 8. 28. *ſios gu Crich an Chaibidil. Eoin* 6. 64, 65. *Eoin* 13. 26. *Eoin* 8. 47. 1 *Eoin* 2. 19.

VII. Chuncas do DHIA a réir Comhairle dorannſuighthe a Thoile fein (leis an bhfuil ſé ag † leigionn amach, no ag congmhail air ais, a Throcaire, mar chíotfar dhó) chum Glóir a Airdthighearnais oſcionn a Chréutuireadh, an chuid eile don Chinneadh Daonna do leigionn ſeachad, agus a nordughadh chum Eaſonoir agus Feirge, air ſon a Mbpeacaidhibh, chum Cliú a Cheartais ghlórmhur *r*.

† *ag toirbheirt a Throcaire.*

r *Matt.* 11. 25, 26. *Romh.* 9. 17, 18, 21, 22. 2 *Tim.* 2. 19, 20. *Jud.* 4. 1 *Phead.* 2. 8.

VIII. A ta Teagaſg na Haird-dhiomhaireachdſá an † Reumhorduigh, re na lámharcadh le Heagna agus

† no, *an reumhthaghordugh. Seall ſan Litir.*

Cúram áirid *s*, chum air bheith do Dhaoinibh ag tabhairt fadear Toil DHE foillsighte iona Fhocal, agus ag tabhairt Umhlachd dhi, gu bhfeadfuid o Dheirbhtheachd a Ngairm eifeachdaich, bheith lán-bheachduigh ma Ntaghthadh siorruidh *t*. Agus mar sin, do bheir an Teagasgsa seachad Adhbhar Cliú agus Urram do DHIA, agus longantuis uime *u*, agus Adhbhar Irisleachd, Dichill, agus Sólais lionmhuire do na huilidhibh ata gu trébhdhireach ag tabhairt Umhlachd don Tsoisgeul *w*.

s Romh. 9. 20. *Romh.* 11. 33. *Deut.* 29. 29. *t* 2 *Phead.* 1. 10. *u Ephes.* 1. 6. *Romh.* 11. 33. *w Romh.* 11. 5, 6, 20. 2 *Phead.* 1. 10. *Romh.* 8. 33. *Luc.* 10. 20.

CAIB. IV.

Man Chruthaghadh.

I. CHuncas do DHIA an Tathair, an Mac, agus an Spiorad Naomh *a*, chum foillsiughadh Glóire a Chumhachda, a Ghliocais, agus a Mhaithis shiorruidh *b*, ann san tosach, an Saoghal agus na huile neithe saicsinneach, agus neamhfhaicsinneach atá

a Eabhr. 1. 2. *Eoin* 1. 2, 3. *Geine.* 1. 2. *Job* 26. 13. *agus Job* 33. 4. *b Romh.* 1. 20. *Jerem.* 10. 12. *Salm* 104. 24. *Salm.* 33. 5, 6.

ann,

ann, a chruthughadh, no an ndeanamh do neimhni, a núine ſé Laethe, agus gach einní dhíobh ro-mhaith *c*.

c *Geine. an* 1 *Cail. Eabhr.* 11. 3. *Col.* 3. 16. *Gniomh.* 17. 24.

II. Tar éis do DHIA na huile Chréutuireadha eile a dheanamh, do chruthaigh ſé an Duine, Fear agus Bean *d*, le Anmanaibh riaſunta agus neamhbháſmhur *e*, le Heólas, Fireuntachd, agus Fíor-naomhthachd ionta, do réir Iomhaigh feín *f*, air bheith do Lagh DHE aca, ſcríobhtha iona Gcroidhthaibh *g*, agus Néart da choimhlionadh *h*, achd gidheadh gur ní do ſhéudfadh tárla, gu mbrisfid é, bhríogh gu raibheadar air na mhágbhail gu ſaoirſe an Toile féin, do bheith claochlodhach *i*. A thuilleadh air an Laghſa ſcríobhtha iona Gcroidhthaibh, ſuair ſiad Aithne gun ní air bith ithe don Chraoibh Eólais an mhaith agus uilc, agus a bhfad do choimhedeadh an Aithneſi leó, do bheithid ſona iona Ccomhchomun re DIA *k*, agus do bheith Uachdranachd aca oſcionn na Gcréutuireadh *l*.

d *Geine.* 1. 27. e *Geine.* 2. 7. *le Seanmor.* 12. 7. *agus Luc.* 23. 43. *agus Matt.* 10. 28. f *Geine.* 1. 26. *Coloſſ.* 3. 10. *Epheſ.* 4. 24. g *Komh.* 2. 14, 15. h *Seanmor.* 7. 29. i *Geine.* 3. 6. *Seanmor.* 7. 29. k *Geine.* 2. 17. *agus Geine.* 3. 8, 9. 10, 11, 23. l *Geine.* 1. 26, 28.

CAIB. V.

Mu Fhreaſdal DE.

I. ATá DIA Ard-chruthuightheoir na nuile neithe, ag congmhail ſuas *a*, ag ſtiubhradh, ag * † ſuighthiughadh, agus ag riaghladh, na nuile Chréutuireadh, Ghníomhartha, agus Neitheanna *b*, on Mhór gus an Bheag *c*, le na Fhreaſdal ro-ghlic, agus ro-naomhtha *d*, do réir a Roimh-eólais neamhmhearachdach *e*, agus Comhairle ſhaor agus neamhchlaochladhach a Thoile fein *f*, chum Cliú Glóire a Ghliocais, a Chumhachda, a Cheartuis, a Mhathais, agus a Thrócaire *g*.

* † *no ag ſuighthiughadh amach.*

a *Eabhr.* 1. 3. b *Dan.* 4. 34, 35. *Salm* 135. 6. *Gniomh.* 17. 25, 26, 28. *na Caibidilſe uile do Leabhar Job, eadhon* 38. 39, 40, *agus* 41. c *Matt.* 10. 29, 30, 31. d *Seanfhoc.* 15. 3. *Salm* 104. 24. *agus Salm* 145. 17. e *Gniomh.* 15. 18. *Salm* 94. 8, 9, 10, 11. f *Epheſ.* 1. 11. *Salm* 33. 10, 11. g *Iſai.* 63. 14. *Epheſ.* 3. 10. *Romh.* 9. 17. *Geine.* 45. 7. *Salm* 145. 7.

II. Ge gu bhfuil na huile neithe, thaobh Roimh-fhios agus Ordugh DHE an Ceead Adhbhar, ag teachd chum Crích, gu neamhchlaochladhach, agus gu neamhmearachdach

dach *h*; gidheadh atá ſé leis an Fhreaſdal chéudna, ag tabhairt orra tárla do reir Nádur na ndara Hádhbhara, gu neamh-ſheachnach, gu ſaor, no * gu teagmhuiſeach *i*.

h *Gniomh.* 2. 23. i *Geine.* 8. 22. *Jerem.* 31. 25. *Exod.* 21. 13. *le Deut.* 19. 5. 1 *Riogh.* 22. 28, 34. *Iſai.* 10. 6, 7.

III. Atá DIA ag deanamh Fóghnaimh do Mheadhoineadh iona Fhreaſdal ghnáthuighthe *k*, gidheadh atá ſé ſaor chum Oibriughadh iona bhfeagmhuis *l*, os a gcionn *m*, agus iona naghaidh, mar is áil leis *n*.

k *Gniomh.* 27. 31, 44. *Iſai.* 55. 10, 11. *Hoſ.* 2. 21, 22. l *Hoſ.* 1. 7. *Matt.* 4. 4. *Job* 34. 10. m *Romh.* 4. 19, 20, 21. n 2 *Riogh.* 6. 6. *Dan.* 3. 27.

IV. Atá Neart uilechumhachdach, Glioccas doſcruduigh, agus Maitheas neimh-chriochnuigheach DHE ga mhfoillſiughadh féin, comhmór iona Fhreaſdal, as gu rig ſí, gu nuige an chéad Leagadh, agus uile Pheacaidhibh eile na Naingil, agus Dhaoine *o*, agus ſin ni hann le Lom-fhulannas *p*, achd é Fulannus aig a bhfuil cuimſiughadh ro-

o *Romh.* 11. 32, 33, 34. 2 *Samu.* 24. 1. *le Seanachais* 21. 1. 1 *Riogh.* 22. 22, 23. *Seanach.* 10. 4, 13, 14. 2 *Samu.* 16. 10. *Gniomh.* 2. 23. *agus Gniomh.* 4. 27, 28. *Gniomh.* 14. 16.

ghlic

ghlic agus ro-chumhachdach maille ris *q*. Agus ata air mhodhaibh eile ga nſtiúbhradh agus ga nriaghladh, ann a Fritheoladh éug ſamhuil, chum a Chríochaibh naomhtha fein *r*; Gidheadh 'ſann air chor as go bhfuil a Mpeacaidheachd ag teachd on Chréutuir amháin, agus ni hann o DHIA, neach air bheith dhó ro-naomh, agus ro-cheart, nach bhfuil agus nach fèud a bheith na Ughdar Peacaidh, no na neach ris an taitin ſé *ſ*.

q *Salm* 76. 10. 2 *Riogh.* 19. 28. r *Geine.* 50 20. *Iſai.* 10. 6, 7, 12. ſ *Sheum.* 1. 13, 14, 17. 1 *Eoin* 2. 16. *Salm* 50. 21.

V. A ta an DIA ro-ghlic, ro cheart-bhreitheach, agus ro-ghráſmhur, gu minic ag fágbhail a Chloinne fein, ré ſeal, gu hiomdha Buaireadh, agus Truaillidheachd a Ngcroidhthe fein, chum a nſmachdthughadh air ſon a Mpeacaidhaibh do rinneadar roimhe, no chum Neart foluighte na Truaillidheachd, agus Mealltoireachd a Ngcroidhe do nochdadh dhoibh, gcoinne gu mbithidis air na Niriſliughadh *t*; Agus fós da ndúſgadh ſuas gu greamthughadh ni is teinne agus ni is cinntiche ris fein chum a geongmhail ſuas; Agus da ndeanamh ni is furachaire anaghaidh gach uile Chionfá Peacuidh 'ſan aimſir re teachd; Agus chum

t 2 *Seanach.* 31. 25, 26, 31. 2 *Samu.* 24. 1.

iomdha

omdha Crioch eile tá ceart agus naomhtha *u*.

u 2 *Ccor.* 12. 7, 8, 9. *Salm* 73. *gu hiomlan.* *alm* 77. 1, 10, 12. *Marc.* 14. *o rann* 66, *gu* *rich an Chaibidil.* *le Eoin* 21. 15, 16, 17.

VI. Mu na Daoinibh aingidh neimh-hiaghaidh ſin a ta DIA mar Bhreitheamh eartbhreitheach ag dalladh agus ag cruadh-hughadh air ſon Peacaidhibh do rinneadar oimhe *w*, uathaſan atá ſé ni amhain ag ongmhail air ais a Ghrás leis a bhféidthe a ſoillſiughadh iona Ntuigſe agus drúthadh ir a Ngcroidhthibh *x* : Achd air aairibh fós, ag taruing air ais † *Giſtean.* a † Tiodhlaice do bhi aca *y*, Agus ga mhfágbhail ma choinne neithe dá dean an Truailleachdſan Cionſá Peacaidh *z*, gus le ſo uile atá ſé ga ntabhairt thairis la Nainmiannuibh fein, do Bhuaidhridhibh n Tſaoghail, agus do Chumhachd an Aidhbhirſeoir *a* : Leir tharla gu bhfuilid ga gcruadhthughadh fein, ſeadh faoi na Meadh-onaibh ſin a ta Dia ag gnáthughadh chum Daoine eile a mhaothughadh *b*.

w *Romh.* 1. 24, 26, 28. *agus Romh.* 11. 7, 8.
x *Deut.* 29. 4. y *Matt.* 13. 12. *agus Matt.* 25. 29. z *Deut.* 2. 30. 2 *Riogh.* 8. 12, 13.
a *Salm* 81. 11, 12. 2 *Teſſal.* 2. 10, 11, 12.
b *Exod.* 7. 3. *le Exod.* 8. 15, 32. 2 *Ccor.* 2. 15, 16. *Iſai.* 8. 14. 1 *Phead.* 2. 7, 8. *Iſai.* 6. 9, 10.
le Gniomh. 28. 26, 27.

VII. Mar

VII. Mar a ruigeas Freasdal DE, gu generalta gus na huile Chreutuiribh, is amhluidh ata sí air mhodh ni is sunnradhaigthe ag gabhail Cúram da Eaglais, agus ag suighthiughadh na huile neithe chum a maith *c*.

c 1 *Tim.* 4. 10. *Amos* 9. 8, 9. *Romh.* 8. 28 *Isai.* 43. 3, 4, 5, 14.

CAIB. VI.

† Leagadh. † Dioghaltas.

Ma † *Thuitim an Duine, mar Pheacadh, agus mu* † *Pheanus air a shon.*

I. AIr bheith dar gcéad Sinnsearaibh air na mealladh le Aisinntleachd agus Buaidhreadh an Aidbhhirleoir, do pheacuigh eadar 'san Mheas toirmisgthe do ithe a Chuncas do DHIA do reir a Chomhairleghlic agus naomhtha, a Mpeacadhsa dthulang air bheith do Rún aige, † ordughadh chum a Ghlóir fein *b*.

† *riaghladh.*

a *Geine.* 3. 13. 2 *Ccor.* 11. 3. b *Romh.* 1: 32.

II. Leis an Pheacadhsa dthuiteadar o a † Ngcéuc shireuntachd, agus o a Ngcomhchomun re DIA *c*, agus mar sin dsásadar marbh a Bpe-

† *Firenteachd gein*, no *Geinshireuntachd.*

c *Geine.* 3. 6, 7, 8. *Seanmor.* 7. 29. *Romh.* 23.

ead

eadh *d*, agus truaillidh gu hiomlan, ann a nuile Chumhachdaibh a Nanmanna, agus Bhalluibh a Ngcuirp *e*.

d *Geine.* 2. 17. *Ephes.* 2. 1. e *Tit.* 1. 15. *Geine.* 6. 5. *Jer.* 17. 9. *Romh.* 3. 10, *gu nuig Rann* 19.

III. Bhrígh gu mbiádsan Freamhach an Chinnidh Daonna uile, do bheith Cionta an Pheacaidhse air na mheas *f*, agus an Bis céadna san Pheacadh agus ann san Nídur thruaillidh air na iomchar, da Niliochd uile ta ag teachd uatha tre Gineolughadh gnathaighte *g*.

f *Geine.* 1. 27, 28. *agus Geine.* 2. 16, 17. *agus Gniomh.* 17. 26. *le Romh.* 5. 12, 15, 16, 17, 18, 19. *agus* 1 *Ccor.* 15. 21, 22, 45, 49. g *Salm* 51. 5. *Geine.* 5. 3. *Job* 14. 4. *agus Caib.* 15. *r.* 14.

IV. On Truaillidheachd gheinse, tre bhfuil sinn gu tur air ar gcur o Ghléus chum an uile Mhaith, air ar ndeanamh neamhchomasach chuige, agus conntrardha dhó *h*, agus ag aomadh gu hiomlan chum an uile Olc *i*, ata na huile Pheacaidh Gniomhtha ag teachd *k*.

h *Romh.* 5. 6. *agus Romh.* 8. 7. *agus fos Romh.* 7. 18. *Coloss.* 1. 21. i *Geine.* 6. 5. *agus Caib.* 8. *r.* 21. *Rhom.* 3. 10, 11, 12. k *Sheam.* 1. 14, 15. *Ephes.* 2. 2, 3. *Matt.* 15. 19.

V. Re

V. Re fad na Beathaſa, ata an Truai lidheachdſa a Náduire ag fantin 'ſan Droin ata air na Nathghineamhuin *l*; Agus ge g bhfuil ſí air a Maitheamh agus air a Claoid tríd Chriosd, gidheadh is ſior-pheacadh d ríreamh i fein, agus a huile Ghluaſach fós *m*.

l 1 *Eoin* 1. 8, 10. *Romh.* 7. 14, 17, 18, 2: *Sheam.* 3. 2. *Sean-fhoc.* 20. 9. *Seanmor.* 7. 2(m *Romh.* 7. 5, 7, 8, 25. *Gala.* 5. 17.

VI. Air bheith do gach aon Pheacadl Gein agus Gniomhtha araon, na Bhriſeadh a: Ceart-lagh DHE, agus conntrardha dho ſin ; atá ſé iona Nádur fein ag tarruing Cion air an Pheacach *o*, tre a bhfuil ſé air r cheangal thairis do Fheirg DHE *p*, agus d Mhallachd an Lagha *q*, agus mar ſin ata a Bás *r*, agus gach uile Thruaighe Spioradoil ſaoghalta *t*, agus ſiorruidhe *u*, ina * a radh.

n 1 *Eoin* 3. 4. o *Romh.* 2. 15. p *Epheſ.* 3. q *Gala.* 3. 10. r *Romh.* 6. 23. ſ *Epheſ.* 4. 1 t *Romh.* 8. 20. *Caoi Jerem.* 3. 39. u *Matt.* 2 41. 2 *Teſſal.* 1. 9.

CAIB. VII.

†Cunnradh, no Connartha. — *Mu* †*Choimhcheangal DE, an Duine.*

I. ATa an Tedirdhealughadh edir Dh agus an Ccréutuir comhór as ge dlighthe

dlighthear o Chréutuiribh riaſunta, Umhlachd dhóſan, mar a Ngeruthuightheoir, gidheadh ni bhfeudfuid a mſeaſda a Mhealtuin air chor ar bith mar a Nſonas agus a Nluidheachd, achd trid Aontughadh deónach égin, air taobh DHE, a chuncas dó a chur a gcéill air modh Coimhcheangail *a.*

a *Iſa.* 40. 13, 14, 15, 16. *Job* 9. 32, 33. 1 *Shamu.* 2. 25. *Salm* 113. 5, 6. *agus Salm* 100. 2, 3. *Job* 22. 2, 3. *agus Job* 35. 7, 8. *Luc.* 17. 10. *Gniomh.* 17. 24, 25.

II. An ceead Choimhcheangal do rinneadh ris an Duine, bu Choimhcheangal Oibrighe è *b*, ann a raibh Beatha air a gealladh do Adhamh, agus annſan da Shliochd *c*, air Chumhnant.

Umhlachda iomlain † phear- † *Phearſunoil.*
ſuinte *d.*

b *Gala.* 3. 12. *c Romh.* 10. 5. *agus Romh.* 5. 12. *gu nuig Rann* 20. *d Geine* 2. 17. *Gala.* 3. 10.

III. Air bheith don Duine, trid a Leagaidh fein dfhigbhail neamhchomaſach chum righinn air Beatha trid an Choimhcheangal id, chuncas don Tighearna Coimhcheangal ile do dheanamh *e*, da ngoirthear gu oitchionn, Coimhcheangal Gráſa : ann a bhfuil ſé ag tairgſe gu ſaor, Beatha agus

e *Gala.* 3. 21. *Rom.* 3. 20, 21. *Geine* 3. 15. *Iſai.* 42. 6.

Slainte trid Josa Crioſd, ag iarruidh orra Creideamh annſan, chum go mbiodh iad air na nſabhaladh *f*; agus ag gealltuin a Spiorad Naomh a thabhairt, do na huilidhibh ata air na Nórdughadh chum Beatha, da ndeanamh deónach agus comaſach chum creidſin *g*.

f *Marc.* 16. 15, 16. *Eoin* 3. 16. *Romh.* 10. 6,9. *Gala.* 3. 11. g *Eſech.* 36. 26, 27. *Eoin* 6 44, 45.

IV. Goirthear ſan Scriobtuir gu tri Tiomna mar Ainm don Choimhcheangalſ na Ngrás, thaobh Bás Josa Crioſd an Fear tiomnaigh, agus thaobh na Hoidhreach Shíorruidh, maille ris na huile Neithibh d bhoineas di, a ta air na mhfágbhail ma dhileab ann *h*.

h *Eabhr.* 9. 15, 16, 17. *Eabhr.* 7. 22. *Lu* 22. 20. 1 C*cor.* 11. 25.

V. Do bhí an Coimhcheangalſa air 1 †thritheoladh air mhoc éugſamhuil, re Linn Lagha, agus re Linn Tſoiſgeil *i* : Faoi Lagh do bhí ſé air fhritheolughadh le Geallamhnaibh, Faid deireachdaibh, Iobarthaibh, Timchillghe radh, † Uan-Cáſg, agus Samhludhaibh agus * O dionannſuibh eile, a thuga do Phobul na Niúdaighe, is gach eínni dhi

† *Mhinioſdralughadh.* no *Sheirbhiſeachadh.*

† *Uan-Paſchail.*

i 2 C*cor.* 3. 6, 7, 8, 9.

ſo uile ag Ciallughadh roimh láimh Crioſd do bheith re teachd *k*, agus do bheith na Neitheſi ris an Linn úd diongmhalta agus eiſeachdach, tríd Oibriughadh an Spioraid, d'oileiniughadh agus do thogbhail ſuas na Ndaoine Taghta, ann a Gereideamh ſan Mheſſiah a ghealladh *l*, tre raibh aca Lán-Mhaitheamhnus Peacaidhe, agus Sláinte Shioruidh; agus goirthear dhé an Sein-Tiomna *m*.

k *Eabhr.* Caib. 8, Caib. 9, *agus* Caib. 10. *Romh.* 4. 11. *Coloſſ.* 2. 11, 12. 1 Ccor. 5, 7. 1 1 Ccor. 10. 1, 2, 3, 4. *Eabhr.* 11. 13. *Eoin* 8. 56. m *Gala.* 3. 7, 8, 9, 14.

VI. Faoi an Tſoiſgeul, an tan a thaisbeineadh Crioſd, Bríogh na neitheann úd *n*, a ſiad na Hoirdionannſaidh ann a bhfuil an Ccoimhcheangalſa air na fhritheoladh, Seanmoiriughadh an Fhocail, agus Fritheolughadh Sacramuinteadha, an Bhaiſtidh agus Shuipeir an Tighearna *o*; agus ge gur iadſo as teirce ann a Naireamh, agus gu bhfuilid air na infritheoladh le n'as mó do Shimplidheachd, agus le n'as lugha do Ghloir leth a muigh; gidheadh ata an Coimhcheangalſa air na thaisbeunadh ionntaſan le barridheachd Iomlaine, Soilleireachda, agus Eifeachda *p*, do na huile

n Coloſſ. 2. 17. o *Matt.* 28. 19, 20. 1 Ccor. 11. 23, 24, 25. p *Eabhr.* 12. 22. *gu nuig* 28. *Jerem.* 31. 33, 34.

Fhineadhachaibh, Iúdaighibh agus Gheintiligh-ibh araon *q*; Agus goirthear dhe an Tiomna Nuadh *r*. Ni bhfuil ann uime ſin dá Choimhcheangal Gráſa eidirdhealuighte thaobh † Bríogh; achd an Taon-Choimhcheangal céudna, faoi † atharughadh Fri-theoluidh *ſ*.

† *Subhſtaint.*
† *Fhritheoladhuibh engſamhla.*

q *Matt.* 28. 19. *Epheſ.* 2. 15, 16, 17, 18, 19. r *Luc.* 22. 20. ſ *Gala.* 3. 14, 16. *Romh.* 3. 21, 22, 23, 30. *Salm* 32. 1. *le Eabhr.* 13. 8. *Gniomh.* 15. 11.

CAIB. VIII.

† an Teidir-mheadhonthoir.

Mu Chrioſd † an Fear-Meadhoin.

I. CHuncas do DHIA, iona Rún Síor-ruidhe, an Tighearna Ioſa, a Mhac aoin-ghein, do thaghadh agus ordughadh, chum bheith na Fhearmeadhoin edir DHIA agus Dhuine *a*, na Fháidh *b*, na Shagairt *c*, agus na Ríogh *d*, na Cheann agus na Shlánuightheoir da Eagluis *e*, na Oighre air na huile Neithibh *f*, agus na Bhreith-

a *Iſai.* 42. 1. 1 *Phead.* 1. 19, 20. *Eoin* 3. 16. 1 *Tim.* 2. 5. b *Gniomh.* 3. 27. c *Eabhr.* 5. 5, 6. d *Salm* 2. 6. *Luc.* 1. 33. e *Epheſ.* 5. 23. f *Eabhr.* 1. 2.

eamh

eamh air an Tſaoghal *g*: D'an dtug ſé o uile Bhiothbhuanachd Pobul re bith na † Nsliochd dó *h*, agus re húine gu bithidis leiſin air na Nſaoradh, air na Ngairm, air na Mhfíreunughadh, air na Naomhughadh, agus air na Nglorughadh *i*.

† *Nsiol.*

g *Gniomh.* 17. 31. h *Eoin* 17. 6. *Salm* 22. 30. *Ijai.* 53. 10. i 1 *Tim.* 2. 6. *Ijai.* 55. 4, 5. 1 *Ccor.* 1. 30.

II. Mac DHE, an Dara Pearſa 'ſan Trínoid, air bhith dhó na Fhior DHIA Biothbhuan, d'aon † Nádur ris an Athair, agus Coimhmeas dó, do ghabh ſé air, nuair a tháinig Iomlaine na Haimſire, Nádur an Duine *k*, le a huile Bhuaidhibh nádurdha agus a Hanmhuineachdaibh chumannta, gidheadh a bhféugmhais Peacaidh *l*, air bheith dhó air na gheineamhuin tre Cumhachd an Spioraid Naoimh a mbroinn Mhuire na Hóighe, da Subhſtainte *m*. Ar chor as gu raibh Dá Nádur Iomlan, Fhoirfe, agus Edirdhealuighte, in Diadhachd agus an Daonnachd, air na ngeur go neamhſcarthamhoil re a chéile a naon Phearſa * gun air a Natharughadh onna cheile, * gun air a Ndeanamh ſuas

† *Subhſtaint.*

k *Eoin* 1. 1, 14. 1 *Eoin* 5. 20. *Philip.* 2. 5. *Gala.* 4. 4. *Eabhr.* 2. 14, 16, 17. *Eabhr.* 4. 15. m *Luc.* 1. 27, 31, 35. *Gala.* 4. 4.

na neihni le na chéile, no * air na Ngcoimeaſg thríd a chéile *n*. Agus an Bpearſaſo is Fíor-Dhia é, agus Fíor-Dhuine, gidheadh is Aon-Chrioſd é, an Taon-Fhearmeadhoin edir DIA agus Duine *o*.

n *Luc.* 1. 35. *Coloſſ.* 2. 9. *Romh.* 9. 5. 1 *Phead.* 3. 18. 1 *Tim.* 3. 16. o *Romh.* 1. 3, 4. 1 *Tim.* 2. 5.

III. Do bheith an Tighearna Ioſa Crioſd, iona Nádur Dhaonna * a chuireadh mar ſo ris an Nádur Dhiadha, air na Naomhthughadh, agus air Ungthadh, leis an Spiorad Naomh oſcionn † Cuimſe *p*, air bheith dhó aige, na huile Ionnmhuſa Gliocais agus Eólais ann fein *q*, ann a bhfacas don Athair gach uile Iomlaine a bheith ag Comhnuidhe *r*; a gcoinne air bheith dhó Naomhtha, Neamhlochdach, Neamhthruailligh, agus lán do Ghrás agus D'firinne *ſ*, go mbiodh ſé air na * lán-fhuirniſiughadh chum Oifig Edirmheadhonthoir agus Urrais *t*: Agus nior ghlac ſé chuige fein í, achd do bhí ſé air na Ghairm da hionnſaidh le na Athair *u* Neach do chuir gach uile Chomas agus

† *Tomhas.*

p *Salm* 45. 7. *Eoin* 3. 34. q *Coloſſ.* 2. 3 r *Coloſſ.* 1. 19. ſ *Eabhr.* 7. 26. *Eoin* 1. 14 t *Gniomh.* 10. 38. *Eabhr.* 12. 24. *agus Caib* 7. *r.* 22. u *Eabhr.* 5. 4, 5.

Bhreitheamhna

Bhreitheamhnas iona Láimh, agus thug Aithne dhó sin do chur a ngníomh *w*.

w *Eoin* 5: 22, 27. *Matt.* 28. 18. *Gniomh.* 2: 36.

IV. Do ghabh an Tighearna Iosa an Oifigse gu ro-thoileach os láimh *x*, agus chum gu ccuireadh sé a ngníomh í, do rinneadh é faoi an Lagh *y*, agus do choimhlíon sin go hiomlan *z*, do fhuiling se † Piantaidh ro-chráiteach go neimhmeadhonach iona Anam *a*, agus Fulangthasa ro-dhóruineach iona Chorp *b*; do Chéusadh é, fuair Bás *c*, do bhí air na Adhlacadh, agus dfan faoi Chumhachd an Bháis, gidheadh ni bhfaca sé Truaillidheachd *d*. Air an treas Ló d'éirigh o na Marbhuibh *e*, leis an Chorp cheudna ann a ndfuiling sé *f*, leir Chuaidh fós suas air Neamh, agus ata sé na shuidhe ann sin air Deaslaimh a Athar *g*, ag deanamh Eadarghuidhe *h*, agus tillfidh sé a thabhairt

† *Doruinne.*

x *Salm* 40: 7, 8. *le* Eabhr. 10. *r.* 5 *gu nuig r.* 10. Eoin 10. 18. *Philipp.* 2. 8. y *Gala.* 4. 4. z *Matt.* 3. 15. *agus Matt.* 5. 17. a *Matt.* 26. 37, 38. *Luc.* 22. 49. *Matt.* 27. 46. b *Matt. Caib.* 26. *agus Caib.* 27. c *Philipp.* 2. 8. d *Gniomh.* 2. 23, 24, 27. *agus Gniomh.* 13. 37. *Romh.* 6. 9. e 1 *Ccor.* 15. 3, 4. f *Eoin* 20. 25, 27. g *Marc.* 16. 19. h *Romh.* 8. 34. *Eabhr.* 9. 24. *agus* Eabhr. 7. 25.

Breith

Breith air Dhaoinibh agus Ainglibh a Ndeireadh an Tiaoghail *i*.

i *Romh.* 14. 9, 10. *Gniomh.* 1. 11. *Gniomh.* 10. 42. *Matt.* 13. 40, 41, 42. *Jud. rann* 6. 2 *Phead.* 2. 4.

V. Do rinn an Tighearna Iosa, le na Umhlachd iomlan, agus leis an Iobairt sin, *eadhon* é fein, a thug sé tríd an Spioraid Shiorruidh, aonuair suas do DHIA, Ceartas a Athar do lán-dioladh *k* ; Agus ni amhain Réite do chosnamh, achd mar a gcéudna Oidhreachd Bhiothbhuan ann an Ríoghachd Neámha, dhoibhsan uile, thug an Tathair dhó *l*.

k *Romh.* 5. 19. *Eabhr.* 9. 14, 16. *agus Eabhr.* 10. 14. *Ephes.* 5. 2. *Romh.* 3. 25, 26. 1 *Dan.* 9. 24, 26. *Coloss.* 1. 19, 20. *Ephes.* 1. 11, 14. *Eoin* 17. 2. *Eabhr.* 9. 12, 15.

VI. Ge nach d'oibrigheadh *† do ríreamh Obair na Saoirse le Críosd, nó go raibh sé air na ghabhail 'san Fheóil, gidheadh do bhí a Fearta, a Heifeachd, agus a Sochaire, air a ngcomhpártughadh ris na Daoinibh Taghta, ann sgach Al an diaigh a cheile, o Thosach an Tiaoghail, leis agus annsna Geallamhnuibh, na Samhluidhhaibh, agus na Hiobarthaibh, ann a raibh air Fhoillsughadh, agus air na Chiallughadh go be Siol na Mná é, a Bhrughadh Ceann na Nathrach ; agus an Tuan do mharbhadh

*† *cheana*, no *a lathair*, no *a ngniomh*.

mharbhadh o Thoſach an Tſaoghail ; air bheith dhó na aon ceadna, a Né, a Niugh, agus go Siorruidhe *m*.

m *Gala.* 4. 4, 5. *Geine.* 3. 15. *Foills.* 13. 8. *Eabhr.* 13. 8.

VII. A tá Críoſd, a Nobair na Hedirmheadhonthoireachd, ag oibriughadh do réir an Dá Nádur, ag deanamh, tre gach Nádur dhíobh, an ní ſin do bhuineas di ſein *n* : gidheadh thaobh Aonachd an Phearſuin, ata a ní ſin a bhuineas D'aon Nádur, * † air na chur air Ainm an Phearſuin ata air Ainmniughadh o'n Nádur eile *o*.

† *air na luadh ris an Phearſa.*

n *Eabhr.* 9. 14. 1 *Phead.* 3. 18. 6 *Gniomh.* 20. 28. *Eoin* 3. 13. 1 *Eoin* 3. 16.

VIII. Ata Críoſd ag cur, agus ag Comhbártughadh, go dearbhtha agus go héifeachtach, na Saoirſe ſin do choiſin ſé, riuſan uile dan do choiſin ſé *p*, ag deanamh Eadarghuidhe air an ſon *q*, agus foilliughadh dhoibh ann ſan Fhocal, agus leis, Díomhaireadha na Sláinte *r* ; ga * maothughdh gu héifeachdach le na Spiorad, chum Creidſin, agus bheith Umhal ; ag Riaghladh Ngeroidhe, le na Fhocal, agus le na Spi-

p *Eoin* 6. 37, 39. *Eoin* 10. 15, 16. *q* 1 *Eoin* 2. 1, 2. *Romh.* 8. 34. r *Eoin* 15. 13, 15. *Ephes.* 1. 7, 8, 9. *Eoin* 17. 6.

prad

orad *ſ*; ag Buadhthughadh thar a nuil Naimhdibh le na Neart Uilechumhachdach agus le na Ghliocas, air an Doigh agus ai na Modhaibh ſin as fearr d choimhfhreagras re na Fheadh mantas Iongantach, agu † Dorannſuighe *t*.

† *neamh-ſcrúduigheach.*

ſ *Eoin* 14. 16. *Eabhr.* 12. 2 2 *Ceor.* 4. 13 *Romh.* 8. 9, 14. *Romh.* 15. 18, 19. *Eoin* 17 17. t *Salm* 120. 1. 1 *Ceor.* 15. 25, 26. *Ma* 4. 2, 3. *Coloſſ.* 2. 15.

CAIB. IX.

M'an Tſaor-Thoil.

I. DO chuir DIA ann an Toil an Duin an Tſaoirſe Nádurdha ſin, air nac bhfuilis ag deanamh Aindheóin, agu nach bhfuil tríd Daor-Eigiontas o Nádur a Socrughadh air Maith no Ole do dhear amh *a*.

a *Matt.* 17. 12. *Seum.* 1. 14. *Deut.* 30. 1

II. Do bhí aig an Duine ann an Staid n Neimhchiontais, Saoirſe agus Comas, chu an Ní bu Mhaith, agu bu Thaitneamhach d DHIA, † a Thogradl agus a Dheanamh

† *a Thoileadh.* achd *ſaitſhuas ſan Litir.*

b *Sean-moir.* 7. 29. *Geine.* 1. 26.

ach

chd gidheadh go Claochlodhach, air chor
is go bhféudfadh sé tuitim uaidhe so *c*.

c *Geine.* 2. 16, 17. *Geine.* 3. 6.

III. Do chaill an Duine go buileach tríd
a Leagaidh ann an Staid an Pheacaidh, Uile
Chomas na Toile, chum
Maith Spioradalta air † *ag Comhailteachd*
bith, ata † a Gcomh- *Slainte.*
chuideachd na Sláinte *d*:
Ionnus air bheith don Duine Nádurdha *a
naghaidh an Mhaith úd *e*, agus Marbh a
Bpeacadh *f*, nach bhfuil sé Comasach le na
Neart féin, air é sein Iompodh, na air ē
sein do Ullmhughadh chuige sin *g*.

d *Romh.* 5. 6. *Romh.* 8. 7. *Eoin* 15. 5.
e *Romh.* 3. 10, 12. f *Ephes.* 2. 1, 5. *Coloss.* 2.
13. g *Eoin* 6. 44, 65. *Ephes.* 2. 2, 3, 4, 5.
1 *Ccor.* 8. 14. *Tit.* 3. 3, 4, 5.

IV. An tan do Iompoigheas DIA an
Peacach, agus do Atharruigheas sé é, chum
Staid na Ngrás, ata sé ga Shaoradh o a
Dhaoirse Nádurdha fán Pheacadh *h*; agus
ga dheanamh Comasach le na Ghrás amháin,
chum an ní ata gu Spioradalta
Maith, do † Thogradh go † *Thoileadh.*
Saor, agus do Dheanamh *i*;
gidheadh san air chor as nach bhfuil Toil-
aige go foirfe, na fós amháin, chum a ní

h *Coloss.* 3. 13. *Eoin* 8. 34, 36. 1 *Philipp.* 2.
13. *Romh.* 6. 18, 22.

tá

ta Maith, achd atá Toil aige mar an gcéadna chum a ní ta Olc. Agus ſo thaobh na Truaillidheachd ata ag ſantuinn ann *k*.

k *Gala.* 5. 17. *Romh.* 7. 15, 18, 19, 21, 23

V. Atá Toil an Duine air na deanamh Saor go foirfe agus go neamhchlaochlodhach chum Maith na aonar, ann an Staid na Glóire amháin *l*.

l *Epheſ.* 4. 13. *Eabhr.* 12. 23. *Eoin* 3. 2 *Jud. r.* 24.

CAIB. X.

M'an Ghairm Eifeachdach.

I. NA huile Dhaoine ſin do Romhordhuigheadh le DIA chum Beatha agus iad ſin amháin, is Toil leis, iona An Orduighte agus Thaitneamhach a Ngairm go heifeachdach *a*, le na Fhocal agus le na Spiorad *b*, as an Staid ſin an Pheacaidh agus an Bháis ann a bhfuil ſiad a thaobh Náduir, chum Grás agus Sláinte tríd Ioſa Críoſd *c*; ag Soillſiughadh a Nimntinne chum Neithe DHE do thuigſin go Spioradoi agus go Slainteamhuil *d*; Ag tabhairt

a *Romh.* 8. 30. *agus C.* 11. *r.* 7. *Epheſ.* 1 10, 11. b 2 *Teſſal.* 2. 13, 14. 2 *Ccor.* 3. 3, 6 c *Romh.* 8. 2. *Epheſ.* 2. 1, 2, 3, 4, 5. 2 *Tim.* 1 9, 10. d *Gniomh.* 26. 18. 1 *Ccor.* 2. 10, 12 *Epheſ.* 1. 17, 18.

Ngcroidh

Ngcroidhe Cloiche uatha, agus ag tabhairt Croidhe Feóla dhoibh *e*; ag Athnuadhthughadh a Ntoile, agus le na Neart Uilechumhachdach * ag tabhairt orra Socrughadh air a ní ta Maith *f*, agus ga ntarruing go heifeachdach chum Iosa Crioſd *g*: gidheadh ſann air chor as gu bhfuilid ag teachd gu ro-ſhaor, air bheith dhoibh air na ndeanamh deónach le na Ghrás *h*.

e *Eſech.* 36. 26. f *Eſech.* 11. 19. *agus Caib.* 36. *r.* 27. *Philipp.* 2. 13. *Dheut.* 30. 6. g *Epheſ.* 1. 19. *Eoin* 6. 44, 45. h *Laoidh Sholom.* 1. 4. *Salm* 110. 3. *Eoin* 6. 37. *Romh.* 6. 16, 17, 18.

II. 'Sann amhain o Ghrás ſhaor agus ſhunnradhach DHE, atá an Ghairm Eifeachdachſa, is ni hann o ni air bith idir do chuncas roimh laimh 'ſan Duine *i*, neach ata go hiomlan Fulangthach inute, gus an bhfuil ſe, air bheith dhó aithbheothaighte agus athnuadhthuighte leís an Spiorad Naomh *k*, air na dheanamh Comaſach da thaoibh ſin chum an Ghairmſe do fhreagradh, agus an Grás atá air na thairgſe agus air na ioinchar inn, a dhlú-ghabhail chuige *l*.

i 2 *Tim.* 1. 9. *Tit.* 3. 4, 5. *Epheſ.* 2. 4, 5, 8, 9. *Romh.* 9. 11. k 1 *Cor.* 2. 14. *Romh.* 8. 7. *Epheſ.* 2. 5. l *Eoin* 6. 37. *Eſech.* 36. 27. *Eoin* 5. 25.

III. Naoidheana Taghta, ag báſughadh re Haois an Naoidheantachd, atáid air na

Naithgheintin agus air na Nſábhaladh le Crioſd trid an Spioraid *m*, neach atá ag oibriughadh a nuair as áil leis, far a náil leis, agus mar as áil leis *n*. As amhluidh fós atá gach uile neach Taghta eile nach fédfir a Ghairm a leith amuigh le Miniostralachd an Fhocail *o*.

m *Luc.* 18. 15, 16. *agus Gniomh.* 2. 38, 39. *agus* Eoin 3. 3, 5. *agus* 1 Eoin 5. 12. *agus Romh.* 8. 9, *na haiteſi uile maille re cheile.* n Eoin 3. 8. o 1 Eoin 5. 12. *Gniomh.* 4. 12.

IV. Ge gu bhfeud Daoine eile nach bhfuil Taghta, bheith air na Ngairm le Miniostralachd an Fhocail *p*, agus cuid d'oibriughaidhthe cumanta an Spioraid do bheith aca *q*, gidheadh ni bhfuil ſiad a chaoich ag teachd gu ſior chum Crioſd, agus uime ſin ni bhfeudfuid bheith air na nſábhaladh *r*: As lugha na ſin fhéudfas Daoine nach bhfuil ag admhail an Chreidimh Chrioſduighe, bheith air na nſábhladh ann a ſlighe air bith eile, da mhéad an díthchil iona Mbeathadh do † chaitheamh a réir Solus Náduire agus Reachd an Chreidimh ſin ataid ag admhail *ſ*. Agus bheith ag rádh agus ag ſeaſamh ris, gu bhfeud ſiad bheith air na

† *chumadh.*

p *Matt.* 22. 14. q *Matt.* 7. 22. agus *Matt* 13. 20, 21. *Eabhr.* 6. 4, 5. r Eoin 6. 64, 65, 66 agus Eoin 8. 24. ſ *Gniomh.* 4. 12. Eoin 14. 6 agus Eoin 4. 22. agus Eoin 17. 3. *Epheſ.* 2. 12

nſábhaladh

nſábhaladh, as ní ro-urchoideach agus gráineamhail é *t*.

t 2 Eoin, *rann* 9. 10, 11. 1 *Cor.* 16. 22. *Gala.* 1. 6, 7, 8.

CAIB. XI.

Man *† *Fhireunughadh.* † Tſaoradh.

I. AN Drong ata DIA ag Gairm gu heifeachdach, tá ſé mar an gceadna ga Mhfireunughadh † gu ſaor *a*, ni hann le Fíreuntachd do chur ionta, achd le a Mbpeacaidhe do mhaitheamh dhoibh, agus le bheith ag meas, agus ag gabhail re a Mbpearſunaibh mar Fhireunaibh; ni hann, air ſon ni air bith atá air na oibriughadh ionta, no air na dheanamh leó, achd air ſon Chríoſd na aonar; ni mó is ann le bheith ag meas doibh mar a Mhfireuntachd, Creideamh feín, Gníomh a Ngcreidſine, no Umhlachd air bhith eile † do reir an Tſoiſgeil; achd le Humhlachd agus Díoladh Chríoſd do mheas doibh *b*, air bheith dhoibh ag gabhail agus ag ſocrughadh air Chrioſd agus air Fhíreuntachd trid

† *a naſgaidh.*

† *Soiſgeulach.*

a *Romh.* 8. 30. agus *Romh.* 3. 24. b *Romh.* 4. 5, 6, 7, 8. 2 *Cor.* 5. 19, 21. *Komh.* 3. 22, 24, 25, 27, 28. *Tit.* 1. 5, 7. *Epheſ.* 1. 7. *Jerem.* 23. 6. 1 *Cor.* 1. 30, 31. *Romh.* 5. 17, 18, 19.

Creidimh; agus ni bhfuil an Gcreideamhfa aca uatha fein, is Tiodhlacadh o DHIA é *c.*

c *Gniomh.* 10. 44. *Gala.* 2. 16. *Philipp.* 3. 9. *Gniomh.* 13. 38, 39. *Epheſ.* 2. 7, 8.

II. A ſé Creideamh ag gabhail agus ag ſocrughadh mar ſo air Chrioſd agus air Fhireuntachd, aon Ionſtrumaint an Fhíreiniughaidh *d*; gidheadh ni bhfuil ſé na aonar leis féin ann ſan Tí atá air na Fhíreiniughadh, achd atá na huile Ghráſa Slainteamhla eile, do ghná ina chomhchuideachd, agus ni Gcreideamh marbh idir é, achd tá ſe ag oibriughadh tríd Gráidh *e.*

d *Eoin* 1. 12. *Romh.* 3. 28. *agus Romh.* 5. 1.
e *Sheam.* 2. 17, 22, 26. *Gala.* 5. 6.

III. Do thuaſgail Críoſd gu hiomlán c a Nainbhfíach, le na Umhlachd agus le na Bhás, an Drong úd uile atá mar ſo air na Mhfíreiniughadh, agus dtug ſíor Dhíoladh iomlan, agus da ríreadh, do Cheartas Athar na Náite *f.* Gidheadh a méud as gu raibh ſé air na thabhairt leis an Athair air an ſon *g*; agus gur ghabhadh re na Umlachd agus re na Dhíoladh as a nleith *h*; agus iad ſo araon † gu ſaor, ni hann air ſon ni air bith iontaſan; atá a Mhſíteniughadh

† *a naſgaidh.*

f *Romh.* 5. 8, 9, 10, 19. 1 *Tim.* 2. 5, 6. *Eabhr.* 10. 10, 14. *Dan.* 9. 24, 26. *Iſai.* 53. 4, 5, 6. 10, 11, 12. g *Romh.* 8. 32. h 2 *Cor.* 5. 21. *Matt.* 3. 17. *Epheſ.* 5. 2.

uime

uime ſin o ſhaor Ghrás amhain *i*, a gcoinne gu mbiodh araon, Lán-Cheartas agus Gráſa ſaidhbhir DHE, air in Nglorughadh ann a Bhfíreunughadh na Bpeacach *k*.

i *Romh.* 3. 24. *Epheſ.* 1. 7. k *Romh.* 3. 26. *Epheſ.* 2. 7.

IV. Do orduigh DIA o uile Bhiothbhuanachd, na Daoine Taghta uile d'fíreniughadh *l*, agus a Niomlaine na Haimſire fuair Crioſd Bás air ſon a Mbpeacaidhibh, agus déirigh arís chum a Mhfireniughadh *m*: gidheadh, ni bhfuilid ſiad air na Mhfíreniughadh gus an dean an Spiorad Naomh, a nam iomchubhaidh, Crioſd † *cheana. a* a chur riú † do ríreadh *n*. *láthair.* &c.

l *Gala.* 3. 8. 1 *Phead.* 1. 2, 19, 20. *Romh.* 8. 30. m *Gala.* 4. 4. 1 *Tim.* 2. 6. *Romh.* 4. 25. n *Coloſſ.* 1. 21, 22. *Gala.* 2. 16. *Tit.* 3. 4, 5, 6, 7.

V. Atá DIA ag mairſeadh ann a bheith ag Maitheamh Peacaidhe na Druinge tá air na Mhſíreunughadh *o*: agus ge nach ſéudfuid a bhfeaſda tuitim o Staid na Fíreunuighidh *p*; gidheadh ſéudfuid tuitim ſa Dhiomadh Athaireoil DHE, agus gun Solus a Ghnuiſe bheith air na aiſigeadh arís doibh, nó go deanuid iad fein do Iriſliughadh, a Mbpeacaidhe do Admhail, Maitheamhnas

o *Matt.* 6. 12. 1 *Eoin* 1. 7, 9. 1 *Eoin* 2. 1, 2. p *Luc.* 22. 32. *Eoin* 10. 28. *Eabhr.* 10. 14.

do Aſlughadh, a Ngcreideamh agus a Naithrighe D'athnuadhughadh *q*.

q *Salm* 89. 31, 32, 33. *Salm* 51. 7, 8, 9, 10, 11, 12. *Salm* 32. 5. *Matt.* 26. 75. 1 *Cor.* 11. 30, 32. *Luc.* 1. 20.

VI. B'ionann, air gach Dóigh dhibh ſúd, Fíreunughadh na Gcreidmhighe fan Tſeintiomna, agus Fíreunughadh na Gcreidmhighe fan Tiomna Nuadh *r*.

r *Gala.* 3. 9, 13, 14. *Romh.* 4. 22, 23, 24. *Eabhr.* 13. 8.

CAIB. XII.

M'an Uchdmhacachd.

I. ATá DIA ag Deónughadh, iona Aonmhac Ioſa Croíſd agus air a ſhon, an Drong ſin uile atá air na Mhfíreunughadh, a dheanamh na Nluchd-comhpairt, do Ghrás na Huchdmhacachd *a*: Tre a bhfuil ſiad air na ngabhail a Naireamh Chloinne DE, agus ag mealtuin gach uile Shaoirſe agus Shochair ſhuimradhach bheanus doibh *b*; agus tre bhfuil a Ainmſin air na chur orra *c*, agus iad ag faghail Spiorad na Huchdmhacachd *d*, agus Cead teachd chum Cathair Ríoghail na Ngrás, le Dánachd *e*,

a *Epheſ.* 1. 5. b *Gala.* 4. 4, 5. *Romh.* 8. 17. *Eoin* 1. 12. c *Jerem.* 14. 9. 2 *Cor.* 6. 18. *Foilſ.* 3. 12. d *Romh.* 8. 15. e *Epheſ.* 3. 12. *Romh.* 5. 2.

agus

igus air na ndeanamh Comaſach chum *Abba Athair*, do éigheadh *f*; agus tre bhfuil Truas iir na ghabhail diobh, agus iad air na Ngcoimhed, Freaſdal air na dheanamh dhoibh, agus iad air na Nſmachdughadh, leis, mar le Athair *k*, gidheadh ni bhfuilid idir air na nteilgeadh dhe *l*, achd ataid air na Nſéulughadh chum La an Tſaoraidh *m*, agus ag ſealbhughadh na Ngeallamhna *n*, mar Oidhrighe na Slainte bhiorruidhe *o*.

f *Gala.* 4. 6. g *Salm* 103. 13. h *Seanfhoc.* 14. 26. i *Matt.* 6. 30, 32. 1 *Phead.* 5. 7. k *Eabhr.* 12. 6. l *Caoi Jerem.* 3. 31. m *Ephes.* 4. 30. n *Eabhr.* 6. 12. o 1 *Phead.* 1. 3, 4. *Eabhr.* 1. 14.

CAIB. XIII.

Man Naomhthughadh.

AN Drong ata air na Ngairm go heifeachdach, agus air na Naithgheineamhuin, air bheith do Chroidhe Nuadh, agus Spiorad Nuadh, air na ngcruthughadh ionnta, ataid ni is mo air na Naomhthughadh do ríreadh agus

† iona Mbpearſuinibh fein, tre Fearta Báis agus Eiſeirighe Chriofd *a*, le na

† *gu Pearſunta, gu Pearſunoil.*

a 1 *Cor.* 6. 11. *Gniomh.* 20. 32. *Philipp.* 3. 10. *Romh.* 6. 5, 6.

Fhocal

Fhocal agus le na Spiorad na ngcomhnuic ionta *b* : atá Uachdranachd Cuirp a Pheacaidhe go hiomlan air na ſgrios *c*, agu a uile Ainmianna air na nlagughadh, agu air na ngclaoidh, ni is ſmó agus ni is ſmò agus iad fein ni is ſmó agus ni is ſmó a na mbeóthughadh agus air na neartughad annſna huile Ghráſaibh Slainteamhla chum Fíornaomhthachd do chur a ngníomh ní iona Fhéugmhuis nach faic Duine air bit an Tighearna *f*.

b *Eoin* 17. 17. *Epheſ.* 5. 26. 2 *Teſſal.* 2. 13
c *Romh.* 6. 6, 14. d *Gala.* 5. 24. *Romh.* 8. 13
e *Coloſſ.* 1. 11. *Epheſ.* 3. 16, 17, 18, 19
f 2 *Cor.* 7. 1. *Eabhr.* 12. 14.

II. Atá an Naomhthachdſa air feadh an Duine go hiomlan *g*, gidheadh neamh fhoirfe ſan Bheathſa, atá Fuighiol egin do Thruaillidheachd ag fantuin ann igach Ball *h*; agus as ſo ata Cogadh buanmhairthionach agus neimhréitidheach ag éirigh air bheith don Fheoil ag Miannughadh anaghaidh an Spioraid, agus an Spiorad anaghaidh na Feóla *i*.

g 1 *Teſſal.* 5. 23. h 1 *Eoin* 1. 10. *Romh.* 7 18, 23. *Philipp.* 3. 12. i *Gala.* 5. 17. 1 *Phead* 2. 11.

III. Ann ſan Chogadhſa, ge go bhfeuc an Truaillidheachd ata air márthuin, lámh a nuachdar dfhaghail gu mór, re ſeal *k*-

k *Romh.* 7. 23.

gidheadh

idheadh tre Sior-fhritheoladh Neirt doibh, o piorad Naomhthuighe Chriosd, atá ain Chuid air na Aithgheintinn ag Buadhughdh *l* : agus mar sin atá na Naoimh ag fás a Ngrás, ag comhlionadh Naomhthachd a Neagal DE *n*.

l *Romh.* 6. 14. 1 *Eoin* 5. 4. *Ephes.* 4. 15, 6. m 2 *Phead.* 3. 18. 2 *Ccor.* 3. 18. n 2 *Ccor.* 7. 1.

CAIB. XIV.

Mu Chreideamh Slainteambail.

I. GRás an Chreidimh tre bhfuil na Daoine Taghta air na ndeanamh comasach chum Creidsin, gu sábhaladh a Nanma *a*, is Obair Spioraid Chriosd iona Ngeroidhthibh é *b* ; agus 'sann le Miniotralachd an Fhocail is gnáth leis bheith air na Oibriughadh *c* : leis so fós agus le Fritheoladh na Nsacramuinteadha, agus Urnuighe, atá sé ag dul a Méad, agus air na Neartughadh *d*.

a *Eabhr.* 10. 39. b 2 *Cor.* 4. 13. *Ephes.* 1. 17, 18, 19. *Ephes.* 2. 8. c *Romh.* 10. 14, 17. d 1 *Phead.* 2. 2. *Gniomh.* 20. 32. *Romh.* 4. 11. *Luc.* 17. 5. *Romh.* 1. 16, 17.

II. Leis an Chreideamhsa atá Criosduidh ig creidsin, gur fior gach cinni atá air na hoillsiughadh san Fhocal, air son Ughdardhas

dhas DHE féin ag labhai
† *ag gniomhadh.* ann *e*, agus atá se ag † oi
riughadh gu héugsamh
air an ni atá air nâ chur síos ann sgach á
sa leth dhe ; *eadhon* ag tabhairt Um
lachd do na Haitheantaibh *f*, ag críothnug
adh ris na Bagraídhibh *g*, agus ag dl
ghabhail Geallamhna DHE thaobh
Beathasa, agus na Beathaidh atá re teachd
Achd siad Gniomha áirid an Chreidin
Slainteamhail, Aontughadh do Chriosd
Gabhail ris, agus Socrughadh air, na aon
chum Fíreunughadh, Naomhughadh, ag
Beatha Shuthain, bhrígh Coimhcheangail
Ngrás *i*.

e *Eoin* 4. 42. 1 *Tessal.* 3. 13. 1 *Eoin* 5. 1
Gniomh. 24. 14. f *Romh.* 16. 26. g *Isai.* 66.
h *Eabhr.* 11. 13. i *Tim.* 4. 8. 1 *Eoin* 1. 1
Gniomh. 16. 31. *Gala.* 2. 20. *Gniomh.* 15. 1

III. Atá eidirdhealughadh san Chreideamh
thaobh Céumanna, Lag no Láidir *k* ; féudf
gu tric agus air iomdha Modh, Ionnsuigl
do thabhairt air, agus a Lagughadh, ac
gidheadh atá se ag faghail na Buaidhe *l* ;
fás a niomdha neach air chor as go nrig sia
air Láin-dearbh-beachd tríd Iosa Criosd
Ughdar agus Fear-criochnuighe fós ar Cre
diimh *n*.

k *Eabhr.* 5. 13, 14. *Romh.* 4. 19, 20. *Ma*
8. 10. *Matt.* 6. 30. l *Luc.* 22. 31, 32. *Eph*
6. 16. *Eoin* 5. 45. m *Eabhr.* 6. 11, 12. *Eabh*
10. 22. *Coloss.* 2. 2. n *Eabhr.* 12. 2.

CAI

CAIB. XV.

Mu Aithrighe chum Beatha.

AIthrighe chum na Beatha is Grás Soiſgeulach í *a*, agus atá a Teagaſg na Sheanmoiriughadh le gach Miniſteoir i Tſoiſgeil, comhmaith is an Teaſaſg ma hreideamh a Gerioſd *b*.

a *Sechar.* 12. 10. *Gniomh.* 11. 18. b *Luc.* .. 47. *Marc.* 1. 15. *Gniomh.* 20. 21.

II. Tríd Aithrighe, atâ an Bpeacach (o ealladh agus o Mhothughadh ni amhain r Cunntabhart, achd mar an eceadna air lachar agus Fuathmhuireachd a Pheac-dhe, mar neithe atá a naghaidh Nádur aomhtha, agus Lagh Comhthromach DHE, us air Breathnughadh dhó do Thrócaire HE a Gerioſd don Droing atá Aithrigheach) oi Dhoilghios air ſon a Pheacaidhibh, us ag tabhairt Fuath dhoibh, air chor as go nfuil ſé ag iompodh uatha uile dionn-ighe DHE *c*, le Rún agus Díthchioll chum uaſachd maille ris, ann a nuile Shlighthibh ithearta *d*.

c *Eſech.* 18. 30, 31. *agus Caib.* 36. *r.* 31. *ii.* 30. 22. *Salm* 51. 4. *Ierem.* 31. 18, 19. *el* 2. 12, 13. *Amos* 5. 15. *Salm* 119. 128. *Cor.* 7. 11. d *Salm* 119. 6, 59, 106. *Luc.* 1. 2 *Riogh.* 23. 25.

III. Ge

III. Ge nach cóir bun do dheanamh as a Aithreachus mar Dhíoladh air bith airso Peacaidh, no mar Adhbhar air bith a Maitheamhnas ann *e*, ní is Gniomh é d shaor Ghrása DHE ann a Gcriotd *f*, gidhead atá Aithreachas comhfhéudhmoil do na hui Pheacachaibh, is nach dtig do neach a bith súil a bheith aige re Maitheamhn iona fhéugmhuis *g*.

e *Esech.* 36. 30, 32. *agus Esech.* 16. 61, 6 63. f *Hos.* 14. 2, 4. *Romh.* 3. 24. *Ephes.* 1. g *Luc.* 13. 3, 5. *Gniomh.* 17. 30, 31.

IV. Mar nach bhfuil Peacadh air bi coimhbeag as nach tuill sé Damnadh *h*, amhluidh ni bhfuil Peacadh air bith coml mór as gu bhféud sé Damnadh do tharruir air an Druing atá ag deanamh Fior-Aith reachais *i*.

h *Romh.* 6. 23. *Romh.* 5. 12. *Matt.* 12. 3 i *Isai.* 55. 7. *Romh.* 8. 1. *Isai.* 1. 16, 18.

V. Ni gcóir do Dhaoinibh iad fein do tho liughadh le Haithreachas gheneralta, ach a sé Dleasdanas gach Duine, Díthchioll chaitheamh chum Aithreachas sa leith d dheanamh air son a Pheacaidhibh sa leith *k*

k *Salm* 19. 13. *Luc.* 19. 8. 1 *Tim.* 1. 1 15.

VI. Mar atá dfiachaibh air gach Duin Admhail díomhaire air a Pheacaidhibh dheanamh do DHIA, ag aslughadh ai Maitheamhn

Maitheamhnas a thabhairt ionnta *l* ; agus air lorg dhó ſo do dheanamh, agus a Pheacaidh do thréigſin, gheibh ſé Trócair *m*: 'ſaimhluidh is cóir don ti bheir Oilbheim da Bhráthair no do Eaglais Chrioſd, bheith roileach, a Aithrighe do thaiſbeunadh don drong da dtug ſé Oilbheim, le Admhail dſombair no follus, agus le Dobrón air ſon a Pheacaidh, agus is cóir dhoibhſin na lorg ſo bheith réidh ris, agus gabhail ris ann a ngrádh *o*.

l *Salm* 51. 4, 5, 7, 9, 14. *agus Salm* 32. 5. 6. m *Sean-fhoc.* 28. 13. 1 *Eoin* 1. 9. n *Seam.* 5. 16. *Luc.* 17. 3, 4. *Joſhua* 7. 19. *Salm* 51. *go hiomlan.* o 2 *Cor.* 2. 8.

CAIB. XVI.

Mu Dheaghoibrighibh.

I. IS Deaghoibrighe, iad ſin amhain do aithin DIA iona Fhocal Naomhtha *a*, agus ni Ndeaghoibrighe iad ſin atá a bhféugmhuis Barantais an Fhocail, air na ndealbhadh le Daoinibh, o Eud dhall,
no faoi † Sgáil air bith do † *Leithſceal.* Dheaghrún *b*.

a *Mic.* 6. 8. *Romh.* 12. 2. *Eabhr.* 13. 21. b *Matt.* 25. 9. *Iſai.* 29. 13. 1 *Phead.* 1. 18. *Romh.* 10. 2. *Eoin* 16. 2. 1 *Samu.* 15. 21, 22, 23.

II. Na Deaghoibhrighe ſin, air na ndeanamh a Númhlachd do DHIA, is Toradh

agus is Comharthadha foilleir iad, air Chreideamh Fíor agus Beódha *c*: agus leó ata na Creidmhigh ag taisbeunadh a Mbuidheachais *d*, ag neartughadh a Ndeirbh-beachd *e*, * † ag tógbhail suas a Mbráithre *f* ag cur Maise air Admhail an Tsoisgeil *g* ag druideadh Béul na Neascairde *h*, agus ag Glórughadh DHE *i*, da bhfuil siad na Nobair, air na ngeruthughadh a Niosa Crioscd chuige so *k*; a gcoinne air bheith da Ntoradh aca chum Naomhthachd, go mbiodh an Chrioch aca, *eadhon* an Bheatha Shuthain *l*.

† *ag ollamhnughadh.*

c *Seum.* 2. 18, 22. d *Salm* 116. 12, 13 1 *Phead.* 2. 9. e 1 *Eoin* 2. 3, 5. 2 *Phead.* 1 *rann* 5 *go nuig rann* 10. f 2 *Cor.* 9. 2 *Marc* 5. 16. g *Tit.* 2. 5, 9, 10, 11, 12. 1 *Tim* 1. 6. h 1 *Phead.* 2. 15. i 1 *Phead.* 2. 1 *Philipp.* 1. 11. *Eoin* 15. 1. k *Ephes.* 2. 1 *Romh.* 6. 22.

III. Ni hann uatha fein idir atá Ngcomas air Deaghoibrighe do dheanamhachd go hiomlan o Spiorad Chriosd *n*. Agus chum go mbithid air na ndeanamh comasach chuige sin, a bharr air na Grádfuair siad cheana, as féudhmoil * sa cheart am * Feart an Spioraid Naoimh chéudna, chum toileadh agus deanam

m *Eoin* 15. 4, 6. *Esech.* 36. 26, 27.

d'oibriughad

d'oibriughadh ionnta da Ghean maith *n*: gidheadh ni ngcóir dhoibhsin na lorg so fás Neimhghníomhach, mar nach budh dligheach dhoibh Dleasdanas air bith a Choimhionadh, achd an lorg Gluaiachd shunnradhach an Spioraid; achd as cóir dhoibh bheith dithchiollach ann a Ngráfa DHE tá ionnta a † *Bheodhughadh fuas.* Chorrughadh fuas *o*.

n *Philipp.* 2. 13. *agus Caib.* 4. *r.* 13. 2 *Cor.* 5. o *Philipp.* 2. 12. *Eabhr.* 6. 11, 12. *Phead.* 1. 3, 5, 10, 11. *Isa.* 64. 7. 2 *Tim.* 1. 6. *Iniomh.* 26. 6, 7. *Jude rann* 20, *agus* 21.

IV. An drong atá iona Numhlachd ag ighionn air an Airde is mó air a bhféidir ghionn san Bheathaia, as comhthiada ghabh atha bheith comalach r † dul osciomn a † *Bairgniomhadh*, dleasdanais, agus tuill- *Bairdheanamh.* dh a dheanamh is atá IA ag iarruidh, as go bhfuil móran tá fiachaibh orra mar Dhleasdanas air nach fuilid a righionn *p*.

p *Luc.* 17. 10. *Nehem.* 13. 22. *Job* 9. 2, 3. *Psala.* 5. 17.

V. Ni hédir linn, Maitheamhnas Peacaidhe, an Bheatha Shuthaínn, do thuilltin air imh DHE, le ar Noibrighibh is fearr, rígh an Neamhchoimeis ata edir iad fo us an Ghlóir re teachd, agus an Tedirealadh neimhchríochnuigheach atá eidir

ſinne agus DIA, neach da nach féud ſinn bheith tarbhach, na Dioladh a thabhairt airſon Ainbhſiach ar Bpeacaidh do rinneamar cheana *q*; achd an tan do ní ſinn na huile neithe fhédfir linn do dheanamh, nior rinneamar achd ar Dleaſdanas, agus is Seirbheiſigh neamhtharbhach ſinn *r*; Agus do bhrígh fós mar is maith iad, gu bhfuilid ag teachd o a Spioradſan *ſ*; agus mar atáid air na ndeanamh linne atá ſiad air na ntruáilleadh, agus air na ngcumaſg leis an mhéad ſin do Laige, agus do Neamhfhoirfidheachd, as nach féud ſiad Teinneac Bhreitheamhnais DE do fhulang *t*.

q *Romh.* 3. 20. *Romh.* 4. 2, 4, 6. *Epheſ.* 2. 8 9. *Tit.* 3. 5, 6, 7. *Romh.* 8. 18. *Salm* 16. 2. *Jo* 22. 2, 3. *agus Job* 35. 7, 8. r *Luc.* 17. 10 ſ *Gala.* 5. 22, 23. t *Iſai.* 64. 6. *Gala.* 5. 17 *Romh.* 7. 15, 18. *Salm* 143. 2. *Salm* 130. 3.

VI. Achd gidheadh, air bheith do Phear ſuinibh na Gcreidmheacha, air a ngabhariú go taitneamhach tríd Ioſa Críoſd, atáſ gabhail go taitneamhach annſan, re Ndeaghoibrighibh mar an gcéudna *u*; r hann mar go mbiodh ſia ſan Bheathaſa † neimh chiontach, agus † neamh thuilltionnach air Ach mhuſan a Bhfiadhnu

† † *neamhchoiridheach, agus neamhchronuigheach.*

u *Epheſ.* 1. 6. *Geine.* 4. 4, *maille* 1 *Phead.* 2. 5. *Exod.* 28. 3 *re Eabhr.* 11. 4.

D

DE *w* ; achd gur Toil leisin, air bheith dhó ag amhrac orra iona Mhac, gabhail go taitneamhach ris an ní tá trébhdhireach, agus Luaidheachd a thabhairt dó, ge go bhfuil iomadh Anbhfainne agus neamhfhoirfidheachd iona chomhchuideachd *x*.

w *Job* 9. 20. *Salm* 143. 2. x *Eabhr*. 13. 20, 21. 2 *Cor*. 8. 12. *Eabhr*. 6. 10. *Matt*. 25. 21, 23.

VII. Oibrighe do níotar le Daoinibh nach bhfuil air na Naithghineamhuin, ge go bhféudfuid thaoibh na Cúise man bhuil siad, bheith na neithe atá DIA ag aithine, agus do Dheaghfhóghnamh dhoibh féin agus do Dhaoinibh eile araon *y* : gidheadh bhrígh nach bhfuilid ag teachd o Chroidhe air na ghlanadh le Creideamh *z* ; na air na ndeanamh air Mhodh ceart, do réir an Fhocail *a* ; na chum Crích cheart, *eadhon* Glóir DHE, nime sin atáid Peacaidheach, agus ni hédir eó taitnimh re DIA, na Duine a dheanamh oinchubhaidh chum Gras dfaghail o DHIA *c*. Achd gidheadh is peacuidhaiche thoibhsin, agus is neamhthaitneamhaiche do

y 2 *Riogh*. 10. 30, 31. 1 *Riogh*. 21. 27, 29. *Philipp*. 1. 15, 16, 18. z *Geine*. 4. 5, *mailie re Eabhr*. 11. 4, 6. a 1 *Cor*. 13. 3. *Isai*. 1. 12. *Matt*. 6. 2, 3, 16. c *Hagg*. 2. 14. *Tit*. 1. 5. *Amos* 5. 21, 22. *Hos*. 1. 4. *Romh*. 9. 16. *it*. 3. 5.

DHIA, na Hoibrigheſe do leigeadh dhíobh *d*.

d *Salm* 14. 4. *agus Salm* 36. 3. *Job* 21. 14, 15. *Matt.* 25. 41, 42, 43, 45. *Matt.* 23. 23.

CAIB. XVII.

Mu † Bhuanmhaireachduin na Naomh [ann an Staid na Ngras.]

† Shíor-Bhuanas.

I. AN drong ris an do Ghabh DIA go taitneamhach iona Mhac Ionmhuin, agus a Ghairm ſé go heifeachdach agus a Naomhuigh ſé le na Spiorad, ni bhfeídir leó tuitim go hiomlan, agus go críochnamhoil o Staid na Ngrás ; achd Buanmhairfidh ſiad ann go dearbh, go nuig na Críche, agus bithidh ſiad air na Nlábhaladh go Sioruidh *a*.

a *Philipp.* 1. 6. 2 *Phead.* 1. 10. *Eoin* 10. 28, 29. 1 *Eoin* 3. 9. 1 *Phead.* 1. 5, 9.

II. Cho ni a Nſaor-Thoil fein, is Bunachar don Bhuanmhairchionnachdſa na Naomh, achd Neamhchaochladhachd Orduigh na Taghtha, atá o Ghrádh Shaor agus Neamhchlaochladhach DHE an Athar *b* ; Eifeachd Tuilltionnais agus Edirghuidhe Joſa Críoſd *c* ; Comhnuighe Spioraid agus

b 2 *Tim.* 2. 18, 19. *Jerem.* 31. 3. c *Eabhr.* 10. 10, 14. *agus Eabhr.* 13, 20, 21. *agus Eabhr.* 9. 12, 13, 14, 15. *Romh.* 8. 33. *go deireadh an Chalbidil. Eoin* 17. 11, 24. *Luc.* 22. 32. *Eabhr.* 7. 25.

Sí

il DHE a dtaobh a Stigh dhiobh *d* ; agus Nádur Choimhcheangail na Ngrás *e* : Agus uatha so uile, itá Deirbhtheachd, agus † Neimhmhealltamhlachd an Bhuainmhairthionnachdsa ag teachd *f*.

† *Neamh-fhailligheachd.*

d *Eoin* 14. 16, 17. 1 *Eoin* 2. 27. 1 *Eoin* 3. 9. e *Jerem.* 32. 40. f *Eoin* 10. 28. 1 *Tessal.* 3. 3. 1 *Eoin* 2. 19.

III. Achd gidheadh tríd Buaidhridhibh an Aidhbhirseoir agus an Tsaoghail, tríd a Náruighidh onTruailleadh ata air márthuinn ionnta, agus tríd Díothgnáthuighidh Meadhoine a Ngcoimhdaighe, féudfuidh siad tuitim a Bpeacaidhibh anntroma *g* ; agus antuinn ionnta re teal *h* : leis a bhfuil siad ag teachd faoi Chorruigh DHE *i*, agus ag cur Doilghios air a Spiorad Naomh *k*, ag call Tomhas égin da Ngráfa agus da Ngcomhfhurtachda *l*, ag teachd faoi Chruas Croidhe *m*, agus a Ngcoguisidh air na nlot *n* ; agus leis a bhfuil siad fós ag deanamh Dochuin do Dhaoinibh eile, agus ag tabh-

g *Matt.* 26. 70, 72, 74. h *Salm* 51. *Tiodal in Tsailm, agus rann* 14. i *Isai.* 64. 5, 7, 9. 2 *Samu.* 11. 27. k *Ephes.* 4. 30. l *Salm* 51. 8, 10, 12. *Foillsi.* 2. 4. *Laoidh Shol.* 5. 2, 3, 4, 6. n *Isai.* 36. 17. *Marc* 6. 52, *agus Marc* 16. 14. n *Salm* 32. 3, 4. *agus Salm* 51. 8.

airt Oilbheim dhoibh *o*, agus ag tarruing Breitheamhnaſa ſaoghalta orra féin *p*.

o 2 *Samu.* 12. 14. p *Salm* 89. 31, 32 1 *Cor.* 1. 32.

CAIB. XVIII.

Mu Dhearbh-Beachd air Gras agus Slainte.

I. GE go bhféud Cealgoiridh agus Daoine eile nach bhfuil air na Naithgheinamhuin, iad féin do mhealladh go faoin, le Dóchas Fallſa agus Andánadas Feólmhur, go bhfuil ſiad ann a Fabhar DHE agus ann a Staid na Sláinte *a*; agus is Dóchas ſo théid a mugha *b*: gidheadh an drong atá ag creidſin do ríreadh ann ſan Tighearna Ioſa, agus atá ga ghrádhughadh le trébhdhireachd, ag deanamh díthchill air gluaſachd ann ſgach uile Dheaghchoinſiasiona láthair, féudfuidh ſiad ſan Bheathaſa, Dearbh-beachd deimhin a bheith aca go bhfuil ſiad ann a Staid na Ngrás *c*, agus féudfuidh ſiad Gairdeachas a dheanamh tre Dóchas Gloíre DHE, agus ni ndean an Dóchas ſo iadſan a náiriughadh a choidhch *d*.

a *Job* 8. 13, 14. *Mic.* 3. 11. *Deut.* 29. 19. *Eoin* 8. 41. b *Matt.* 7. 22, 23. c 1 *Eoin* 2. 3. *agus Caib.* 2. *r.* 14, 18, 19, 21, 24. *agus Caib.* 5. *r.* 13. d *Romh.* 5. 2, 5.

II. An Deirbhbeachdſa ni Mbeachdbharamhlach no choſamhlach amhain é air na

a fhuighiughadh air Dóchas mealltamhuil *e*; chd Deirbhbeachd neimhmhealltamhuil Creidimh, air na fhuighiughadh air Firinn Diadha Gheallamhna na Sláinte *f*, agus air oilleireachd fan leith a ſtigh mu na Gráſaibh n da bhfuil na Gealltamhnaſa air na ndeanmh *g*, agus fós air Teiſtios Spioraid na ſuchdmhacachd ag deanamh Fiadhnuiſe le r Spioruidne gur Clann do DHIA ſinn *h*: gus a ſé an Spioradſa Geall-daingnighe ar Doidhreachd, tre a bhfuil ſinn air ar ſéulughdh chum Ló an Tſaoraidhe *i*.

e *Eabhr.* 6. 11, 19. f *Eabhr.* 6. 17, 18. 2 *Phead.* 1. 4, 5, 10, 11. 1 *Eoin* 2. 3. *agus Gaib.* 3. *r.* 14. 2 *Cor.* 1. 12. h *Romh.* 8. 15, 16. i *Epheſ.* 3. 13, 14. *agus Epheſ.* 4. 30. 2 *Cor.* 1. 21, 22.

III. Ni mbuin an Deirbhbeachd neimhmhealltamhailſe do Nádur an Chreidimh nar mach féudfadh an Fior-Chreidmheach bheith go fada ag feitheamh, agus ag cómhrac re iomdha Cruadal ſuil fan rig ſé air *k*: gidheadh air bheith dhó air na dheanamh comaſach leis an Spiorad chum Fios do bheith aige air na neitheanna thug DIA a naiſgidh dhó, féudfuidh ſé a bhféugmhuis Foillſiughaidh neamhghnáthuighte righionn air an Deirbhbeachdſa, ann a Foghnamh

k 1 *Eoin* 5. 13. *Iſai.* 50. 10. *Marc* 9. 24. *Salm* 88 *go hiomlan, agus Salm* 77. *o rann* 1, *go nuige rann* 12.

ceart

ceart a dheanamh do na Meadhoine gnáthach *l*. Agus uime sin a sé Dleasdanas gach einneach, uile Dhithchioll do dheanamh chum a Ghairm agus a Thaghtha dfágbhadearbhtha *m*; chum thrid so go mbiodh Chroidhe air fhairsiniughadh ann a Sít agus Aoibhneas san Spiorad Naomh, ann a Ngrádh agus Buidheachas do DHIA, agu ann a Neart agus Suilbhireachd a Ndleasdanasaibh na Humhlachda, agus a siad n neithe so Fíorthoradh an Deirbhbeachda *n* as comhthada ghabh uaidhe bhéith ag aomadh Dhaoine go Mibhéus *o*.

l 1 *Cor.* 2. 12. 1 *Eoin* 4. 13. *Eabhr.* 6. 11 12. *Ephes.* 3. 17, 18, 19. m 2 *Phead.* 1. 10 n *Romh.* 5. 1; 2, 5. *Romh.* 14. 17. *agus Romh* 15. 13. *Ephes.* 1. 3, 4. *Salm* 4. 6, 7. *agus Salm* 119. 32. o 1 *Eoin* 2. 1, 2. *Romh.* 6. 1, 2. *Tit* 2. 11, 12, 14. 2 *Cor.* 7. 1. *Romh.* 8. 1, 12 1 *Eoin* 3. 2, 3. *Salm* 130. 4. 1 *Eoin* 1. 6, 7.

IV. Feudtuidh Deirbhbeachd na Bhfíorchreidmheacha ma Nsiainte, bheith air iomadh Modh air na chrathadh, ain na lughdughadh, agus † stad a dhul air ; eadhon tri Neamhchúram iona choimhead ; tre tuitim a Bpeacadh áirid égin a loirfeas an Coguis, agus chuireas Doilghios air an Spiorad ; tre Bruaidhreadh égin grad agus dian ; tre Solus Gnáite DHE bheith air na tharruing leis air ais uatha, agus é bheith ag fulang dhoibhsin fein air an bhfuil

† *edirleigeadh a theachd air.*

Eagalsan

Eagalſan gluaſachd a Ndorchadas agus gun olus air bith do bheith aca *p*: gidheadh ni bhfuilid ſiad idir folamh go hiomlan lo Shíol ſin DE, agus don Bheatha ſin an Chreidimh, don Ghrádh ſin do Chrioſd gus na Bráithribh, don Trebhdhireachd Croidhe ſin, agus do Choinſias mu Dhleaſ-anas; as a bhféud, tríd oibriughadh an pioraid, an Deirbhbeachdſa bheith a nam omchubhaidh air aithbheódhughadh *q*, agus eis a bhfuil ſiad ſan am atá a láthair air na ngeongmhail ſuas o Eadóchas tur *r*.

p *Laoidh Shol.* 5. 2, 3, 6. *Salm.* 51. 8, 12, 14. *Ephes.* 4. 30, 31. *Salm* 77. o *rann* 1, *gu nuige rann* 10. *Matt.* 26. o *rann* 69, *go nuige rann* 72. *Salm* 31. 22. *agus Salm* 88, *go hiomlan.* *Isai.* 50. 10. q 1 *Eoin* 3. 9. *Luc.* 22. 32. *Job* 3. 15. *Salm* 73. 15. *agus Salm* 51. 8, 12. *Micah* 7. 7, 8, 9. *Jerem.* 32. 40. *Isai.* 45. 7, 8, 9, 10. *Salm* 22. 1. *agus Salm* 88, *go hiomlan.*

CAIB. XIX.

Mu Lagh DHE.

1. THug DIA do Adhamh Lagh mar Choimheangal Oibrighe, ler heangail ſé eſin agus a Shliochd uile, re dumhlachd Phearſunta, Iomlan, Fhoirfe, gus Ghnáthmhairthionach; ag gealladh Beatha an lorg a Choimhlionaidh, agus ag bagradh

bagradh Báis an lorg a Bhrisidh ; agus thu sé Neart agus Comas dó chum an Laghsa d choimhead *a*.

a *Geine.* 1. 26, 27, *maille re Geine.* 2. 1 *Romh.* 2. 14, 15. *agus Romh.* 10. 5. *agus Rom* 5. 12, 19. *Gala.* 3. 10, 12. *Seanmoir.* 7. 29. *J* 28. 28.

II. An diaigh don Duine tuitim, do mha an Laghsa bheith na Riagha † *Ionracus.* iomlan air * † Fíreantach agus sann mar sin thug DI seachad é, air Sliabh Sinai, ann an Dei Aitheantaibh, agus do scríobhadh é air Chlár *b* ; air bheith ann sna Ceithir Aitl eantaibh is tosaighe ar Dleasdanas do DHI agus ann sna Sé Aitheantaibh is deirio naighe ar Dleasdanas do Dhuine *c*.

b *Seam.* 1. 25. *agus Seam.* 2. 8, 10, 11, 1 *Romh.* 13. 8, 9. *Deut.* 5. 52. *agus Deut.* 10. *Exod.* 34. 1. c *Matt.* 2. 37, 38, 39, 40.

III. A thuilleadh air an Laghsa, da ngoi thear go coitcheann Lagh na Modhannaid chuncas do DHIA go dtug sé do Phobi Israél, mar Eaglais ann a Nóige, Reachd Séireamoinealta ann a raibh iomadh Oirdio nansaidh Somplaireach, cuid díobh m Adhradh, ag Fioghuiriughadh roimh láim Grása, Gnsomhartha, Fulannthasa, agus Sochai Chrioſd *d* ; agus cuid díobh ag taisbeinead

d *Eabhr. Caibideal* 9. *Eabhr.* 10. 1. *Gal* 4. 1, 2, 3. *Coloſſ.* 2. 17.

iomad

iomadh gné Theagaisg mu Dhleasdanasaibh Móralta *e*. Agus atá na Reachda Seirean-oinealtasa uile air na ngeur air geúrl anois, san Tiomna Nuadh *f*.

e 1 *Cor.* 5. 7. 2 *Cor.* 6. 17. *Jud. rann* 23.
f *Coloss.* 2. 14, 16, 17. *Dan.* 9. 27. *Ephes.* 2. 15, 16.

IV. Dhoibhsan fós mar * † Státa * † Choimh-riaghalta thug sé iomadh Reachd Breitheamhail, do chriochnuigh maille re Stát an Phobuilsin, gun iad a ceangal einneach eile anois, ni is faide na atá a Ngceartas gheneralta ag iarruidh *g*.

† *Chomh-chorp.*
† *Riaghalta.*

g *Exod.* 21 *go hiomlan.* *Exod.* 22. 1, *go nuige rann* 29. *Geine.* 49. 10, *maille re* 1 *Phead.* 2. 13, 14. *Matt.* 5. 17, *maille re rann* 38, *agus rann* 39. 1 *Cor.* 9. 8, 9, 10.

V. A tá † Lagh na Modhannaidh ag ceangal a bhfeasda re Humhlachd dhó, na huile *Dhaoine* atá air na Mhfirean-nughadh, agus gach einneach eile *h*; Agus so ni amhain a thaoibh na Neitheann atá air na ngeur sios ann, achd fós a thaoibh Ughdardhais DE an Ceruthuigheoir, a thug seachad é *i*. Agus ann san Tsoisgeul, ni bhfuil Criosd ag fuasgladh an Cheangailse air

† *an Lagh* *Moralta.*

h *Romh.* 13. 8, 9. *Ephes.* 6. 2. i *Seam.* 2. 10, 11.

mhodh air bith, achd ſann atá ſé gu mór ga dhaingniughadh *k*.

k *Matt.* 5. 17, 18, 19. *Seam.* 2. 8. *Romh.* 3. 31.

VI. Ge nach bhfuil Fíorchreidmhigh faoi an Lagh mar Choimhcheangal Oibrighe, chum bheith air na Mhíreunughadh no air na Ndídeadh da thríd *l*; gidheadh atá Fóghnamh mór ann doibhſan, amhluidh is do Dhaoinibh eile; a méad as go bhfuil ſé, mar Riaghail Beathaidh atá ag cur Toil DE agus an Dleaſdanas féin a gcéill doibh, ga nſtiubhradh agus ga ngceangal chum gluaſachd do réir ſin *m*; ag nochdadh fós Truaillidheachd pheacach a Náduire, a Ngcroidhthidh, agus a Mbeathaidh *n*; air chor as air bheith dhoibh ga ngceaſnughadh féin leis, go féud ſiad teachd chum tuileadh Mothughaidh do Pheacadh, tuileadh Iriſliughaidh air a ſhon, agus tuileadh Fuath dhó *o*, mailte re Sealladh ni is ſoilleire air an Fhéidhm atá aca air Chríoſd, agus air Iomlaine Umhlachdſan *p*. Atá Fóghnamh ann mar an gcéudna don dróng atá air na Naithgheineamhuin, chum coſg do chur air

l *Romh.* 6. 14. *Gala.* 2. 16. *Gala.* 5. 13 *Gala.* 4. 4, 5. *Gniomh.* 13. 39. *Romh.* 8. 1. *Romh* 7. 12, 22, 25. *Salm* 119. 4, 5, 6. 1 *Cor.* 7. 19 *Gala.* 5. 14, 16, 18, 19, 20, 21, 22, 23. n *Romh* 7. 7. *Romh.* 3. 20. o *Seam.* 1. 23, 24, 25. *Romh* 7. 9, 14, 24.

a Nruaillidheachd, a méad as go bhfuil sé ag toirmeasg Peacaidh *q* : Agus atá Fóghnamh iona Bhagraidhibh, a thaisbeineadh an ní atá a Mbpeacaidhsin féin ag tuilltinn, agus créud na Hamhghair san Bheathaá as son doibh súil a bheith aca riu air an son, ge táid air na nsaoradh o a Mallachd, atá air na bhagradh san Lagh *r* : Atá a Gheallamhna mar an gcéudna ag taisbeineadh dhoibh go bhfuil Umhlachd ag taitneamh re DIA, agus créud na Sochair beannuighte ris a bhfeud siad súil a bheith aca, a lorg a Coimhlionaidh *s*, ge nach hann mar neitheanna air a bhfuil Cóir aca thaobh an Lagh mar Choimhcheangal Oibrighe *t*. Air chor as nach Comhartha idir air Dhuine bheith fán Lagh, gus gun é bheith faoi Ghrás, gu bhfuil sé ag deanamh Maith chionn go bhfuil an Lagh ag tabhairt Miunigh dhó chuige, agus ag eachnadh Uile chionn go bhfuil an Lagh ag cur Sgá air roimhe *u*.

q *Seam.* 2. 11. *Salm* 119. 101, 104, 128. *Ezra* 9. 13, 14. *Salm* 89. 30, 31, 32, 33, 34. *Lebhit.* 26. *o rann* 1, *go nuig rann* 14, *maille re* 2 *Cor.* 6. 16. *Ephes.* 6. 2, 3. *Salm* 37. 11. *Matt.* 5. 5. *Salm* 19. 11. t *Gala.* 2. 16. *Luc.* 7. 10. u *Romh.* 6. 12, 14. 1 *Phead.* 3. 8, 9, 10, 11, 12, *maille re Salm* 34. 12, 13, 14, 15, 16. *Eabhr.* 12. 28, 29.

VII. Agus do gach Fóghnamh dhiobh súd tá san Lagh, ni bhfuil a haon anaghaidh

Grás an Tſoiſgeil, achd atáid uile gu milis ag gabhhail leis *w*, air bheith do Spiorad Chrioſd ag ceannſughadh agus ag neartughadh Toile an Duine, chum an ni ſin do dheanamh gu milis agus gu ſoilbhir, atá Toil DE do fhoillſighear ſan Lagh ag iarruidh a dheanamh *x*.

w *Gala.* 3. 21. x *Eſek.* 36. 27. *Eabhr.* 8 10, *maille re Jerem.* 31. 33.

CAIB. XX.

M'an Tſaoirſe Chrioſdaidhe agus mu Shaoirſ an Choinſias.

I. A Sí an Tſaoirſe do choiſin Crioſd d Chreidmheachaibh faoi an Tſoiſ geul, a Nſaoirſe o Chiohta an Pheacaidh, Fheirg DHE a dhamnuigheas, o Mhallach Lagh na Modhannaidh *a*; agus go bhfui ſiad air na nteaſairgin on Drochſhaoghall atá a lathair, o Bhruid an Aidhbhirſeoi agus o Uachdranachd an Pheacaidh *b*, Olc Amhgharaidhe, o Ghath an Bháis, Bhuaidh na Huaighe, agus o Dhamnad ſiorruidh *c*; agus mar an gcéadna go bhfui Slighe réidh aca dionnſuighe DHIA *d*, agu

a *Titus* 2. 14. 1 *Teſſal.* 1. 10. *Gala.* 3. 1 b *Gala.* 1. 4. *Coloſſ.* 1. 13. *Gniomh.* 26. 1 *Romh.* 6. 14. c *Romh.* 8. 28. *Salm* 119. 7 1 *Cor.* 15. 54, 55, 56, 57. *Romh.* 8. 1. d *Roml* 5. 1, 2.

gu

gu bhfuilid ag tabhairt Umhlachd dhó, ni hann o Eagal Trailleamhoil, achd o Ghrádh Macamhoil, agus le Aigneadh thoileach *e*. Agus do rabhádar iad fo uile aig na Creidmhigh faoi an Lagh mar an gcéadna *f*. Achd faoi an Tiomna Nuadh atá Saoirfe na Gerioſduighe air na deanamh ni is farſuingthe, thaobh a Nfaoirfe o chuinge Lagh na Nfeireamoinidh, fán raibh an Eaglais Judaigheach *g* ; agus thaobh Dánachda ni is mó, re teachd chum Cathair Rioghamhail na Ngrás *h*, agus Compártughadh Shaor-Spioraid DE dhoibh ni is iomlaine na bu ghnáth le Creidmheachaibh faoi an Lagh bheith ag faghail *i*.

e *Romh.* 8. 14, 15. 1 *Eoin* 4. 18. f *Gala.* 3. 9, 14. g *Gala.* 4. 1, 2, 3, 6, 7. *agus Gala.* 5. 1. *Gniomh.* 15. 10, 11. h *Eabhr.* 4. 14, 16. *agus Eabhr.* 10. 19, 20, 21, 22. i *Eoin* 7. 38, 39. 2 *Cor.* 3. 13, 17, 18.

II. A fé DIA amháin is Uachdaran air an Choinſias *k*, agus dfág fé faor é o Theagaſgaibh agus o Aitheantaibh Dhaoine, atá ann a ni air bith anaghaidh Fhocail ; no fós a thuileadh an Fhocail, ma fann a Ceúiſibh Creidimh, no Adhraidh *l*. Agus mar fin a bheith ag creidfin a nleithide fo do Theagaſga agus a bheith ag tabhairt Umhlachd do,

k *Seam.* 4. 12. *Romh.* 14. 4. l *Gniomh.* 4. 19. *agus Gniomh.* 5. 29. 1 *Cor.* 7. 23. *Matt.* 23. 8, 9, 10. 2 *Cor.* 1. 24. *Matt.* 15. 9.

nleithide so d'Aitheantaibh, thaobh Coinsias, a sé sin Fíor-Shaoirse an Choinsias do thabhairt thairis *m* : agus bheith ag iarruidh * Dallchreideamh, agus Umhlachd dhall agus * iomlan gun agadh, a sé sin Saoirse an Choinsias agus Riasuin fós do sgrios *n*.

m *Coloss.* 2. 20, 22, 23. *Gala.* 1. 10. *agus Gala.* 2. 4, 5. *agus Gala.* 5. 1. n *Romh.* 10. 17. *agus Romh.* 14. 23. *Isai.* 8. 20. *Gniomh.* 17. 11. *Eoin* 4. 22. *Hos.* 5. 11. *Foills.* 13. 12, 16, 17. *Jerem.* 8. 9.

III. An drong atá ag cur Peacaidh air bith a ngniomh, no ag altrumughadh Ainmiann air bith, faoi sgáil Shaoirse Chriosdaidhe, atáid thrid sin ag sgrios Crích an Tsaoirse Chriosdaidhe, eadhon air bheith dhúinn air ar dteasairgin o Láimh ar Naimhde, go ndeanamaoid Seirbheis don Tighearna gun Eagal, ann a Naomhthachd, agus a Bhfíreuntachd, iona Láthair, re fad uile Laethe ar Mbeatha *o*.

o *Gala.* 5. 13. 1 *Phead.* 2. 16. 2 *Phead.* 2. 19. *Eoin* 8. 34. *Luc.* 1. 74, 75.

IV. Agus do bhrigh nach hé bu Rún do DHIA, go deanamh na Cumhachda a d'orduigh sesin, agus an Tsaoirse do choisin Criosd, a chéile do sgrios, achd go mbiodh siad ag congbhail suas, agus ag coimhead a chéile ; Uime sin an drong a bhios, faoi sgáil Shaoirse Chriosdaidhe, ag cothughadh anaghaidh Cumhachd Laghamhoil air bith, no

a-

anaghaidh. Gnáthughadh Laghamhoil an Chumhachda ſin, cia aca is Cumhachd Shaoghalta no Eaglaſda, atáid ag cur anaghaidh Orduigh DHE *p*. Agus feúdfar go Laghamhoil Daoine a tharruing go Cunntas agus a nleanamhuin le * Sinachdadhaibh na Heaglaiſe *q*, agus le Cumhachd an Uachdarain Shaoghalta *r*, chionn bheith ag Craobhſgaoileadh a nleithide ſin do Bharamhla, no ag Seaſamh a nleithide ſin do Dheanadais, ſa tá a naghaidh Soluis Naduire, no a naghaidh Cinn ſhoilleir an *Chreidimh Chriosdaidhe, mu Chreideamh, mu Adhradh, no mu Chaitheamhbeatha, no anaghaidh Cumhachd na Diaghaidha; No fós a nleithide ſin do Bharamhla no do Dheanadaſa mearachdacha, ſa tá, ionna Nádur fein, no thaobh

p *Matt.* 12. 25. 1 *Phead.* 2. 13, 14, 16. *Romh.* 13. 9 *rann* 1, *go nuig rann* 9. *Eabhr.* 13. 17. q *Romh.* 1. 32. *mailie re* 1 *Cor.* 5. 1, 5, 11, 13. 2 *Eoin rann* 10 *agus* 11. 2 *Teſſal.* 3. 14. *agus* 1 *Tim.* 6. 3, 4, 5. *agus Titus* 1. 10, 11, 13. *agus Titus* 3. 10, *maille re Matt.* 18. 15, 16, 17. 1 *Tim.* 1. 19, 10. *Foillſ.* 2. 2, 14, 15, 20. *agus Foillſ.* 3. 9. r *Deut.* 3. 6, *go nuig rann* 12. *Romh.* 13. 3, 4, *maille re* 2 *Eoin rann* 10, *agus rann* 11. *Eſra* 7. 23, 25, 26, 27, 28. *Foillſ.* 17. 12, 16, 17. *Nehem.* 13. 15, 17, 21, 22, 25, 30. 2 *Riogh.* 13. 5, 6, 9, 20, 21. 2 *Seanchas* 34. 33. *agus Caibideal* 15. *rann* 12, 13, 16. *Dan.* 3. 29. 1 *Tim.* 2. 1. *Iſai.* 49. 23. *Sechar.* 13. 2, 3.

an

an Mhodh air a bhfuilid ga Ngcraobhſgaoileadh no ga Nſealamh, ag cur as don Tſiothchain agus don Riaghail an leith a muigh, do ſhuighthigh Criofd ſan Eaglais *ſ.*

ſ na haite ceudna, ata ag q agus r.

CAIB. XXI.

Mu Adhradh Crabhthach, agus mu La na Sabbaide.

I. ATá Solus Náduire ag taisbeunadh gu bhfuil DIA ann aig a bhfuil Ard-Thighearnas, agus Uachdranachd oſcionn na nuilidh, atá Maith, agus ag deanamh Maith do na huilidhibh, agus uime ſin gur cóir, Eagalſan do bheith oirnn, a Ghrádhughadh, a Mholadh, Gairm air, Earbs as, agus Seirbheis a dheanamh dho, leis an Chroidhe uile, agus leis an Anam uile, agus leis an Neart uile *a.* Achd atá an Modh taitneamhach chum an DIA ſior do Adhradh, air na ordughadh le DIA fein agus a Chriocha ſin air na nſuighthiughadh, le na Thoil fhoillſighte fein chum nach biodh Adhradh air na dheanamh dhó do reir Breathnughadh agus †Cumadoireachd Dhaoine,

† *Inntleachdaibh.*

a *Romh.* 1. 20. *Gniomh.* 17. 24. *Salm* 119. 68. *Jerem.* 10. 7. *Salm* 31. 23. *agus Salm* 18. 3. *Romh.* 10. 12. *Salm* 62. 8. *Joſhua* 24. 14. *Marc.* 12. 33.

no

no Cogaraibh an Aidhbhearsoir, saoi Shamhughadhuibh saicsionnach ar bith, no air mhodh ar bith eile, nach bhfuil orduighte san Scrioptuir Naomhtha *b*.

b *Deut.* 12. 32. *Matt.* 15. 9. *Gniomh.* 17. 25. *Matt.* 4. 9, 10. *Deut.* 4. *rann* 15, *go nuige* 20. *Exod.* 20. 4, 5, 6. *Colos.* 2. 23.

II. Is cóir Adhradh Crábhthach a thabhairt do DHIA, an Tathair, an Mac, agus an Spiorad Naomh, agus dhosan ainhain *c*; ni hann d'Ainglibh, do Naoimhibh, no do Chréutuir ar bith eile *d*: Agus o Thuitim an Duine, ni hann a bhsèugmhuis Edirmheadhonthoir, no trid Edirmheadhonthoireachd neach air bith eile, achd Iosa Criosd na aonar *e*.

c *Matt.* 4. 10, *maille re Eoin* 5. 23, *agus* 2 *Cor.* 13. 14. d *Colos.* 2. 18. *Foills.* 19. 10. *Romh.* 1. 25. e *Eoin* 14. 6. 1 *Tim.* 2. 5. *Ephes.* 2. 18. *Colos.* 3. 17.

III. Air bheith don Urnuigh (maille re Buidheachas) na cuid airid don Adhradh Crábhthach *f*, atá DIA ga hiarruidh air na huile Dhaoinibh *g*; agus a gcoinne gu mbiodh sí taitneamhach, atá sí re na deanamh a Nainm an Mhic *h*, tré Congnamh an Spioraid *i*, do reir a Thoile *k*, le Tuigse, Urram, Irisleachd, Dúthrachd, Creideamh,

f *Philipp.* 4. 6. g *Salm* 65. 2. h 1 *Eoin* 14. 13, 14. 1 *Phead.* 2. 5. i *Romh.* 8. 26. k 1 *Eoin* 5. 14.

Grádh,

Grádh, agus Buan-mhaireochduin *l*, agus a Gcánamhuin a thuigear, mas Urnuighe le Guth bhios ann *m*.

l *Salm* 47. 7. *Seanmoir.* 5. 1, 2. *Eabhr.* 12. 28. *Geine.* 18. 27. *Seam.* 5. 16. *Seam.* 1. 6, 7. *Marc* 11. 24. *Matt.* 6. 12, 14, 15. *Coloſſ.* 4. 2. *Epheſ.* 6. 18. m 1 *Cor.* 14. 14.

IV. Is cóir Urnuigh do dheanamh air ſon Neithe Laghamhoil *n*, agus air ſon gach uile ſheórſa Dhaoine, atá beó, no bhios beó na dhiaigh ſo *o*: Achd ni hann air ſon na marbh *p*, no air ſon na druinge ma bhfuil fios, gun do pheacuigh ſiad, an Bpeacadh atá chum Bais *q*.

n 1 *Eoin* 5. 14. o 1 *Tim.* 2. 1, 2. *Eoin* 17. 20. 2 *Samu.* 7. 29. *Ruit* 4. 12. p 2 *Samu.* 12. 21, 22, 23, *maille re Luc.* 16. 25, 26. *Foillſ.* 14. 13. q 1 *Eoin* 5. 16.

V. Léughadh na Nſcriobtuiridhe le Heagal Diaghaidh *r*, Seanmoiriughadh fallain *ſ*, agus Eiſteachd choguiſeach, an Fhocail, ann a Numhlachd do DHIA, le Tuigſe, Creideamh, agus Urram *t*; Seinm Salma le Grás ſan Chroidhe *u*; agus mar an gcéadna, Fritheoladh iomchubhaidh agus Gabhail dhligheach na Nſacramuinteadh a dorduigh Criosd; atáid ſo uile na

r *Gniomh.* 15. 21. *Foillſ.* 1. 3. ſ 2 *Tim.* 4. 2. t *Seam.* 1. 22. *Gniomh.* 10. 33. *Matt.* 13. 19. *Eabhr.* 4. 2. *Iſai.* 66. 2. u *Coloſſ.* 3. 16. *Epheſ.* 5. 19. *Seam.* 5. 13.

iccodtcha do Adhradh Crábhthach gnáthach DE *w*: A thuileadh air Mionna *x* agus Móide Crábhthach *y*, Troſgadh *z* agus Buidheachas ſholamanta, air Chionfátha † ſunnradhach *a*, † *Faic ſhuas* atá iona Naimſiribh agus *ſan Litir.* iona Namannaibh fein; re na Gnithughadh, air Mhodh Naomhtha, Crábhthach *b*.

w *Matt.* 28. 19. 1 *Cor.* 11. 23, *go nuig rann* 29. *Gniomh.* 2. 42. x *Deut.* 6. 13. *maille re Nehem.* 10. 29. y *Iſai.* 19. 21. *maille re Seanmoir* 5. 4, 5. z *Joel* 2. 12. *Eſter* 4. 16. *Matt.* 9. 15. 1 *Cor.* 7. 5. a *Salm* 107, *go biomlan. Eſter* 9. 22. b *Eabhr.* 12. 38.

VI. Ni bhfuil Urnuighe no aonchuid eile don Adhradh Crábhthach, air na Cheangal anois faoi an Tſoiſgeul, re háit air bith, ann a bhfuil ſé air na dheanamh, na gus a bhfuil ſé air na ſtiúbhradh, is ni mó atá ſé air na dheanamh ni is tairneamhaighe da chaoibh *c*; achd ata Adhradh re na dheanamh do DHIA ann ſgach eunáite *d*, ann a Spiorad agus a Bhfirinn *e*; agus mar atá ſo re na dheanamh a Dteaghlachaibh *f*, gach Lá *g*; agus ann an Diomhaireachd, le gach aon air leth leis fein *h*; as amhluidh atá

c *Eoin* 4 21. d *Mala.* 1. 11. 1 *Tim.* 2. 8. e *Eoin* 4. 23, 24. f *Jerem.* 10. 25. *Dan.* 6. 6, 7. *Job* 1. 5. 2 *Samu.* 6. 18, 20. 1 *Phead.* 3. 7. *Gniomh.* 10. 2. g *Matt.* 6. 11. h *Matt.* 6. 6. *Epheſ.* 6. 18.

Is

ſé re na dheanamh ni as ſolamainte, ann ſna Coimhthionolaibh follaſacha, agus n gcóir dhúinn iad ſo do leigeadh tharruin no do thréigſin, gu neamhchúramach, no gu toileoil, an tan atá DIA le na Fhocal no le na Fhreaſdal ag gairm Dhaoine da nionn ſaighe *i*.

i Iſai. 56. 6, 7. *Eabhr.* 10. 25. *Seanfhoc.* 1 20, 21, 24. *agus Caib.* 8. *rann* 34. *Gniomh.* 13 42. *Luc.* 4. 16. *Gniomh.* 2. 42.

VII. Mar atá o Lagh Náduire, gu mb go generalta cuimhreann iomchubhaidh d'Aimſire air na chur air leth, chun Adhradh DHE; as amhluidh, iona Fhocal le Aithne * Dhíreach, Mhóralta, Shiormhairthionnach, atá ag Ceangal na nuil Dhaoine, ann ſgach linn, do orduigh ſe gu ſunnraighte, Aon Lá ann a Seachd, mar Shabbaid, a bheith air na Choimheac Naomhtha dhó *k*; Agus bé ſo o Thoſach ar Tſaoghail, gu nuig Eiſeirighe Chriſtſd, Lá déighionnach na ſeachdmhuine: Agus do bhí ſé, o Eiſeirighe Chriſtſd, air na athar ughadh gus an Chéad Lá don Tſeachd mhuin *l*, da ngoirthear ſan Scriobtuir LA an TIGHEARNA *m*, agus ata ſé ri mairtheochduin, go Deireadh an Tſaoghail mar an Tſaibbaid Chriſtſdaidhe *n*.

k *Exod.* 20. 8, 10, 11. *Iſai.* 56. 2, 4, 6, 7 l *Geine.* 2. 2, 3. 1 *Cor.* 16. 1, 2. *Gniomh.* 20. 7 m *Foillſ.* 1. 10. n *Exod.* 20. 8, 10, *maille r Matt.* 5. 17, 18.

VIII. At

VIII. Atá an Tſabboidſe, an ſin air a coimhead naomhtha do DHIA, an tan atá Dáoine (tar éis doibh roimh láimh deaſughadh iomchubhaidh a dheanamh air a Ngeroidhthe agus a Ngnothaigheadh ſaoghalta do chur ann Riaghail,) ni amhain, ag gabhail Támh naomhtha, re ſad an Lá, o a Noibrighibh, o a Mbriathraibh, agus o a Nímuainteadhaibh fein, ſathiomchioll a Ngnothuigheadh ſaoghalta agus a Naigher *o*, achd mar an gcéudna, a caitheamh na húine ſin go hiomlan, ann a Ngniomharthaibh Adhraidh Fhollus agus Dhíomhaire DE, agus ann an Dleaſdanaſaibh na Héginn agus na Trocaire *p*.

o *Exod.* 20. 8. *Exod.* 16. 23, 25, 26, 29, 30. *Exod.* 31. 15, 16, 17. *Iſai.* 58. 13. *Nehem.* 13. 15, 16, 17, 18, 19, 21, 22. p *Iſai.* 58. 13. *Matt.* 12. 1, *go nuig rann* 13.

CAIB. XXII.

Mu Mhionnaibh agus Mhóidibh Laghamhla.

I. MIonna Laghamhoil is cuid don Adhradh Crábhach iad *a*, ann a bhfuil air Chionfáth Ceart, an Tí a mhionnuigheas, go ſolamainte ag gairm DHIA bheith mar Fhiaghnuis air a ní atá ſé ag rádh, no ag gealladh ; agus chum Breith a thabhairt air, do reir Firinn no Bréig a mhionna *b*.

a *Deut.* 10. 20. b *Exod.* 20. 7. *Lebhit.* 19. 12. 2 *Cor.* 1. 23. 2 *Seanch.* 6. 22, 23.

II. A ſé Ainm DHE amhain, a ní air an gcóir do Dhaoine Mionnughadh, agus ann ſin do dheanamh is cóir a ghnathughadh le gach uile Eagal agus Urram naomhtha *c*. Uime ſin is ní peacach agus gráineamhoil, Mionna a thabhairt go díomhaoineach, no go hobann, air an Ainm Ghlórmhar Uathbhaſach ſin ; no Mionna a thabhairt idir air eínni air bith eile *d*. Gidheadh mar atá Mionna, a Ccúiſibh móra tromdha, air na mbarantughadh le Focal DE fan Tiomna Nuadh, amhuil is fan Tſeintiomna *e*; as amhluidh is cóir Mionna Laghamhoil do thabhairt, a chuirfear † d'ualach oruinn, ionna nleithidibh ſin do Chúiſibh, le Ughdarras Laghamhoil *f*.

† *mar gcombair.*

c *Deut.* 6. 13. d *Exod.* 20. 7. *Jerem.* 5. 7. *Matt.* 5. 34, 37. *Seam.* 5. 12. e *Eabhr.* 6. 16. 2 *Cor.* 1. 23. *Iſai.* 65. 16. f 1 *Riogh.* 8. 31. *Nehem.* 13. 25. *Eſra.* 10. 5.

III. Gidh bé air bith neach do bheir Mionna, is cóir dhó Truime Ghniomh comhſholomanta is ſin do thabhairt go hiomchubhaidh fa deara ; agus iona Mhionnaibh, gun ní air bith a chur roimhe, achd ní ma bhfuil ſé láindeimhin gur Fírinn é *g*. Agus ni gcóir do Dhuine air bith, é féin do cheangal le Mionnaibh re ní air bith achd ní atá maith agus ceart ; agus ni ma bhfuil ſé féin ag creidſin gur maith agus

g *Exod.* 20. 7. *Jerem.* 4. 2.

ceart

ceart é ; agus ní, atá Comas agus Rún aige a choimhlionadh *h*. Gidheadh is Peacadh, Mionna do dhiúltadh fathimchioll einní atá maith agus ceart, an tan do chuirfear sin d'ualach oruinn le Ughdarras Laghamhoil *i*.

h *Geine.* 24. 2, 3, 4, 5, 6, 8, 9. i *Aireamh.* 5. 19, 21, *Nehem.* 5. 12. *Exod.* 22. 7, 8, 9, 10, 11.

IV. Is cóir Mionna do thabhairt ann a Seagh shoiller agus ghnáthach na Mbriathar, a bhféugmhuis † Atharrach Seagha, no † Taisg-Inntine *k*. Ni bhféud Mionna ar gceangal chum Peacadh do dheanamh ; achd an tan do bheirthear iad, ann a ní air bith nach bhfuil peacach, atáid ag ceangal Dhuine, re a ngcoimhlionadh, ge go bann le Caill dó féin *l* : Agus ni gcóir a mbriseadh ge go bann do Eiriceachaibh, agus do Aincreidmheachaibh a bhiodh siad air na ntabhairt *m*.

† *Saobhsheagh.* *Seagh-dhubhalta.* † *Seachnadh* no *Seachrod Inntine.*

k *Jerem.* 4. 2. *Salm.* 24. 4. l 1 *Samu.* 25. 22, 32, 33, 34. *Salm* 15. 4. m *Esech.* 17. 16, 18, 19. *Josh.* 9. 18, 19, *maille re* 2 *Samu.* 22. 1.

V. Atá Nádur na Móide agus Nádur Mhionn-geallaidhe cosmhuil re a chéile, agus sann leis an Chúram Crabhthach chéadna is

cóir a tabhairt, agus leis an Dílseachd chéadna is cóir a híocadh *n*.

n *Isai.* 19. 21. *Seanmoir.* 5. 4, 5, 6. *Salm* 61 8. *Salm* 66. 13, 14.

VI. Sann do DHIA amhain, agus ni hann do Chréutuir air bith, is cóir Móid do thabhairt *o*: Agus chum go mbiodh sí taitneamhach dhó, is cóir a tabhairt go toilcach, Chreideamh, agus o Choinsias ar Dleas dánais, air mhodh Buidheachais air son Sochar a bhfuaramar, no chum go suighimic a ní atá d'easbhaidh oruinn; thrid so só atámaoid gar cceangal féin ní is teinne r Dleasdanasaibh riachdanacha; no re Neithibh eile, an méid, agus an fad, do fhéudfa siad congnamh a dheanamh leó go hiom chubhaidh *p*.

o *Salm* 76. 11. *Jerem.* 44. 25, 26. p *Deu.* 23. 21, 22, 23. *Salm* 50. 14. *Geine.* 28, 20, 21 22. 1 *Samu.* 1. 11. *Salm* 66. 13, 14. *Salm* 13: 2, 3, 4, 5.

VII. Ni gcóir do Dhuine air bith, Móid do thabhairt chum einní idir do dheanam atá air na thoirmeasg a Bhfocal DE, no bhacas Dleasdanas air bith atá air na áithr ann; no einní ma nach bhfuil Geallamh a bith aige, air Comas dtaghail o DHIA c choimhlionadh *q*. Agus da thaobh so a Móide Manachamhla na Bpápanacha in

q *Gniomh.* 23. 12, 14. *Marc* 6. 26. *Aireamh* 30. 5, 8, 12, 13.

Bheath

Bheatha †neamhphóſda a choidch, mu Bhochduin admhailte, agus Umhlachd riaghalta, comhſhada o bheith na Ngcéimeadh do thuileadh Foirfidheachd, aṡ gur Painteireadh chum Saobhchreideamh agus Peacadh iad, anu nach cóir do Chríoſduigh air bith é féin do chur an ſás *r*.

† *na Sior-Oghdhachd.*

r *Matt.* 19. 11, 12. 1 *Cor.* 7. 2, 9. *Ephes.* 4. 28. 1 *Phead.* 4. 2. 1 *Cor.* 7. 23.

CAIB. XXIII.

M'an Uachdaran Shaoghalta.

I. DO orduigh DIA (Ard-Thighearna, agus Ríogh an Tſaoghail uile) Uachdarain. Saoghalta ſa Laimh, oſcionn an Phobuil, chum a Ghlóire féin, agus chum an Mhaith † Cumanta: agus chum na Críche ſo, do Armuigh ſé iad le Comas an Chloidheamh chum Tearmunn agus Meiſneach don drong atá Maith, agus chum Dioghaltas air luchd deanaidh Uile *a*.

† *Puibligh. Coitchionn.*

a *Romh.* 13. 1, 2, 3, 4. 1 *Phead.* 2. 13, 14.

II. As Laghamhoil do Chroiſduighibh Oifig Uachdaraine a ghabhail, agus a cur a ngníomh, an tan do ghairmear chuige ſin iad *b*; agus iona Maraſglughadh, mar iscóir dhoibh bheith go háirid ag congbhail

b *Seanfhoc.* 8. 15, 16. *Romh.* 13. 1, 2, 3, 4.

ſuas Diaghachd, Comhthrom, agus Sioth-chain, do réir Reachdaibh ſallana gach Státa *c*, as amhluidh chum na Criche ſin, féudfuid go laghamhoil anois fan Tiomna Nuadh, Cogadh do dheanainh, air Adhbharaibh cearta agus riachdanacha *d*.

c *Salm* 2. 10, 11, 12. 1 *Tim.* 2. 2. *Salm* 82. 3, 4. 2 *Samu.* 23. 3. 1 *Phead.* 2. 13. d *Luc.* 3. 14. *Romh.* 13. 4. *Matt.* 8. 9, 10. *Gniomh.* 10. 1, 2. *Foillſ.* 17. 14, 16.

III. Ni gcóir don Uachdaran Shaoghalta, Fritheoladh an Fhocail agus na Nieramuinteadh, no Comis Eochracha Rioghachd Neamha, a ghabhail chuige féin *e*: gidheadh atá Ughdarras aige, agus a ſé a Dhleaſdanas, Cúram a ghabhail go mbi Aonachd agus Siothchain air na ngcoimhead ſan Eaglais, go mbi Fírinn DE air a coimhead ſiorghlan agus iomlan, go mbí Blaiſpheim agus Eiriceachd air na ſgoſg, go mbi gach uile Thruailleadh agus Mhíodhghnáthughadh ann an Adhradh no ann an * Dioſſuiplinn air na mbacadh no air na nleaſughadh, agus go mbí uile Oirdionnanſaidh DHE go hiomchubhaidh air na nſuidhiughadh air na mfritheoladh, agus air na ntabh-

e 2 *Seanch.* 26. 18, *maille re Matt.* 18. 17. *agus Matt.* 16. 19. 1 *Cor.* 12. 28, 29 *Epheſ.* 4. 11, 12. 1 *Cor.* 4. 1, 2. *Romh.* 10. 15 *Eabhr.* 5. 4.

airt

airt fa deara *f*. Agus chum na Críche ſo, atá Comas aige Seannaidh do ghairm, bheith a lathair ionnta, agus Cúram a ghabhail go mbí gach einní a chríochnuighear ionnta, do réir Inntin DE *g*.

f *Iſai.* 49. 23. *Salm* 122. 9. *Eſra* 7. 23, 25, 26, 27, 28. *Lebhit.* 24. 16. *Deut.* 13. 5, 6, 12. 2 *Riogh.* 18. 4. 1 *Seanch.* 13. *rann* 1, *go nuige rann* 9. 2 *Riogh.* 23. *o rann* 1, *go nuige rann* 26. 2 *Seanch.* 34. 33. 2 *Seanch.* 15. 12, 13. g 2 *Seanch.* 19. 8, 9, 10, 11. 2 *Seanch. Caibideal* 29. *agus Caibideal* 30. *Matt.* 2. 4, 5.

IV. A ſé Dleaſdanas an Phobuil Urnuighe do dheanamh air ſon Uachdarannaibh *h*, Onoir do thabhairt da Mbpearſunnaibh *i*, Cios agus Dlighidh eile do dhíol doibh *k*, bheith freagrach da Naitheantaibh laghamhla, agus faoi Umhlachd da Nughdarras air ſon Coinſias *l*. Ni bfuil Neimhchreideamh no Difir a Gcreideamh, ag deanamh Ughdarras cheart agus laghamhoil an Uachdaraine neamhthabhachdach, no ag ſaoradh an Phobuil o a Numhlachd dhlightheach dhó *m*; Ní o nach bhfuil Oifigeacha Eaglaſda air na mhfuaſgladh *n*; agus as lugha na ſin atá Comas no Uachdranachd aig an

h 1 *Tim.* 2. 1, 2. i 1 *Phead.* 2. 17. k *Romh.* 13. 6, 7. l *Romh.* 13. 5. *Tit.* 3. 1. m 1 *Phead.* 2. 13, 14, 16. n *Romh.* 13. 1. 1 *Riogh.* 2. 35. *Gniomh.* 25. 9, 10, 11. 2 *Phead.* 2. 1, 10, 11. *Jud. rann* 8, 9, 10, 11.

Phápa

Phápa os a ngcionn iona Ndúthchadhaibh, no oscionn einneach da Mpobul ; agus as lugha na sin uile atá Comas aige, a Ndúthaigheadh, no a Nanma, do thabhairt uatha, ma mheasfas esin gur Eiricigh iad, no faoi Leithsgeul air bith eile *o*.

o 2 *Tessal.* 2. 4. *Foillsg.* 13. 15, 16, 17.

CAIB. XXIV.

Mu Phosadh, agus Dhealughadh.

I. ATá an Bpósadh edir aon Fhear agus aon Bhean : agus ni nlaghamhoil go mbí san aon Aimsir, tuileadh is aon Bhean-phósda aig an Fhear, no tuileadh is aon Fhear pósda ris an Mhnaoi *a*.

a *Geine.* 2. 24. *Matt.* 19. 5, 6. *Seanshoc.* 2 17.

II. Do bhí an Bpósadh air na ordughadh chum comhchuidiughadh an Fhir agus na Mná pósda araon *b*, chum Cinneas an Chinnidh Daonna le Sliochd laghamhoil, agus Cinneas na Heaglaise le Síol naomhtha *c* agus chum Neamhghloine do bhacadh *d*.

b *Geine.* 2. 18. *c Malachi* 2. 15. d 1 *Cor.* 7 2, 9.

III. As laghamhoil do gach séorsa Dhaoine bheith air na mpósadh, da naithne le tuigse aontughadh re Pósadh *e* : Gidheadh as dleas

e *Eabhr.* 13. 4. 1 *Tim.* 4. 3. 1 *Cor.* 7. 36, 37 38. *Geine.* 24. 57, 58. danach

ſhabhur ſhaghail dhuinn *c*, Pobul ſumradhach a Choſnadh *d*, a ſpiorad a thabhairt doibh *e*, Buadhughadh thar a nuile naimhde *f*, agus a ntabhairt chum Slainte ſ'hiorruidh *g*.

c *Eph.* 1. 6. *Maith.* 3. 17. d *Tit.* 2. 13, 14. e *Gal.* 4. 6. f *Luc* 1. 68, 69, 71, 74. g *Eabhr.* 5. 8, 9. & 9. from 11, to 16 v.

C. 39. *Cia ar ſon a bfeudhmoil gu mbiodh an tEdir-Mheadhonthoir na Dhuine?*

F. Bfeadhmoil gu mbu Duine an tEdir-Mheadhonthoir, chum gu Nairduigheadh ſe ar Nadur *h*, gu geoimhlionadh ſe Umhlachd don Lagh *i*, gu bhfuiliongadh ſe agus gu ndeanadh ſe eadarghuidhe air ar ſon ionar Nadur *k*; gu mbiodh Comhmhothughadh aige dar Nanbhuineachda *l*, gu bhfuighmid Uchdmhacachd Cloinne *m*, agus gu mbiodh aguinn Comhfhurtachd, agus Cead dol le danachd chum Cathair Rioghoil na nGras *n*.

h *Eabhr.* 2. 16. i *Gal.* 4. 4. k *Eabhr.* 2. 14. & 7. 24, 25. l *Eabhr.* 4. 15. m *Gal.* 4. 5. n *Eabhr.* 4. 16.

C. 40. *Cia air ſon a Bfeudhmoil, gu mbiodh an tEdir-mheadhonthoir na DHIA agus na Dhuine, a nein-Phearſa?*

F. An tEdir-mheadhonthoir do bheith re DIA agus Duine a reitiughadh, bfeudhmoil gu mbiodh ſe fein na DHIA agus na Dhuine, agus ſin fos a nein-Phearſa, ngcoinne gu mbiodh oibrighe ſunraidhach gach Naduir dhiobh, ar na ngabhail gu taitenamhach le

DIA

DIA air ar soinne *o*, agus gu ndeanadhmoid bun asda mar oibrighibh an Phearsa uile *p*.

o *Maith.* 1. 21, 23. *Maith.* 3. 17. *Eabhr.* 9. 14. p. 1 *Phead.* 2. 6.

C. 41. *Cia ar son do Ghoirtheadh, Iosa, dar nEdir-Mheadhonthoir?*

F. Do Ghoirtheadh Iosa dar nEdir-Mheadhonthoir, bhrigh gu bhfuil se ag teasairgin a Phobuil o a mbpeacaidhibh *q*.

q *Maith.* 1. 21.

C. 42. *Cia air son a ghoirheadh Crioſd dar Nedir-Mheadhonthoir?*

F. Do Ghoirtheadh Crioſd dar Nedir-Mheadhonthoir, brigh gu raibh se air na Ungadh, leis an Spiorad Naomh, thar tomhais *r*, agus mar sin air na chur air leth, agus air a lan sgeudughadh le uile Ughdarras agus Comas *s*, chum Oifigeadha Faigh *t*, Sagairt *u*, agus Riogh Eagluise fein, a chur a ngniomh *w*, araon ann a Staidan Irisluighe agus an Arduighe.

r *Phil.* 3. 34. *Sailm* 45. 7. s *Eoin* 6. 27. *Maith.* 28. 18, 19, 20. t *Gniomh.* 3. 21, 22. *Luc.* 4. 18, 21. u *Eabhr.* 5. 5, 6, 7. & 4. 14. 15. w *Sailm* 2. 6. *Maith.* 21. 5. *Isa.* 9. 6, 7. *Phil.* 2. 8, 9, 10, 11.

C. 43. *Cionnas ata Crioſd ag cur Oifig Faigh a ngniomh?*

F. Ata Crioſd ag cur Oifig Faigh a ngniomh, iona bheith ag foillsiughadh da Eagluis *x*, ann sgach uile linn, le na fhocal agus

x *Erin* 1. 18.

agus le na Spiorad *y*, air mhodhaibh eugsamhuil fritheolaidh *z*. Toile iomlan DHE *a*, ann sna neithibh, a bhuineas da n'tairbh Spiorad alta, agus da nSlainte *b*.

y 1 *Phead.* 1. 10, 11, 12. z *Eabhr.* 1. 12. a *Eoin* 15. 15. b *Gniomh* 20. 32. *Eph.* 4. 11, 12, 13. *Eoin* 20. 21.

C. 44. *Cionnas ata Crioſd ag cur Oifig Sagairt a ngniomh?*

F. Ata Crioſd ag cur Oifig Sagairt a ngniomh, ann e fein, a thabhairt suas, aon uair na Iodhbairt, gun chaidh Do DHIA *c*, chum bheith na Reite air son peacaidha a a Phobuil *d*, agus ann bheith a gna-eadarghuidhe air an son *e*.

c *Eabhr.* 9. 14, 28. d *Eabhr.* 27. e *Eabhr.* 7. 25.

C. 45. *Cionnas ata Crioſd ag cur Oifig Riogh a ngniomh?*

F. Ata Crioſd ag cur Oifig Riogh a ngniomh, ann a bheith ag Gairm o ntsaoghal, Pobuil dho fein *f*, agus ag tabhairt dhoibh, Oifigeacha *g*, Reachda *h*, agus Comas Smachduighthe, tre a bhfuil se gu faiesinneach ga nRiaghladh *i*; ann a bheith ag tabhairt grasa Slainteamhuil da Dhaoinibh Taghta *k*, ag tabhairt luigheachd da Numhlachd *l*, agus

f *Gniomh* 15. 14, 15, 16. *Isa.* 55. 4, 5. *Gein.* 49. 19. *Sailm* 110. 3. g *Eph.* 4. 11, 12. 1 *Cor.* 12. 28. h *Isa.* 33. 22. i *Maith.* 18. 17, 18. 1 *Cor.* 5. 4, 5. k *Gniomh.* 5. 31. l *Feills.* 2. 12. & 2. 10.

agus ga n'Achmhasanughadh air son a mbpeacaidha *m*, ga gcoimhed, agus ga gcongbhail suas sa Nuile Bhuaidhribh, agus shullaingthasaibh *n*, ag Cosg & ag tabhairt buaidh air a nuile Naimhde *o*, agus ag ordughadhe gu cumhachdach na huile neithe, chum a Ghloire fein *p*, agus a Maithsin *q*; Agus mar ann gceudna ann a ndioghaltas a dheanamh air an chuid eile, aig nach bhfuil Eolas air DHIA, agus nach bhfuil Umhal don Tsoisgeul *r*.

m *Foills.* 3. 19. n *Isa.* 63. 9. o 1 *Cor.* 15. 25. *Psal.* 110. gn homlan. p *Roimh.* 14. 10, 11. q *Roimh.* 8. 20. r *Tessal.* 1. 8, 9. *Sailm* 2. 8, 9.

C. 46. *Creud bu staid Iriasluighe do Chriosd ann?*

F. Bi staid Irisslighe Chriosd, an staid Isiol ud ann do rinn se air ar soinne, air bheith dho e fein de sholmhughadh o a Ghloir, Riochd Seirbheisigh a ghabhail air fein, iona ghineamhuin iona Bhreith, iona bheatha, iona bhas, agus an diaigh a bhais gu nuige an Eiserighe *s*.

s *Phil.* 2. 7, 8. *Luc.* 1. 33. 2 *Cor.* 8. 9. *Gniomh* 2. 24.

C. 47. *Cionnas do Irisligh Criosd e feinanna Ghineamhan & anna Bhreith?*

F. Dirisligh Criosd e fein anna Ghineamhain agus anna Bhreath, Le, air bheith dho o uile Bhiothbhuanachd, na Mhac do DHIA, an N'uchd an Athar, gu bhsacas do,

an

an Niomlaineachd na Haimsire, bheith na Mhac an Duine, air na dheanamh do mhnaoi bheag-Inmheach, & bheith air na bhreithlea le iomadh gne no Ceum Irisligh, thuilleadh sa ta gnathaighte *t*, *u*.

t *Eoin* 1. 14, 18. *Gala.* 4. 4. *Iuc.* 2. 7.

C. 48. *Cionnas do Irisligh Crioisd e fein anna Bheatha ?*

F. D'irisligh Crioisd e fein anna Bheatha, le e fein a chur faoi an Lagh *u*, a Choimhlion se gu foirfe *w*, Agus le bheith ag Comhrac re Tarcuisnibh an tsaoghail *x*, Buaidhribh an Aidhbhirseoir *y*, agus anbhuineachdaibh iona fheoil, araon iad sin a bhennas gu coithchionda do Nadur an Duine, no iadsan do bheith gu sunnraighte a n'Comhchuideachd na staid isiol ud iona raibh esin *z*.

u *Gala.* 4. 4. w *Matth.* 4. 17. *Roimh.* 5. 19. x *Salm.* 22. 6. *Eabhr.* 12. 2. 3. y *Maith.* 4. 1, to 12. *Luc.* 4. 13. z. *Eabhr.* 2. 17, 18. & 4. 15. *Isa.* 52. 13, 14.

C. 49. *Cionnas D'irisligh Crioisd e fein anna Bhais ?*

F. D'irisligh Crioisd e fein anna Bhas; le, air bheith dho air na Bhrath le Judas *a*, air na threigsin le na Dheiscioblaibh *b*, air don tsaoghal fanoid do a dheanamh air, agus Cul a chur ris *c*, air bheith dho air na dhideadh le Pilait, air na Phianadh le a luchd geir-leanamhain *d*, air bheith dho fos Comhrac

a *Maith.* 27. 4. b *Maith.* 26. 56. c *Isa.* 53. 2. 3. d *Maith.* 27. 26. go 50. *Eoin.* 19. 34.

rac a dheanamh re uathbhasaibh an Bhais, agus Cumhachdaibh na Dorchadais, agus truime-cudtrom feirge De a mhothughadh agus Jomchradh *e*, gur ndo leig se sios Anam na ofrail, air son peacaidhe *f*, ag fullang Bais Chraiteach, mhasludhach, agus mhalliught, na Croiche *g*.

e *Luc.* 22. 44. *Maith.* 27. 46. f *Isa.* 53. 10. g *Phil.* 2. 8. *Eabhr.* 12. 2. *Gal.* 3. 13.

C. 50. *Cia iad no neithe iona raibh Crioſd air na Irisliughadh an diaigh a bhais?*

F. Be iad, na nithe iona raibh Crioſd air na Irisliughadh an diaigh a bhais, gur raibh se air na Adhlacadh *h*, agus ag fantin ann nstaid na marbh, agus saoi chumhachd an Bhais, gu nuig an treas la *i*, ni do chuireadh air mhodh eile, sios ann sna briathraibh so, eadhon, Chuaidh se sios a n'Ifrionn.

h 1 *Cor.* 15. 3, 4. i *Sailm.* 16, 10. with *Gniomh.* 2. 24, 25, 26, 27, 31. *Romh.* 6. 9. *Maith.* 12. 40.

C. 51. *Creud bu staid Arduighe do Chrioſd inn?*

F. Ata staid Arduighe Chrioſd, iona Eiserigh *k*, a Dhul suas *l*, na shuighe aig Deaslaimh an Athair *m*, agus iona theachd aris, chum Breith a thabhairt air an tsaoghal *n*.

k 1 Cor. 15. 4. l *Marc.* 16. 19. *Luc.* 24. 51. m. *Eph.* 1. 20. n *Gniomh* 1. 11. *Gniomh* 17. 31.

C. 52. *Cionnas do bheith Crioſd air na Ardughah roimh Eiserighe?*

F. Do

F. Do bheith Crioſd air ardughadh iona Eiſerigh, le anna meud as, air bheith dho gun truailleadh fhaicſin ſan bhas leis nach feudfadh ſe bheith air na Chongbhail (*o*) agus air bheith don Chorp ſin fein iona ndfuilling ſe, air na chur gu fior re na Anam le a bhuaidhibh nadurdha *p*; achd gidheadh as fheagmhais baſamhlachd agus anbhuineachdaibh Coitchionda eile, a bheanas don Bheathaſa: Gu ndeirigh ſe aris, O na Marbhuibh, air an treas la, le a Chumbachdà fein *q* leis a ndo thaisbein ſe gu mbe fein Mac *DHE r* gu ndo Dhiol Ceartas *DE* ; gu ndo Bhuaidhthigh ſe air an Bhas, agus air an'ti aig an raibh cumhachd an Bhais *t*. Agus gur e Tighearna na mbeo agus na Marbh *u*, Agus do rinn ſe na neitheſi uile; mar neach puiblidh Ceann Eagluiſe fein *x* chum a mfireunughadh *y*, a mbeothughadh an ngras *z*, angcongbhail ſuas naghaidh a naimhde *a*, agus a ndeanamh deimhin a ma Neiſerigh fein o na marbhuibh ann ſan la Dheighionuach *b*.

o *Gniomh* 2. 24. 27. p *Luc.* 24. 39. q *Romh.* 6. 9. *Foills.* 1. 18. r *Eoin* 10. 18. ſ *Romh.* 1. 4. t *Romh* 8. 34. u *Eabhr.* 2. 14. w *Romh.* 14. 9. x 1 *Cor* 15. 21, 22. y *Eph.* 1. 20, 22, 23. *Col.* 1. 18. z *Romh.* 4. 25 a *Eph.* 2. 1, 2, 5, 6. *Col.* 2. 12. b 1 *Cor.* 15. 25 26, 27. c 1 Cor. 15. 20.

C. 53. *Cionnas do bheith Crioſd air na Ardughadh iona dhul ſuas?*

F. D

F. Do bheith Crioſd air ardughadh iona lhul ſuas, le, air bheith dho, gu tric air na haisbeunadh da Abſdolaibh, agus ag Comhluadar leo, ag labhairt riu mu na neithaibh a bheanas do Rioghachd DHE *d*, agus ag tabhairt Ughdarrais doibh, chum an ſoiſgeul a Sheanmoiriughadh do na huile Chineachaibh *d* Da fhichead lo an diaigh Eiſerigh gu ndo Chuaidh ſe, ionar Nadur, agus mar ar gCeann *e* ag tabhairt buaidh e Luathgaire oſcionn Naimhde *f*, gu follus ſuas chum na neamhaibh is airde, ngcoinne in ſin tiodhlaice fhaghail do Dhaoinibh *g*, ir naignidh a thogbhail ſuas gus a ſin *h*, agus chum Aite d'ullmhuchadh Dhuinne *i*, far a bhfuil agus a bhfan ſe fein, gu nuig a lhara theachd, ann a ndeireadh an tſaoghail *k*.

d *Gniomh* 1. 2, 3. e *Maith.* 28. 19. 20. f *Eabhr.* 6. 20. g *Eph.* 4. 8. h *Gniomh* 1. 9, 10, 11. *Eph.* 4. 10. *Salm.* 68. 18. i *Col.* 3. 1, 2. k *Eoin* 14. 3. l *Gniomh* 3. 21.

C. 54. *Cionnas ata Crioſd air na Ardughadh iona ſhiudhe aig deaſlaimh DHE?*

F. Ata Crioſd air na Ardughadh iona ſhuidhe, aig Deaſlaimh DHE, iona bheith mar DHIA-DHUINE air na ardughadh gus an ſhabhur is mo, o DHIA an T'athair maille re uile Iomlaineachd aoibhnis *m*, Gloire *n*, agus Cumhachda os cionn na

m *Phil.* 2. 9. n. *Gniomh* 2. 28. *Salm.* 16. 11.

na huile neithibh air Neamh agus air Thalamh *o*, Agus ag Tiqnol, agus ag seasamh a Eagluise agus ag Ceannsughadh a Naimhde, ag fuirnesughadh a Mhinisdreadh agus a phobuil, le gifteibh agus le Grasaibh *q*, agus ag deanamh eadarghiudhe air an son *z*.

o *Coni* 17. 5. p *Eph.* 1. 22. 1 *Phead.* 3. 22. q *Eph.* 4. 10, 11, 12. *Salm* 110. go Hiomlan r *Romh.* 8 34.

C. 55. *Cionnas ata Crioſd ag deanamh Eadarghiudhe?*

F. Ata Crioſd ag deanamh Eadarghuidhe, le e fein a thaisbeunadh do ghna, ionar Nadur, a bhfiadhnuis an Athar air Neamh *ſ*, ann a nToiltionnas a Umhlachda, agus Jodhbairt, air thalamh *t*, le bheith ag taisbeunadh, gur toil leis so a bheith air na chur ris na huile Chreidmheachaibh *u*, ag freagradh gach uile Agartas ata na naghaidh *w*, ag saghail doibh, suaimhneas Coguis, ge ta faillniughaidh laetheamhuil ionta *x* agus Ceud dul le danachd chum Cathair Rioghoil na n Gras, agus *y* gabhuil re a mpearsaidhe agus a nseirbheis gu taitueach *z*.

ſ *Eabhr* 9. 12. 24. t *Eabhr* 1. 3. u *Eoni* 3. 16. *Eoin* 17. 9, 20, 27. w *Romh.* 8. 33, 34. x *Romh.* 5. 1, 2. 1 *Eoin* 2. 1, 2. y *Eabhr.* 4. 16. z 1 *Phead.* 2. 5. a *Eph.* 1. 6.

C. 56 *Cionnae ata Crioſd re bhith air na Ardughadh, iona theachd aris, chum breith a thabhairt air an tſaoghal?*

F. Ata

F. Ata Crioſd re bhith air na Ardughadh, iona theachd aris a thabhairt breith air an tſaoghal, Anna meud aſ eſin air a ndtugadh Breith, agus a dhideadh, gu heugcorach le Daoinibh Aingidh *b* Gu dtigſe a ris ſan la Dheighionnach ann a Ccumhachd mhoir *c*: Agus ann a nlan-fhoilſiughadh a Ghloire fein agus Athar, le a uile Anglibh naomhtha *d*, le gartha, le guth an Ard-Angil, agus le Trompait D H E *e*, a thabhairt Breith air an tſaoghal, ann a gceartas *f*.

b *Gniomh* 3. 14, 15. c *Maith.* 24. 3. d *Maith.* 25. 31. *Luc.* 9. 26. e 1 *Teſſal.* 4. 16. f *Gniomh.* 17. 31.

C. 57. *Creud iad na Sochair, do Choiſin Crioſd, le na Edirmheadhonthoireachd?*

F. Do Choiſin Crioſd, le na Edirmheadhonthoireachd, Saoirſe *g*; maille re uile ſhocharaibh eile Choimhcheangail na nGras *h*.

g *Eabhr.* 9. 12. h 2 *Cor.* 1. 20.

C. 58. *Cionnas Atamoid air ar ndeanamh nar luchd Comhpairt do na ſochaire do Choiſin Crioſd?*

F. Atamoid air ar ndeanamh nar Luchd Compairt do ua Sochaire do Choiſin Crioſd, trid a ngcur rinn *i*, agus as i ſo obair D H E an ſpioraid Naoimh gu harid *k*.

i *Eoin* 1. 11, 12. k *Tit.* 3. 5, 6.

C. 59. *Cia iad ata air na ndeanamh na nluchd Comhpairt don Tſaoirſeſin trid Chrioſd?*

F. Ata an tſaoirſe gu dearbh air a cur, agus gu heifeachdach air a comh-partughadh, ris an Drong ſin uile da n'do Choiſin Chrioſd i *l*, agus ataid ann ſan bheathaſa, air na ndeanamh Comaſach leis an ſpiorad Naomh, chum Creidſin a Gcrioſd do reir an tſoiſgeil *m*.

l *Eph.* 1. 13, 14. *Eoin* 6. 37. 39. *Eoin* 10. 15, 16. m *Eph.* 2. 8. 2. *Cor.* 4. 13.

C. 60. *An feud iadſan nach Cuala riamh an ſoiſgeul do nach Aithne Joſa Crioſd, agus nach bhfuil ag Creidſin ann, bheith air an Teaſairgin, le na mbeatha Chaitheamh, do reir ſolus an Naduir ?*

F. Ni mfeud iadſan nach cuala riamh an ſoiſgeul *n* agus mar ſin do nach Aithin Joſa Crioſd *o*, agus nach bhfuil ag Creidſin ann bheith air na nteaſairgin *p* ge be air bith dithchioll leis a ndean ſiad a mbeatha a riaghladh, do reir ſoluis an Naduir *q*, nc Reachd an Chreidimh ſin, ataid ag Admhail; Ni mo ata ſlainte ann a neach ai bith eile, achd ann an Crioſd amhain / Neach as e amhain, Slanuighitheoir : Chuirp, eadhon na Heagluiſe *t*.

C. 61

n *Roimh.* 10. 14. o 2 *Teſſ.* 1. 8, 9. *Eph* 2. 12. *Eoin* 1. 10, 11, 12. p *Eoin* 8. 24. *Mar* 16. 16. q 1 *Cor* 1. 20, gu nuig 24. r *Eoi* 4. 22. *Roimh.* 9. 31, 32. *Phil.* 3. 4, 5, 6 7, 8, 9. ſ *Gniomh* 4. 12. t *Eph.* 5. 23.

C. 61. *An bhfuil iadſan uile air na nteaſairgin ata ag eiſteachd an tſoilgeil; agus ata a ntaobh a ſtigh don Eagluis?*

F. Ni bhfuil iadſan uile air na nteaſairgin, ata ag eiſteachd an tſoiſgeil, agus a ntaobh a ſtigh don Eagluis: Achd iadſan amhain ata na mfior bhuill don Eagluis neamh-fhaicſoinnuigh *u*.

u *Eoin* 12. 38, 39, 40. *Romh.* 9. 6. *Maith* 22. 14. *Maith.* 7. 21. *Romh.* 11. 7.

C. 62. *Creud i an Eagluis Fhaicſinneach?*

F. As i an Eagluis Fhaicſinneach, Buighionn air na ndeanamh ſuas dhiobhſan uile ata ann ſgach uile al agus aite don ſaoghal, ag admhail an fhior-Chreidimh *w*, gus fos da ngclainn *x*.

w 1 *Cor.* 1. 2. agus 12. 13. *Romh.* 15. 9, 10, 11, 12. *Foills.* 7. 9. *Salm* 2. 8. agus 72. 27, 28, 28, 29, 30, 31. agus 45. 17. *Maith.* 28. 19, 20. *Iſai.* 59. 21. x 1 *Cor.* 7. 14. *Gniomh* 2. 39. *Romh.* 11. 16. *Gein.* 17. 7.

C. 63. *Creud iad Sochair Sunraighte na Heagluis Fhaicſionnuigh?*

F. Ata do Shochair aig an Eagluis Fhaicſionnuigh, gu bhfuil ſi faoi churam agus Righail fhunraighte DHE *y*, gu bhfuil ſi air dion agus air a Coimheud, ann ſgach uile inn, a dhaindheoin Cothughadh a huile Naimhde na haghaidh *z*: Agus gu bhfuil ſi

y *Iſa.* 4. 5, 6. 1 *Tim.* 4. 10. z *Salm* 115. ile. *Iſa.* 31. 4, 5. *Zach.* 12. 2, 3, 4, 8, 9.

ag Mealtuin Comhchomun na Naoimh, Meadhona Gnathuighte na slainte *a* Tairgse na nGras le Criosd, da Balluibh uile, an a Miniosdralachd an tsoisgeil, ag togbhail fiaighnuis gu mbeith gach cin-neach a chreidmhas ann, air na theasairgin *b*, Agus gun e Druideadh amach cinneach air bith a thig da ionnsaidh *c*.

a *Gniomh* 2. 39, 42. b *Salm* 147. 19, 20. *Romh.* 9. 4. *Eph.* 4. 11, 12. *Marc* 16. 15, 16. *Eoin* 6. 37.

C. 64. *Creud i an Eagluis Neamh-Fhaicsinneach?*

F. As i an Eagluis Neamh-fhaicsinneach, Aireamh na ndaoine Taghta, do bheith, ata, no a bhios, air a Geruinniughadh a naon faoi Chriosd, an Ceann *d*.

d *Eph.* 1. 10, 22, 23. *Eoin* 10. 16. agus 11. 52.

C. 65. *Creud iad na sochair arid, ata Buill na Heagluis neamhfhaicsionnigh, ag mealtuin trid Chriosd?*

F. Ata Buill na Heagluis Neamhfhaicsionnuigh, ag mealtuin trid Chriosd, Aonadh agus Comhchomun ris, ann a nGras agus ann a nGloir *e*.

e *Eoin* 17. 21. *Eph.* 2. 5, 6. *Eoin* 17. 24.

C. 66. *Creud e an t'Aonadh sin re Criosd ata aig na Daoine Taghta?*

F. A n'taonadh ud ata aig na Daoine Taghta, re Criosd as obair ghrasa De e *f*, leis

leis a bhfuil siad, gu spioradoil, agus gu Diomharthach Gidheadh gu fior agus gu neamh sgarthoil, air a ndlu-chur re Crioſd, mar a ngceann agus a mſear-posda *g*, Agus ata so air na Dheanamh iona nGairm Eiſeachdach *h*.

f *Eph.* 1. 22. agus 2. 6, 7, 8. g 1 *Cor.* 6. 17. *Eoin* 10. 28. *Eph.* 5. 23, 30. h 1 *Phead.* 5. 10. 1 *Cor.* 1. 9.

C. 67. *Creud as Gairm Eiſeachdach ann?*

F. As i an Ghairm Eiſeachdach, obair-ghraſa agus neart uile chumhachdach DHE *i*, leis a bhfuil ſe o a Ghradh ſhaor agus ſhunraighte da Dhaoinibh Taghta, agus ni hann o ni ar bhith iontaſan, ga bhroſnughadh chuige *k*, iona Am Thaitneamhach, ga ngcuireadh agus ga ntarruing. chum Josa Crioſd le fhocal agus le na ſpiorad *l*, gu ſlaintamhuil ag ſoilſuighadh a Ninetine *m*, ag ath-nuadhthughadh, agus gu cumhachdach ag ſochruhadh a ndToile *n*; Air chor as, ge taid ionta fein marbh a bpeacadh, gu bhfuil ſiad thrid ſo, air na ndeanamh Toileach agus Comaſach air a Ghairm ſin a fhreagradh gu ſaor; Agus

i *Eoin* 5. 25. *Eph.* 1. 18, 19, 20. 2 *Tim.* 1. 8, 9. k *Tit.* 3. 4, 5. *Eph.* 2. 4, 5, 7, 8, 9. *Romh.* 9. 11. l 2 *Cor.* 5. 20. agus caib. 6. 1, 2. *Eoin* 6. 44. 2 *Teſſ.* 2. 13, 14. m *Gniomh* 26. 18. 1 *Cor.* 2. 10, 12. n *Eſek.* 11. 19. agus 36. 26, 27. *Eoin* 6. 45.

gabhal ris an Ghras ata air na thairgse agus air na iomchradh ann, agus a dhlu ghabhail chuca *o*.

o *Eph.* 2. 5. *Phil.* 2. 13. *Deut.* 30. 6.

C. 68. *An iad na Daoine Taghta amhain ata air na ngairm gu heifeachdach?*

F. Ataid na Daoine Taghta uile, agus iadsan amhain, air na nGairm gu heifeachdach *p*, ge gu mfeud Daoine eile a bheith, agus gur minic ataid, air na nGairm a nle a muigh, le miniosdralachd an Fhocail *q*; agus oibriughadh coithchionda an Spioraid, a bheith aca *r*; Ach ni bhfuilid a mfeasda ag teachd ga dhionnsaidh Josa Crioso, air bheith dhoibh air na mfagbhail, gu ceartbreitheach iona Neimh-Chreidiamh, air son a neimhdhithchioll thoileoil, agus a ndimeas air an Ghras ata air na thairgse dhoibh *s*.

p *Gniomh* 13. 48. q *Maith.* 22. 14. r *Maith.* 7. 22. agus 13. 20, 21. *Eabhr.* 6. 4, 5. s *Eoin* 12. 38, 39, 40. *Gniomh* 28. 25, 26, 27. *Eoin* 6. 64, 65. *Salm* 81. 11, 12.

C. 69. *Creud e, an Comhchomun ann a ngras ata aig buill na Heagluis neimh Fhacsionaigh, re Crioso?*

F. As e an Comhchomun ann a nGras, ata aig buill na Heagluis neimh Fhaicsinnuigh re Crioso, gu bhfuil siad ag faghail, do thairbhe Edir mheadhon thaoirachdsan,

san, iona mfireunaughadh *t*, Uchdmhachadh *u* Naomhthughadh, agus ge be air bith ni eile, ata ag foillsiughadh ann san Bheathasa, a Naonadh ris *w*.

t *Romh.* 8. 30. u *Eph.* 1. 5. w 1 *Cor.* 1. 30.

C. 70. *Creud as Fireunachadh ann?*

F. Fireunochadh as Gniomh saor Ghrasa De, do Pheacachaibh e *x*, ann a bhfuil se ag Maitheamh a nuile Pheacuidhe, ag meas agus ag Gabhail re a mpearsaibh, mar fhireunaigh, iona fhiaghnuis *y*, ni hann air son einni, ata air oibruighadh ionta, no air na Dheanamh Leo *z*, achd amhain air son umhlachd Iomlan agus Lan Dioladh Chriosd, air a ngeur as a nleth le DIA *a*, agus air na ngabhail le Creideamh amhain *b*.

x *Romh.* 3. 22, 24, 25. *Romh.* 4. 5. y 2 *Cor.* 5. 19, 21. *Romh.* 3. 22, 24, 25, 27, 28. z *Tit.* 3. 5, 7. *Eph.* 1. 7. a *Romh.* 5. 17, 18, 19. *Romh.* 4. 6, 7, 8. b *Gniomh.* 10. 43. *Gala.* 2. 16. *Phil.* 3. 9.

C. 71. *Cionnas ata an bhfireunughadh na Ghniomh saor-Ghrasa DE?*

F. Ge do Thug Criosd le na Umhlachd agus le na Bhas, Dioladh fior Iomlan, agus da rireamh, do Cheartas DE, a leth na Droinge sin ata air na mfireunughadh *c*, Gidheadh ann a meud gu bhfuil DIA ag Gabhail Diolaidh O Urras, a dhfheadadh

c *Romh.* 5. 8, 9, 10, 19.

e Jarruidh orrasan, gu ndo fhreasdail se fein an T'urras so, eadhon ein-Mhac fein *d*, ag Cur f'hireuntachdsan as a nleth *e*, agus gun e ag Jarruidh einni orra, chum a mfireunughadh, achd Creideamh *f*, Ni fos as e a thiodhlacadh e *g*, Uime sin, ata a mfireunughadh dhoibhtan O shaor Ghras *h*.

d 1 *Tim.* 2. 5, 6. *Eabhr.* 10. 10. *Maith.* 20. 28. *Dan.* 9. 24, 26. *Isa.* 53. 4, 5, 6, 10, 11, 12. *Eabhr.* 7. 22. *Romh.* 8. 32. 1 *Phead.* 1. 18, 19. e 2 *Cor.* 5. 21. f *Romh.* 3. 24, 25. g *Eph.* 2. 8. h *Eph.* 1. 7.

C. 72. *Creud e an Creidimh ata a Fireunughadh?*

F. An Creideamh ata a Fireunughadh, as Gras Slainteamhuil e *i*, air na oibruighadh ann a Geroidhe an Pheacaighe le Spiorad *k*, agus le Fhocal DE *l*, Leis an bhfuil an Peacach, air bheith dho air na fhagbhail ris iona pheacaidh agus na thruaighe, an san Neamh-Chomas ata annsein agus ann sna huile Chreutuiribh eile, air a theasairgin as an staid Chaillte *m*, ni amhain ag tabhairt Creideas, do fhirinn Geallaimh an tsoisgeil *n*, Achd a Gabhail agus ag socrughadh air Chriosd agus air fhireuntachd air na ntaisbeunadh ann, chum Maitheamhnas peacaidh

i *Eabhr.* 10. 39. k 2 *Cor.* 4. 13. *Eph.* 1. 17, 18, 19. l *Romh.* 10. 14, 17. m *Gniomh* 2. 37. & 16. 30. *Eoin* 16. 8, 9. *Romh.* 5. 6. *Eph* 2. 1. *Gniomh* 4. 12. n *Eph.* 1. 13.

caidh *o*, agus Gabhail re na Phearsa agus a mheas, mar Phearsa fhireunach a bhfiagnuis D H E, chum Slainte *p*.

o *Eoin* 1. 12. *Gniomh.* 16. 31. & 10. 43.
p *Phil.* 3. 9. *Gniomh.* 15. 11.

C. 73. *Cionnas ata Creideamh a fireunughadh peacaigh a bhfiaghnuis D H E?*

F. Ata Creideamh ag Fireunughadh Peacaigh a nlathair D H E, ni hann air son na n'Grasa sin eile, ata do ghna na Chomhchuideachd, no na ndeadhoibrighe, ata na ntoiradh air *q*, no mar gu mbiodh Gras an Chreidimh, no gniomh air bith dheth, air a chur as a leth mar fhireunughadh dho *z*, Achd amhain, mar ata Creideamh na Ionnstrumaint leis an bhfuilse ag Gabhail Chriosd, agus fhireuntachdsan agus ga ngur ris *s*.

q *Gal.* 3. 11. *Romh.* 3. 28. r *Romh.* 4. 5. & 10. 10. s *Eoin* 1. 12. *Phil.* 3. 9. *Gal.* 2. 16.

C. 74. *Creud is Uchdmhacachd ann?*

F. Uchdmhacachd as Gniomh da shaorghrasa D E *t*, iona ein-Mhac Iosa Criosd, agus air a shonsan e *u*, leis an bhfuil iadsan uile ata air na mfireunughadh; air na ngabhail a steach a Naireamh a Chloinne *w*, agus ainmsin air na chur orra *x*, agus Spiorad a Mhic air na thabhairt doibh *y*, agus iad faoi a Churam agus a fhritheolaidhibh

A-

t 1 *Eoin* 3. 1. u *Eph.* 1. 5. *Gal.* 4. 4, 5. w *Eoin* 1. 12. x 2 *Cor.* 6. 18. *Foills.* 3. 12. y *Gal.* 4. 6.

Athaireoil *z*, gach uile Shaoirse agus Shochair Chloinne DE, air a nluigheasughadh orra, Air na ndeanamh na Noidhrighe air na Geallamhnaibh uile, agus na Ccomhoidhrighe do Chriosd ann a nGloir *a*.

z *Salm* 103. 13. *Sean raite* 14. 26. *Maith.* 6. 32. a *Eabhr.* 6. 12. *Romh.* 8. 17.

C. 75. *Creud as Naomhthachadh ann?*

F. An Naomhthachadh, as obair Ghrasa DE i, leis a bhfuil an Drong do thaghadh le DIA roimh thosach an tsaoghail, chum bheith Naomhtha; annsan bheathasa, trid oibriughadh Cumhachdach a Spioraid *b*, eta ag Cur Bais agus Eiserigh Chriosd riu *c*, air a Nathnuadhthughadh ann san Duine gu hiomlan do reir Iomhaigh DHE *d*, air bheith do Shiol na Haithrigh chum Beatha, agus na Nuile Ghrasa Slainteamhuil oile, air a Chur iona nGeroidhthibh *e*, Agus na Grasa sin, air na mbrosnughadh, air na Meadughadh agus air na Neartughadh *f*, Air chor as gu bhfuil an Drong ud, ni as mo agus ni as mo ag Basughadh do Pheacadh, agus ag Eirigh chum Nuadhthachd Beathaidh *g*.

b *Eph.* 1. 4. 1 *Cor.* 6. 11. 2 *dTess.* 2. 13. c *Romh.* 6. 4, 5, 6. d *Eph.* 4. 23, 24. e *Gniomh* 11. 18. 1 *Eoin* 3. 9. f *Jude v.* 20. *Eabhr.* 6. 11, 12. *Eph.* 3. 16. gu nuig 19. *Col.* 1. 10, 11. g *Romh.* 6. 4, 6, 14. *Gal.* 5. 24.

C. 76. *Creud i Aithrighe Chum Beatha?*

F. Ai-

F. Aithrigh chum Beatha is Gras Slainteamhuil i *b*, air na hoibriughadh anna a Geroidhe an Pheacaigh le Spiorad *i*, agus Focal DE *k*, leis an bhfuilſe o ſhealladh agus Mhothughadh, ni amhain do Chumntabhart *l*, a pheacaidhe achd mar an gceudna da Shalachar agus duathmhurachd, a pheacaidhe *m*, agus a nlorg dho trocair DHE ann a GCrioſd dhoibhſan ata aithrigheach, a bhreathnughadh *n*, faoi dhoilghios air ſon a Pheacaidhe *o*, agus ag tabhairt fuath dhoibh *p*, air Chor as gu bhfuilſe ag Iompodh uadha uile, gu DIA *q*, ag Cur roimhe agus ag Deanamh ditchill do ghna a bheith ag Gluaſachd maille ris ann a nuile ſhlighthibh na Nuadh-Umhlachd *r*.

h 2 *Tim.* 2. 25. i *Zach.* 12. 10. k *Gniomh* 11. 18, 20, 21. l *Eſek.* 18. 28, 30, 32. *Luc* 15. 17, 18. *Hoſ.* 2. 6, 7. m *Eſek.* 36. 31. *Iſa.* 30. 22. n *Joel* 2. 12, 13. o *Jer.* 31. 18, 19. p 2 *Cor.* 7. 11. q *Gniomh* 26. 18. *Eſek.* 14. 6. 1 *Riogh* 8. 47, 48. r *Salm* 119. 6, 59, 128. *Luc* 1. 6. 2 *Riogh.* 23. 25.

C. 77. *Creud iad na Neithe ina bhfuil Edirdheallughadh edir Fireunughadh agus Naomhthachadh?*

F. Ge nach fedir Fireunughadh agus Naomhthughadh, a Sgarachduin idir O a cheile *s*, Gidheadh ata Edirgheallughadh eadtora ann a meud as gu bhfuil, Ann a bhfireunughadh, DIA ag meas Dhuinne Fireun-

s 1 *Cor.* 6. 11. & 1. 30.

reuntachd Chriosd *t*, Ann san Naomhtha chadh ata a Spiorad ag Cur Gras ionnuin agus gar deanamh Comasah air a chur a ngniomh *u*, Ann san Fhireunughadh ata an bpeacadh air na Mhaitheamh *w*, Ann sar Naomhthachadh, ata an bpeacadh air na Cheannsughadh *x*; Ata Fireunachadh ag saoradh na Gcreidmheacha uile, ionan re a cheile, O fheirg Dhioghaltaigh DHE, Agus sin gu hiomlan fos, ann san bheathasa a chor as nach tuit siad, a chaoidch. saoi * Bhreith damnuighe *y*, Achd an Naomhthachachadh ni hionnan e, ann sna huile dhaoinibh Naomhtha *z*, Ni mo ata se Iomlan ann ann a Neach air bhith san bheathasa *a*, Achd aig fas suas chum foirfidheachd *b*.

* *dhideadh.*

t *Romh.* 4. 6, 8. u *Esek.* 36. 27. w *Romh* 3. 24, 25. x *Romh.* 6. 6, 15. y *Romh.* 8. 33 34. z 1 *Eoin.* 2. 12, 13, 14. *Eabhr.* 5. 12, 13 14. a 1 *Eoin* 1. 8, 10. b 2 *Cor.* 7. 1. *Phil.* 3 12, 13, 14.

C. 78. *Cia as ata Neimh-Iomlaineachd a Naomhtachuidh ann a nCreidmheachaibh ag teachd?*

F. Ata Neamh-Iomlaineachd an Naomhthachaidh an sna Creidmheachaibh ag teachd O fhuighioll an Pheacaidh, ata ag fantin ann sgach ball diobh, Agus O Shior-mhianughadh na feola anaghaidh an Spioraid lei

leis an bhfuil iad air an sarughadh le buaidhribh, agus iad ag tuitim a Niomadh peacadh *c*, agus air a mbacadh, iona nuile sheirbheis Spioradoil *d*, agus a N'oibrighe is fearr, neomh-iomlan agus truailligh a bhfiaghnuis DHE *e*.

c *Romh.* 7. 18, 23. *Marc.* 14. 66, ga dheiribh. *Gal.* 2. 11, 12. d *Eabhr.* 12. 1. e *Isa.* 64. 6. *Exod.* 28. 38.

C. 79. *Nach feud fior Chreidmheacha, tuitim O staid na nGras thaoibh a Neamh-fhoirfidheachd, agus na hiomadh Buaidhridhe agus Peacaidhe, ata ag breith orra?*

F. Bhrigh Graidh Neamhchaochladhach DHE *f*, agus bhrigh orduigh agus a Chomhcheangal, chum buan-Mhairionnthachd a thabhairt doibh *g*, agus bhrigh a Naonadh Neamh-sgarthoil re Criosd *h*, a ghna-eadarghuidhe air an son *i*, agus Spiorad agus Siol DHE ag comhnuighe ionta *k*: Ni mfeud fior-Chreidmheacha tuitim gu hiomlan no fos gu criochnudhach, O staid na nGras *l*, Achd ataid air na ngcoimhed le Cumhachda DHE, trid Creidimh chum Slainte *m*.

f *Jer.* 31. 3. g 2 *Tim.* 2. 19. *Eabhr.* 13. 20, 21. 2 *Sam.* 23. 5. h 1 *Cor.* 1. 8, 9. i *Eabhr.* 7. 25. *Luc.* 22. 32. k 1 *Eoin* 3. 9. & 2. 27. l *Jer.* 32. 40. *Eoin* 10. 28. m 1 *Phead.* 1. 5.

C. 80. *A mfeud fior-Chreidmhighe, bheith gu neamh-mhearachdach dearbhtha, gu bhfuil siad ann a staid na nGras, agus gu mbuanuigh siad ann Chum Slainte?*

F. An drong ata ag fior-Chreidsin a Gerioſd, agus ag deanamh ditchill air Gluaſachd ann a Nuile dheadh-Choinſias na Lathair *n*, feudfuid a bhfeugmhais fhoillſiughaidh neamh-ghnathuighte, tre Creidimh, air na Shuidhtbuighadh, air firinn Ghealſamhna DHE, agus trid an Spiorad ga ndeanamh Comaſach chum aithne dheanamh jonta fein, air na Graſa fin dan bhfuil Gealſamhna na Beatha air na ndeanamh *o*, agus ag togbhail fiaghnuis le a nSpioradaibh gur ſiad Clann DE *p*; Bheith gu Neamhmhearachdoil dearbtha, gu bhfuil ſiad ann a ſtaid na nGras, agus gu m'buanuigh ſiad ann chum Slainte *q*.

n 1 *Eoin* 2. 3. o 1 *Cor.* 2. 12. 1 *Eoin* 3. 14, 18, 19, 21, 24. 1 *Eoin* 4. 13, 16. *Eabhr.* 6. 11, 12. p *Romh.* 8. 16. q 1 *Eoin* 5. 13.

C. 81. *An bhfuil na fior-Chreidmhighe uile, gach uile Uair dearbhtha, gu bhfuil ſiad ſan cheart am ann a ſtaid na nGras: agus gu mbi ſiad air na Sabhaladh?*

F. O nach hann do Cheart-Naduir an Chreidimh, Dearbh-beachd ar Gras agus Slainte *r*, feudfuidh fior-Chreidmhighe feitheamh fada ſol fa nruig ſiad air *s*, agus an diaigh dhoibh ruighiachd air, feudfuidh ſe bheith air na Anbhuiniughadh aca, agus ſtad

r *Eph.* 1. 13. s *Iſa.* 50. 10. *Salm* 88. gu hiomlan.

ſiad a bheith ag dal air trid iomadh gne * Amhluaidh, peacaidhe Buaidhridh, agus Diobairidh *t* : Gidheadh ni bhfuil ſiad idir air na mſagbhail, gun a Shamhuil ſin do Chongnamh agus do lathaireachd Spioraid DE is a ni a ngcoimhed O thuitim an Miodhdhochas tur *u*.

* *buaireas.*

t *Salm* 77. 1, gu nuig 12. *Caint.* 5. 2, 3, 6. *Salm* 51. 8, 12. & 31. 22. & 22. 1. u 1 *Eoin* 3. 9. *Job* 13. 15. *Salm* 73. 15, 23. *Salm* 54. 7, gu nuig 10.

C. 82. *Creud an comhchomun Gloire ata ag buill na Heagluis neamh Fhaicſionnuigh re Crioſd?*

* thoabh gloir

F. An Comchomun Gloire ata aig buill na Heagluis neamh Fhaicſionnuigh, re Chrioſd, ata ſe ann ſan Bheathaſa *w*, agus air ball andiaigh an Bhaſs *x*, agus fa dheireadh air na dheanomh Iomlan ann ſan Eiſerighe, agus a nla a Bhreitheamhnais *y*.

w 2 *Cor.* 3. 18. x *Luc.* 23. 43. y 1 *d Teſſ.* 4. 17.

C. 83. *Creud an Gcomhchomun Gloire, re Crioſd, ata Buill na Heagluis neamh-fhaicſionnuigh ag Mealtuin ann ſan Bheathaſa?*

F. Ata Ceud thorraidh Gloire, Maille re Crioſd air na ngcompartughadh, re buill na Heagluis Neam-fhaicſionnuigh, ſan Bheathaſa, mar ataid na Mbuill dhoſan, a nGceann ; Agus mar ſin annſan ata coir aca

air an Ghloir sin, ata esin a Lan-shealbhughadh *z*; Agus mar chomhartha Daingnighthe air sin, ta mothughadh aca do ghradh D H E *a*, ata sithchain Choguis aca, Aaibhneas san Spiorad Naomh, agus Dochas Gloire *b*: Mar air an Laimh eile, do na Haingidhibh, ata Mothughadh do theirg Dhioghaltaigh D E, Uathbhas Coguis, agus * Duil uathbhuāsach re Breitheamhnas, na ntionsgnadh air a mpianibh a dhfuilingeas siad an diaigh Bais *c*.

* *feitheamh.*

z *Eph.* 2. 5, 6. a *Romh.* 5. 5. 2 *Cor.* 1. 22. b *Romh.* 5. 1, 2. & 14. 17. c *Gein.* 4. 13. *Maith.* 27. 4. *Eabhr.* 10. 27. *Romh.* 2. 9. *Marc* 9. 44.

C. 84. *An fuigh na huile Dhoine Bas?*

F. Ar bheith don Bhas air na Bhagradh, mar Luaidheachd an Pheacaidh *d*, ata air ordughadh do na huile Dhaoinibh, aon uair bas fhaghail *e*, air son gur Pheacaigheadar uile *f*.

d *Romh.* 6. 23. e *Eabhr.* 9. 27. f *Romh.* 5. 12.

C. 85. *Air bheith don Bhas, na Luaidheachd don Pheacadh, creud ma nach bhfuil na Fireunaigh air na nteasairgin on Bhas, o ata a mpeacaidhe uile air na Maitheadh ann a Gcriosd?*

F. Bithidh na Fireunaigh air na nteasairgin on Bhas fein san la Dheighionnach, Agus

gus ann ſan Bhas ſos, ataid air na riteaſairgin o a Ghath, agus o a Mhallughadh *g*; Ar chor as, ge go taid ag ſaghail Bais, Gidheadh ſann o Ghradh DHE ata ſin *h*, chum a nſaoradh gu hiomlan, o Pheacadh, agus o Thruaighe *i*, agus a ndeanamh Comaſach air tuilleadh Comhchomuin bheith aca re Crioſd anna nGloir, air an bhfuil an ſin fiad ag tionſgnadh *k*.

g 1 *Cor.* 15. 26, 55, 56, 57. *Eabhr.* 2. 15. h *Iſa.* 57. 1, 2. 2 *Riogh* 22. 20. i *Foills* 14. 13. *Eph.* 5. 27. k *Luc* 23. 43. *Phil.* 1. 23.

C. 86. *Creud an Ccomhchomum Gloire, re Crioſd, ata Buill na Heagluis Neamh-ſhaicſionnuigh, ag Mealtuiu, air ball an diaigh Bais?*

F. A ſe an Gcomhchomun Gloire, maille re Crioſd, ata buill na Heagluis Neamh-Fhaicſionnuigh ag Mealtuin, air ball an diaigh Bais, Gu bhfuil a Nanmuna an ſin, air na ndeanamh foirfe ann a Naomhthachd *l*, Agus air na ngabhail a ſteach do na Neamhibh is airde *m*, Far a bhfuil ſiad ag faicſin Gnuis DHE ann a ſolus agus a nGloir *n*, ag feitheamh re lan Shaoradh a nGcuirp *o*, ata ſan bhas fein gna-cheangailte re Crioſd *p*, Agus ag gabhail tamh iona Nuaidhibh mar iona nleabuidhibh *q*, Gus a mbi ſiad ann

l *Eabhr.* 12. 23. m 2 *Cor.* 5. 1, 6, 8. *Phil.* 1. 23, le *Gniomh* 3. 20. & *Eph.* 4. 10. n 1 *Eoin* 3. 2. 1 *Cor.* 13. 12. o *Romh.* 8. 23. *Salm* 16. 9. p 1 *d Teſſ.* 4. 14. q *Iſa.* 57. 2.

ſan la dheighionnah air na ngcur a ris re a nanmanaibh *r* ; Achd ſan a bhios anmana na Naingidh a nam an bhais air na nteilgeadh a Nifrionn, iona ſan ſiad anna bpianuibh agus dorchadas Iomalach, agus a nGcuirp air na ngcoimhead iona Nuaidmhibh, mar iona mprioſuinibh, gu nuig Eiſerigh agus Breitheamhnus an la Mhoir *s*.

r *Job* 19. 26, 27. s *Luc* 16. 23, 24. *Gniomh* 1. 25. *Jude* v. 6, 7.

C. 87. *Creud as Coir Dhuinne a Chreidſin ma'n Eiſerigh ?*

F. As coir Dhuinn a Chreidſin gu mbi ann ſan la Dheighionnach, Eiſerigh ghen eralt na marbh araon do na Fireuna agus na Neimh-fhireuna *t*, An tan a bhios iadſan a gheibhthear beo an ſin, air na gclaochladh ann a Mionoid, Agus air bheith an ſin do Cuirp cheudna na marbh a Chuireadh ſan uaimh, air a ngcur aris re a Nammanaibh a Chaoich, bithidh ſiad ar na nduſgadh as a nuaimhibh le Cumhachda Chrioſd *u*, Bithidh cuirp na mfireuna, le Spiorad Chrioſd agus trid Eifeachd Eiſerighſin mar a ngceann, air na nduſgadh, ann a gcumhachd, na ngcuirp Spioradoil, * Neamh-thruaillidh, Agus air na ndeanamh Coſmhuil re na

* *nach ſedir athruailleadh.*

t *Gniomh.* 24. 15. u 1 *Cor.* 15. 51, 52, 53. *d Teſſ.* 4. 15, 16, 17. *Eoin* 5. 28, 29.

na Chorp Ghlormhar san *w*, Agus bithidh Cuirp na Naingidhe air na nduſgadh ann a N'eaſonoir, leiſin mar Bhreitheamh air ndo Chuireadh Corruigh *x*.

w 1 *Cor.* 15. 21, 22, 23, 42, 43, 44. *Phil.* 3. 21. x *Eoin* 5. 27, 28, 29. *Matth.* 25. 33.

C. 88. *Creud a tharlas ar ball an diaigh na H'eiſereigh?*

F. Air ball a ndiaigh na H'eiſerigh, tarlaidgh, Breitheamhnus
|| gheneralt agus Dheirion- || *iomlan.*
nach Aingle agus Dhaoi-
nè *y*, ni nach fioſrach Duine air bith, air a la, no air uair, gcoinne gu ndeanadh na huile Dhaoine faire agus urnuigh, agus gumbiodh iad ullamh do ghna, fa Chomhthair, teachd an Tighearna *z*.

y 2 *Phead.* 2. 4. *Jude v.* 6, 7, 14, 15. *Maith.* 25. 56. z *Maith.* 24. 36, 42, 44. *Luc* 21. 35, 36.

C 89. *Creud do Nietar ris na Haingidhe a nla a Bhreitheamhnuis?*

F. Anla a Bhreitheamhnuis, Cuirfear na Haingidh air Laimh chli Chrioſd*a*, Agus an lorg Dearbhaidh ſoilleir, agus air bheith dhoibh air na nlan fhagbhail ris iona ngcoguiſibh fein *b*, Bithidh Breithuathbhaſach Achd Gidheadh Breith Cheart, Damnuigh, air na thabhairt, amach iona Naghaidh *c*, Agus na Lorg ſin, bithid air na

a *Maith.* 25. 33. b *Romh.* 2. 15, 16. c *Maith.* 25, 41, 42, 43.

na nteilgeadh amach o Lathair fhabhurach DHE, agus on Chomun ghlormhar sin re Crioſd, a naoimhibh, agus a Ainglibh naomhtha uile, gu Hifrionn, chum gu nbiodh dioghaltas air na dheanamh orra, le pianaibh Cuirp agus Anama nach fedfir a chur ageill, Maille ris an Diabhal agus Ainglibh, gu siorruidh *d*.

d *Luc* 16. 26. 2 *Tess.* 1. 8, 9.

C. 90. *Creud do niothar ris na Fireunaibh a nla a Bhreitheamhnuis?*

F. An n'la a Bhreitheamnais, air bheith do na fireunaibh air na Glacadh suas, a Dhionnsaidh Chrioſd ann sna neulaibh *e*, siudhthig hear iad air na laimh Dheis, agus air bheith dhoibh an sin air a naithnuighadh agus air a nlan-saoradh gu follus *f*, bithidh siad ag tabhairt Breith maille ris, air na Hainglibh agus na Daoinibh ris a ndo chuireadh cul *g*, agus air na ngabhail a Steach air neamh *h* far a mbi siad saor gu hiomlan agus a mfeasda, o uile pheacadh agus thruaighe *i*, Air na nlionadh le Haoibhneas, nach fedir a sinuaintuighadh *k*, Air na ndeanamh iomlan naomhtha agus sona, ann ngcorp sa Nanam araon, Ann a geomun na Naoimh, agus naomh-Aingil nach fedir Ai-

e 1 *dTess.* 4. 17. f *Maith.* 25. 33. *Maith.* 10. 32. g 1 *Cor.* 6. 2, 3. h *Maith.* 25. 34, 36. i *Eph.* 5. 27, *Foills.* 14. 13. k *Salm.* 16. 11.

Aireamh *l*, Achd gu harid, ann a bheith gu neamh-meadhonach, ag faicſin agus ag nealtuin DHE an Athar, agus ar Ttighearn Ioſa Crioſd, agus an Spioradh Naomh, gu siorruidh ſuthain *m*. Agus as e ſo an Ceomhchoman foirfe agus iomlan, a Mhealluidheas Buill na Heagluis Neamh-fhaicionnuigh, maille re Crioſd anna a nGloir nn ſan Eiſerigh agus a nla a Bhreitheamhnuis.

l *Eabhr.* 12. 22, 23. m 1 *Eoin* 3. 2. 1 *Cor.* 13. 12. 1 *dTeſſ:* 4: 17, 18.

Air fhaicſin Duin, Cred ata na Scriobtuireadh, gu harid ag teagaſg Dhuinn a Chreidſin mu DHIA, A ta a nios aguin re na thabhairt fadear, Creud ataid ag Jarriudh mar Dhleaſdanas an Duine.

C. 91. *Creud an Dleaſdanas, ata DIA ag Jarriudh air an Duine?*

F. As e an Dleaſdanas ata DIA ag Jarriudh air an Duine Umhlachd da Thoil fhoillighte *n*.

n *Romh.* 12. 1, 2. *Mica* 6. 8. 1 *Sam.* 15. 22.

C. 92. *Creud d'foillſigh DIA, ar Ttus don Duine Mar Riaghail a Umhlachd?*

F. Be:

F. Be Lagh na Modhanna an Riaghail Umhlachd d'foillsighe Dia do Adhamha a nstaid na Neimh-chiontais, agus don Chinneadh Daonna uile ann san, a thuilleadh air Aithne shunnraighte, gun ni ithe do mheas na Craoibh eolais mhaith agus uile *o*.

o *Gein.* 1. 26, 27. *Romh.* 2. 14, 15. *Romh.* 10. 5. *Gein* 2. 17.

C. 93. *Creud e Lagh na Modhanna?*

F. As e Lagh na Modhanna, Taisbeunadh Toile DHE don Chinneadh Daonna, ag stiubhradh agus ag Ceangal gach einneach re comhchosamhlachd agus Umhlachd, Iomlan agus Shior-bhuan, iona phearsa fein, Dho, ann a ngleus agus gne an Duine gu hiomlan edir Anam agus Chorp *p*, Agus ann a gcomhlionadh, uile dhleasdanais sin na Naomhthachd agus na Fireuntachd, a dhlidheas se do DHIA agus do Dhuine *q*, ag Gealladh Beatha, a nlorg a Chomhlionaidh, agus a Bagradh Bais a nlorg a Bhrisidh *z*.

p *Deuter.* 5. 1, 2, 3, 31, 32, 33. *Luc.* 10. 26, 27. *Gal.* 3. 10. 1 *Tessal.* 5. 23. q *Luc.* 1. 75. *Gniomh* 25. 16. z *Romh.* 10. 5. *Gal.* 3. 01. 12,*o*

C. 94. *An bhfuil fognamh air bith ann a nlaghna Modhanna, don Duine, O thuitim ar gceud sinnseara?*

F. Ge nachfeud Duine, air bith, o thuitim ar gceud sinnseara, ruigheachd air Fireutachd agus Beatha, trid Lagh na Modhan-

hannuidh *s*, Gidheadh as mor, Fhoghnamh, do na huile Dhaoinibh a geumantae, agus fhognamh sunnraighte, araon do na Daoinibh nach bhfuil air a naithghineamhain, agus do na Daoinibh ata air a naithghineamhuin *t*.

s *Romh.* 8. 3. *Gal.* 2. 16. t 1 *Tim.* 1. 8.

C. 95. *Creud e fognamh Lagh na Modhannuidh, do na huile Dhaoinibh?*

F. Ata fognamh ann a nLagh na Modhanuidh do na huile Dhaoinibh, chum fios a thabhairt doibh air Nadur agus Toill Naomhtha DHE *u*, air an Dleasdanas, ag cur Ceangal orra re Gluasachd da reir *w*, Chum a mfagbhail ris ionta fein ma Miodhchomas air a Choimhed, agus mu Shalachar pheacach a Naduir, a ngeroidhthe, agus a mbeathaidh *x*, chum a'Nirisluighadh trid Mothughadh a mpeacaidhe agus a ntruaighe *y*, agus da thaoibh so, chum a ngeuiduighadh gu sealladh ni as soilleire, air a' Nfheum ata aca air Chriosd *z*, agus air iomlaine Umhlachdsan *a*.

u *Lebh.* 11. 44, 45. *Lebh.* 20. 7, 8. *Romh.* 7. 12. w *Mica* 6. 8. *Sheum.* 2. 10, 11. x *Salm* 19. 11, 12. *Romh.* 3. 20. *Romh.* 7. 7. y *Romh.* 3. 9, 23. z *Gal.* 3. 21, 22. a *Romh.* 10. 4.

C. 96. *Creud an bhfoghnamh Junnraighte ata a nlagh na Modhannuidh do na Daoinibh nach bhfuil, air a Naithghineamhuin?*

Ata

F. Ata foghnamh ann a nlagh na Modhannuidh, do na Daoinibh nach bhfuil air a Naithghineamhuin, Chum a ngcoguiſe dc Dhuſgadh, gu teitheamh on fheirg re teachd *b*, agus chum a Niomain gu Crioſd *c* no ma bhuanuigheas ſiad ann a ſtaid agus ſlighe an Pheacaidh, a mfagbhail gun leithſgeul *d* agus faoi a Mhallughadh *e*,

b 1 *Tim.* 1. 9, 10. c *Gal.* 3. 24. d *Romh* I. 20. air Choimeas re *Romh.* 2. 15. e *Gal* 3. 10.

C. 97. *Creud an foghnamh ſunnraighte ata ann a nlagh na Modhannuidgh, do na Daoinibh ata air a Naithghineamhuin?*

F. Ge gu bhfuil na Daoine ata air a naithghineamhuin, agus ata ag Creidſin a Gcrioſd, air na n Saoradh o Lagh na Modhannuidh, mar as Coimhcheangal Oibrighe *f*, Air chor as da thaoibh naoh bhfuil ſiad air na mfireunughadh *g*, no air na fagbhai faoi bhine *h*, Gidheadh a thuilleadh ar gael foghnamh generalt ata ann, a bhuinea dhoibhſan, mar do Dhaoinibh eile, ata foghnamh ſunnraighte ann, a Thaiſbeunadl dhoibh mead an Chomain do Chiur Crioſd orra, air ſon a Choimhlionadh agus a Mhallughadh ſhulann iona Naite, agus chun a Maith *i*, Agus thrid ſo a mbroſnughadh gi tuil

f *Romh.* 6. 14. & 7. 4, 6. *Gal.* 4. 4, 5 g *Romh.* 3. 20. h *Gal.* 5. 23. *Romh.* 8. 1 i *Romh.* 7. 24, 25. *Gal.* 3. 13, 14. *Romh* 8. 3, 4.

uilleadh buidheachais *k*, agus sin a Chur a gceill, le a ntuilleadh Curam air iad fein a Chumadh ris, mar Riaghail a Numhachd *l*.

k *Luc.* 1. 68, 69, 74, 75. *Col.* 1. 12, 13, 14. l *Romh.* 7. 22. & 12. 2. *Tit.* 2. 11. gu nuig 14.

C. 98. *Caite a bhfuil Lagh na Modhannuidh air na chur sios gu haithghearr Jomlan?*

F. Ata Lagh na Modhannuidh air na chur sios gu haithghearr Jomlan, ann sna Deich Aitheantaibh, a thughadh seachad le guth DHE air Sliabh Sinai, agus a Scriobhadh leis, air da chlar cloiche *m*, agus ataid air na ngeur sios ann sa nfhicheadadh Caibidil o leabhar Exodus (no na Himric) Ar dleasdanas do DHIA air a chur sios ann sna Deitheir aitheanteibh is tosaighe, agus ar Dleasdanas do Dhuine ann sna se Aitheantaibh eile *n*.

m *Deuter.* 10. 4. *Exod.* 34. 1, 2, 3, 4. n *Maith.* 22. 37, gu nuig 40.

C. 99. *Creud na Riaghaile ata re na ntabairt fa dear chum na Deich Aitheanta a thusin gu Ceart.*

F. Chum gu n'tuigte na Deich Aitheanta gu ceart, ataid na Riaghaile so re na ntabairt fa dear Eadhon.

I. Gu bhfuil an Lagh Jomlan, agus ag teangal gach einneach gu lan comhchomhlachd ann san Duine gu hiomlan re a thireuntachd, agus gu h'umhlachd iomlan

do a chaoich, Air chor as gu bhfuil se aS Jarruidh, an't hoirfeachd is airde ann sgach uile Dhleasdanas, Agus ag toirmeasg an cheum is lugha do gach einpheacadh *o*.

o *Salm.* 19. 7. *Sheum.* 2. 10. *Maith.* 5. 21. ga dheiridh.

II. Gu bhfuil se spioradoil, agus mar sin a ruighteachd na tuigse, na Toile, na Mianna, agus uile chumhachdaibhe eile * *Ionan* a nanama * comh-mhaith is ai Braithra, oibrighe, agus Jomchara *p*

p *Romh.* 7. 14. *Deuter* 6. 5. air choimeas re *Maith.* 22. 37, 38, 39. *Maith* 5. 21 22, 27, 28, 36. ga dheiridh.

III. Gu bhfuil an einni Ceudna, ani seadh eagsamhuil air na Jarruidh, no air ai Thoirmeasg, ann a ntuilleadh Aitheantaibh sa h'aon *q*.

q *Col.* 3. 5. *Amos* 8. 3. *Seanraite* 1. 1 1 *Tim.* 6. 10.

IV. Amhuil as far a bhfuil Dleasdanas ai na Aithneadh, gu bhfuil an bpeacadh at na aghaidh, air na Thoirmeasg *r*; Agus fa a bhfuil Peacadh air na Thoirmeasg, g bhfuil an dleasdanas ata na Aghaidh, air r Aithneadh *s*: Mar sin far a bhfuil G alladh air na Cheangal re h'Aithne, a

r *Isa.* 58. 13. *Deut.* 6. 13. air choimeas *Maith.* 4. 9, 10. *Maith.* 15. 4, 5, 6. *Maith.* 21, gu nuig 25. *Eph.* 4. 28.

ta an Bagradh ata na * aghaidh, fillte, ann *t*, Agus far a bhfuil Bagradh air na Cheangal re Aithne, ta an Geallamh ata na aghaidh, fillte ann *u*.

* *contrardhadho fa chomhair.*

t *Exod.* 20. 12. le *Seanraite* 30. 17. u *Jer.* 18. 7, 8. *Exod.* 20. 7. air chomeas re *Salm.* 15. 1, 4, 5. & *Salm* 24. 4, 5.

V. A ni ata DIA ag toirmeaſg ni ngcoir a Dheanamh, Uair air bhith *w*, A Ni ata ſe ag Aithneadh, as e air Dleaſdanas do ghnath e *x*, Agus Gidheádh ni ncoir gach ein dleaſdanas a dheanamh gach ein Uair *y*.

w *Job* 13. 7, 8. *Romh.* 3. 8. *Job* 36. 21. *Eabhr.* 11. 25. x *Deut.* 4. 8, 9. y *Maith.* 12. 7.

VI. Faoi einpheacadh no eindleaſdanas, ata na huile pheacaidhe no dhleaſdanais don tſeorſa ſin, air na ntoirmeaſg no air na larruidh maille re a nuile Adhbharaibh mheadhoinibh, Chinfath, choſamhlachdaibh, agus gach uile bhroſnuhadh chuca *z*.

z *Maith.* 5. 21, 22, 27, 28. *Maith.* 15. 4, 5, 6. *Eabhr.* 10. 24, 25. 1 *d Teſſ.* 5. 22. *Jude* v. 23. *Gal.* 5. 26. *Col.* 3. 21.

VII. A ni ata air na thoirmeaſg no air AithneadhDhuinn fein, gu bhfuil a dhfhiachaibh oruinn, ar nDithchioll, do reir ar Ninmhe chum e bheith air na Sheachnadh, no air na Choimhlionadh le Daoinibh eile, do reir Dleaſdanas a Ninmhe *a*. VIII.

a *Exod.* 20. 10. *Lebh.* 19. 17. *Gein.* 18. 19. *Joſh.* 24. 15. *Deut.* 6. 6, 7.

VIII. Ann san ni ata air na Aithneadh do Dhaoinibh eile, ata a d' fhiachaibh oruinn, do reir air Ninmhe agus ar nGairm, Congnamh a dheanamh leo *b*, Agus aire thabhairt nach bi Comun aguin re Daoinibh eile, an san Ni ata air na thoirmeasg dhoibh *c*.

b 2 *Cor.* 1. 24. c 1 *Tim.* 5. 22. *Eph.* 5. 11.

C. 100. *Creud iad na Neithe Sunnraighte, ata aguinn re thabhairt fadear, ann sna Deich Aitheantaibh ?*

F. Ata aguinn re a thabhairt fadear ann sna Deich Aitheantaibh, an Romh-raidh, Briogh na Naitheanta fein, agus na Riasuine cagsamhuil ata Ceangailte re Cuid Dhiobh, chum a nteannadh oruinn ni as mo.

C. 101. *Creud is Romh-raite do na Deich Aitheantaibh ?*

F. Ata Romh-raite do na Deich Aitheanta, air a chur sios ann sna Briathraibse [As mise an Tighearna do DHIA a thug thusa Amach as talamh na *Heghiphte*, as Tigh na Daoirse *d*. Ann a bhfuil DIA ag soillsuighadh, Ardthighearnas, mar a nti as e Jehovah, an DIA bioth-bhuan, neamh-chlaochladhach, agus Uile Chumhachdach *e*, aige a bhfuil, a Bhith ann fein agus Uaidhe fein *f*, agus ag tabhairt bith, da uile Bhriathraibh

d *Exod.* 20. 2. e *Isa.* 44. 6. f *Exod.* 3. 14.

raibh *g*, agus Oibrighibh *h*, agus gur DIA ann a Comhcheangal e, mar re *Iſrael* o ſhean, As amhluidh re na Phobul uile *i*, Neach mar thug ſe iad as a mbruid ſan *Eighipte*, as Amhuil, ata ſe gar ſuaſgladh o ar * bruid Spioradoil *k*, agus Uime ſin gu bhfuil a dhfiachaibh oruinn, Eſin Amhain a ghabhail mar ar nDIA, agus a uile Aitheantaſan do Choimhead *l*.

* *daoirſe traileoileachd.*

g *Exod:* 6: 3. h *Gniomh* 17: 24, 28. i *Gein:* 17: 7. le *Romh:* 3: 39. k *Luc* 1: 74, 75. l 1 *Phead:* 1: 15, 16, 17, 18. *Lebh:* 18: 30. & 19: 37.

C. 102. *Creud is Suim do na ceithir Aitheanta iona bhfuil ar Dleaſdanas do DHIA, air na chur ſios?*

F. As e Suim na nceithir Aitheanta, iona bhfuil ar Dleaſdanas do DHIA, air na chur ſios, An Tighearha ar DIA a ghradhughadh, le ar nuile Chroidhe, agus le ar nuile Anam, le ar nuile Neart, agus le ar nuile Inntinn *m*.

m *Luc* 10. 27.

C. 103. *Creud i an Cheud Aithne?*

F. As i an Cheud Aithne, [Na biodh Dee eile air bith agad am fhiagnuile *n*.]

n *Exod.* 20. 3.

C. 104. *Creud iad na Dleaſdanais ata air in Jarruidh ſan Cheud Aithne?*

F. As iad na Dleaſdanais ata air na nJarrudh ann ſan cheud Aithne, Aithniughadh agus Admhail, gur e DIA amhain, an fior

DHIA agus ar Diaine *o*, agus Adhradh agus Gloir a thabhairt do, da reir sin *p*, le bheith ag Smuaintiughadh *q*, agus a Beachdughadh air *r*, ga Chuimhniughadh *s*, mormheas a bheith aguin air *t*, ga Onorughadh *u*, geill agus Urram a thabhairt do *w*, ga Raoghnughadh *x*, ga ghradhughadh *y*, ga mhiannughadh *z*, eagallan do bheith oruinn *a*, bheith ag Creidsin ann *b*, ag Earbsa as *c*, ag cur Dochais ann *d*, ag gabhail tlachd dheth *e*, ag deanamh Gairdeachas ann *f*, bheith Eudmhur air a shon *g*, ag Gairm air, ag tabhairt gach uile Mholadh agus Bhuidheachas *h*, agus ag tiobhradh gach uile Umhlachd agus Striocadh dho, leis an Duine gu hiomlan *i*, le bheith Curamach air a thoilluighadh ann sna huile Neithibh *k*, agus saoi Dhoilghios, an tan a mhiodh-thoiligheur e ann a ni'air bith *l*, agus le bheith ag Gluasachd gu H'irioſol leis *m*.

o 1 *Chron.* 28. 9. *Deut.* 26. 17. *Isa:* 43: 10 *Jer:* 14: 22. p *Salm* 95: 6, 7. *Maith:* 4: 10 *Salm* 29: 2. q *Mal:* 3: 16. r *Salm* 63: 6 s *Sheum:* 12: 1. t *Salm* 71: 19. u *Mal:* 1: 6 w *Isa:* 45: 23. x *Josh:* 24: 15, 22. y *Deut* 6: 5. z *Salm* 73: 25. a *Isa:* 8: 13. b *Exod* 14: 31. c *Isa:* 26: 4. d *Salm* 130: 7. e *Salm* 37: 4. f *Salm* 32: 11. g *Romh:* 12: 11. air choimeas re *Uibhir:* 25: 11. h *Phil:* 4: 6. i *Jer* 7. 23. *Sheum.* 4. 7. k 1 *Eoin* 3: 22. l *Jer.* 31 18. *Salm* 119: 136. m *Mica* 6: 8.

C. 105. *Creud iad na Peacaidhe ata air an ntoirmeasg san cheud Aithne?*

